Institiúid Oideachais Marino

Teideal:

# Iniúchadh ar dhearcthaí múinteoirí i scoil lán-Ghaeilge ar fhorbairt na luathscríbhneoireachta agus na scríbhneoireachta chruthaithí i ranganna naíonán

Tráchtas le Niamh Ní Ainifidh

Stiúrthóir: Dr. Claire Dunne

Tráchtas arna chur isteach mar pháirt-chomhlíonadh de riachtanais chéim Mháistreachta san Oideachas (Oideachas na Luath-Óige).

Dáta: 1/06/21

## Deimhniú

Deimhním gurb ionann an t-ábhar a leagaim isteach chun críocha measúnaithe ar an gclár, measúnú a mbronnfar cáilíocht Máistreacht san Oideachas Luath-Óige mar thoradh air, gurb ionann an t-ábhar sin agus mo shaothar féin amháin agus nár tógadh aon chuid de ó shaothar daoine eile, cé is moite den ábhar a ndearnadh tagairt dó agus ar tugadh aitheantas dó laistigh den téacs atá sa saothar seo. Deimhním chomh maith nár leagadh an tráchtas seo isteach chun céim san Institiúid seo na in aon Institiúid nó Ollscoil eile nó cuid de chéim a bhaint amach. Aontaím gur féidir le Leabharlann Institiúid Oideachais Marino an tráchtas a thabhairt amach ar iasacht nó a chóipeáil, cruachóip nó bogchóip de, de réir mar a iarrtar é.

Ainm: Niamh Ní Ainifidh

Dáta: 1/06/21

## Nóta Buíochais

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an Dr. Claire Dunne as an tacaíocht, an treoir agus an spreagadh a thug sí dom le linn mo chuid taighde. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil leis an Dr. Joan Kiely agus an fhoireann léachtóireachta ar fad ar an gcúrsa Máistreachta in Oideachais na Luath-Óige. Bhí an t-ádh dearg orm páirt a ghlacadh sa chúrsa agus bhain mé an-sult go deo as. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Dr. Rory McDaid as a chomhairle.

Táim fíor-bhuíoch go deo as na múinteoirí díograiseacha agus feasacha a bhí toilteanach páirt a ghlacadh sa taighde seo. Bhain mé an-taitneamh as na hagallaimh a dhéanamh leo agus d’fhoghlaim mé an-chuid uathu.

Buíochas mór le mo chomhghleacaithe agus chairde as a gcuid tacaíochta agus spreagadh. Ní fhéadfainn an tráchtas seo a chur i gcrích gan mo chrann taca a bhí thar a bheith foighneach agus spreagúil, agus buíochas mór le mo chlann ar fad. Tiomnaím an saothar seo do mo nia agus neachtanna, an chéad ghlúin eile de Ghaeilgeoirí sa chlann.

**Clár na n-ábhar**

Achoimre ......6
Figiúirí agus táblaí ......7
Gluais agus Giorrúcháin ......8
Caibidil a 1. Réamhrá ......10
Réasúnaíocht an Taighde ......10
Comhthéacs an Taighde ......11
Seasmhacht an Taighdeora ......13
Na Ceisteanna Taighde ......13
Struchtúr an Tráchtais ......15
Caibidil a 2. Athbhreithniú litríochta ......16
An Tumoideachas agus Forbairt na Litearthachta ......17
Múineadh na Gaeilge agus Forbairt na Litearthachta ......18
Cad is Litearthacht ann? ......22
Ullmhacht chun Léitheoireachta agus Ullmhacht chun Scríbhneoireachta ......26
Forbairt na Scríbhneoireachta ......28
An Litearthacht Éiritheach ......29
An Scríbhneoireacht Éiritheach ......31
An Scríbhneoireacht Chruthaitheach agus Straitéisí Oideolaíochta ......37
Conclúid ......41
Caibidil a 3. An Mhodheolaíocht ......43
Na Paraidímí Fealsúnachta ......43
Dearadh an Taighde ......44
Cur Chuige Cáilíochtúil ......46
Earcú Rannpháirtithe ......46
Cúram Eitice ......49
An Uirlis Taighde ......50
Céimeanna sa Taighde ......54
Anailís Sonraí ......56
Iontaofacht an Staidéir ......58
Conclúid ......62
Caibidil a 4. Torthaí agus Anailís ......63
Anailís Sonraí ......64
Ról an Mhúinteora ......65
Modheolaíochtaí agus Cleachtais Scríbhneoireachta ......71
Dearcadh i leith Fhorbairt na Luathscríbhneoireachta ......79

An luathscríbhneoireacht i scoil lán-Ghaeilge ....................................................86
Conclúid ........................................................................................................93
Caibidil a 5. Conclúid ..........................................................................................95
Achoimre ar na torthaí ..........................................................................................95
Moltaí ............................................................................................................99
Liosta Tagairtí ...................................................................................................103
Aguisín A Litir eolais ...........................................................................................127
Aguisín B Foirm thoiliú feasach- Agallamh .........................................................130
Aguisín C Ceisteanna samplacha do na hagallaimh ..............................................131
Aguisín D Cód tosaigh ..........................................................................................137
Aguisín E Samplaí den chódáil ............................................................................138

## Achoimre

Tá an-thionchar ag dearcthaí múinteoirí ar fhorbairt na scríbhneoireachta ar na cleachtais agus modhanna oideolaíochta a bhíonn i bhfeidhm acu (Bingham & Hall-Kenyon, 2013; Gerde et al., 2019). Tá an-thionchar freisin ag timpeallachtaí foghlama ar fhorbairt scileanna litearthachta (Justice & Pullen, 2003). Trí chur chuige cáilíochtúil agus agallaimh leathstruchtúrtha, rinneadh iniúchadh sa taighde seo ar dhearcthaí múinteoirí ranganna shóisearacha i scoileanna lán-Ghaeilge ar fhorbairt na luathscríbhneoireachta agus ar na cleachtais a bhíonn i bhfeidhm acu chun scríbhneoireacht chruthaitheach i dteanga mhionlaigh a chothú. Rinneadh fiosrú freisin ar an tionchar atá ag an gcomhthéacs sochtheangólaíocht ar chleachtais na scríbhneoireachta chruthaithí sna ranganna shóisearacha. Cuireadh 11 oideachasóirí faoi agallamh. Rinneadh anailís ar shonraí na n-agallamh trí anailís théamach Braun agus Clarke (2012). Tugadh faoi deara ó thorthaí na n-agallamh go bhfuil béim curtha ar mhúineadh theanga ó bhéal na Gaeilge, agus ní chuirtear an bhéim chéanna ar an scríbhneoireacht ná an scríbhneoireacht chruthaitheach. Léiríodh go bhfuil tionchar ag an suíomh tumoideachais ar na cleachtais scríbhneoireachta cruthaithí sna ranganna naíonán. Tugadh faoi deara go raibh cleachtais na múinteoirí dírithe ar fhorbairt scileanna fisiciúla na scríbhneoireachta den chuid is mó.

*Eochairfhocail: An luathscríbhneoireacht, an scríbhneoireacht éiritheach, an tumoideachas, dátheangachas, délitearthacht, scríbhneoireacht chruthaitheach*

## Figiúirí agus táblaí

Figiúr 1. Stages of emergent writing (Byington & Kim, 2017)………………...35

Figiúr 2. Dearcthaí ar ról an mhúinteora a aithníodh ó thorthaí na n-agallamh...69

Figiúr 3. Deiseanna scríbhneoireachta a aithníodh ó thorthaí na n-agallamh…...76

Figiúr 4. Cleachtais scríbhneoireachta atá ag teacht leis an litearthacht éiritheach….. 82

Tábla 1. Cur síos ar na rannpháirtithe……………………………………….48

Tábla 2. Céimeanna an taighde………………………………………………...55

Tábla 3. Cur síos ar an anailís téamach (Braun & Clarke, 2012)………………56

Tábla 4. Téamaí agus fo-théamaí an taighde……………………..….. …….57

## Gluais agus Giorrúcháin

An cur chuige ullmhacht chun léitheoireachta……….*Reading readiness approach*

An litearthacht éiritheach…………………………….….*Emergent literacy*

Buninniúlacht choiteann…………………….....………*Underlying language proficiency*

Cistí eolais………………………………………...*Funds of knowledge*

Dátheangachas suimitheach…………………………*Additive bilingualism*

Eolas choincheapúil…………………………………*Conceptual knowledge*

Eolas ghiniúnach……………………………………*Generative knowledge*

Eolas nós imeachta…………………………………..*Procedural knowledge*

Luath-thumadh aonteangach…………………......*Monolingual early immersion*

Luath-thumadh dátheangach………………………..*Dual-language immersion*

Múnla féin-riartha……………………………......*Autonomous model*

Múnla idé-eolaíoch…………………………………*Ideological model*

Paraidím léirmhínitheach…………………………..*Interpretive paradigm*

Paraidím posaitíbheachas…………………………..*Positivist paradigm*

Sampláil bhreisítheach……………………………..*Non-probability snowball sampling*

| | |
|---|---|
| COGG | An Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta |
| CNCM | An Chomhairle Curaclaim agus Measúnachta |
| CTB | Curaclam Teanga na Bunscoile |
| DEIS | Delivering Equality of Opportunity in Schools |
| NELP | National Early Literacy Panel |
| OSIE | Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta |

| | |
|---|---|
| ROS | An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| SFGM | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí |
| SLG | Scoil lán-Ghaeilge |
| SNSO | An tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais |

# Caibidil a 1. Réamhrá

Sa chaibidil seo, déantar cur síos ar an réasúnaíocht atá mar bhunús don taighde. Tugtar léargas ar an gcomhthéacs ina bhfuil an taighde seo bunaithe agus ar sheasmhacht an taighdeora. Ina dhiaidh sin, pléitear na ceisteanna taighde a threoraigh an staidéar, agus ar deireadh, mínítear leagan amach an tráchtais.

## Réasúnaíocht an Taighde

Is mór an bhéim a chuirtear ar scileanna litearthachta sa chóras oideachais (ROS, 2019; Kennedy et al., 2012; ROS, 2011), agus déantar forbairt ar scileanna litearthachta thar fhad saoil an duine (Alexander, 2005). Sonraítear gur bunchloch iad scileanna luath-litearthachta i ndul chun cinn an dalta scoile (NELP, 2008; CNCM, 2009). De réir an Roinn Oideachais agus Scileanna sa *Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga* (ROS, 2011), cuireann eispéiris foghlama agus cleachtais dearfacha na litearthachta go mór le forbairt agus foghlaim scileanna litearthachta páistí óga.

Is scileanna litearthachta an Bhéarla is mó a bhíonn i gceist uaireanta nuair a labhraítear faoin litearthacht sa chóras oideachais (Ní Chlochasaigh et al., 2020). Ach, foghlaimítear scileanna litearthachta i suíomhanna éagsúla in Éirinn, i scoileanna lán-Béarla, scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta. Is taighde é seo atá bunaithe ar mhúineadh scileanna na scríbhneoireachta i scoileanna lán-Ghaeilge, áit ina bhforbraítear teanga labhartha agus scríofa na Gaeilge.

De réir Hickey agus Stenson (2016), tá ról riachtanach ag teagasc agus forbairt scileanna na litearthachta i gcaomhnú mionteanga. Ach, is beag taighde atá ann a dhéanann fiosrú ar fhorbairt scileanna na dé-litearthachta agus scileanna litearthachta teanga mhionlaigh (Hickey & Stenson, 2011; Reyes, 2006). Chomh

maith leis sin, is beag ár n-eolas ar na cleachtais atá i bhfeidhm i ranganna naíonán i scoileanna lán-Ghaeilge (SLG) le tacú le páistí agus iad i mbun scríbhneoireachta fiúntach ina dteanga bhreise.

Tá fianaise ann go gcuirtear níos mó béime ar mhúineadh teanga labhartha na Gaeilge ná léitheoireacht agus scríbhneoireacht, agus déantar an teanga scríofa a imeallú (Hickey & Stenson, 2016; Stenson & Hickey, 2014). Anois, agus teacht isteach Curaclam Teanga na Bunscoile (ROS, 2019), an bhéim atá á chur ar chomhtháthú scileanna litearthachta, agus ar na hathruithe atá tagtha ar mhodheolaíochtaí litearthachta, tá deis athmhachnamh a dhéanamh ar na scileanna litearthachta a chuirtear chun cinn, agus ar an ord agus an chaoi ina múintear iad.

Tá tuiscint níos fearr ann anois ná mar a bhí ar conas a bhforbraíonn páistí óga scileanna scríbhneoireachta, agus is fiú machnamh a dhéanamh ar ról an mhúinteora san fhorbairt seo. Is mór an tionchar a bhíonn ag dearcthaí múinteoirí ar fhorbairt na luath-scríbhneoireachta ar na modheolaíochtaí a chuirtear i bhfeidhm agus na deiseanna scríbhneoireachta a bhíonn ann do pháistí ar scoil (Bingham & Hall-Kenyon, 2013; Gerde et al., 2019; Yigit, 2018). Ina theannta sin, bíonn tionchar ag timpeallachtaí foghlamtha ar chleachtais scríbhneoireachta (Justice & Pullen, 2003). Mar sin, is aidhm an taighde seo ná chun fiosrú a dhéanamh ar dhearcthaí múinteoirí atá ag obair i SLG maidir le forbairt na scríbhneoireachta, agus imscrúdú a dhéanamh ar an gcur chuige a mbaintear úsáid as.

**Comhthéacs an Taighde**

Is taighde é seo atá dírithe ar mhúinteoirí agus ar bhaill eile den phobal scoile a bhíonn ag plé leis na ranganna naíonán i SLG atá lonnaithe i gceantair uirbeacha i mBaile Átha Cliath. Is suíomhanna scoile iad ina bhfuil an luath-

thumoideachas i bhfeidhm, agus tumtar páistí sa Ghaeilge ar feadh tréimhse ama óna gcéad lá ar scoil, go dtí pointe éigin idir i ndiaidh na Nollag i naíonáin shóisearacha agus rang a haon. Go hiondúil, ní hí an Ghaeilge céad teanga na bpáistí a fhreastlaíonn ar SLG.

De réir sonraí ón daonáireamh (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017), tá os cionn milliúin go leith daoine sa tír in ann Gaeilge a labhairt. Labhraíonn 558,608 daoine an Ghaeilge go laethúil taobh istigh den chóras oideachais, agus 77,803 taobh amuigh den chóras oideachais (POS, 2017). Sa scoilbhliain 2018/19, bhí 160 naíonra agus 150 SLG taobh amuigh den Ghaeltacht, agus bhí stádas DEIS ag 29% de SLG agus scoileanna Gaeltachta sna blianta 2018/19 (Gaeloideachas, 2019). Is cosúil go raibh an-éileamh ar réamh-scolaíocht trí mheán na Gaeilge toisc go raibh liostaí feithimh ag 64% de naíonraí sa scoilbhliain 2018/19 (Gaeloideachas, 2019). In ainneoin na sonraí a thugann le fios an méid daoine atá in ann Gaeilge a labhairt agus an t-éileamh atá ar oideachas trí mheán na Gaeilge, dar le hÓ Duibhir (2009), is beag deis a bhíonn ag daltaí SLG Gaeilge a chloisteáil taobh amuigh de bhallaí na scoile. Molann Hickey agus Stenson (2016), scileanna litearthachta na Gaeilge a chur chun cinn le go mbeidh níos mó teagmhála ag páistí leis an teanga taobh amuigh den scoil.

Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide agus oibre SLG. Is baill foirne ar fad a bhí páirteach sa taighde, idir múinteoirí ranga phríomhshrutha, príomhoide agus múinteoir oideachais speisialta, agus ba mheascán idir chainteoirí dhúchais agus cainteoirí le Gaeilge mar a dteanga breise a bhí iontu. Bhí taithí acu ar fad ar ranganna naíonán a mhúineadh, agus bhí réimse de idir trí bliana agus fiche bliana de thaithí teagaisc acu.

**Seasmhacht an Taighdeora**

Is múinteoir rang na naíonáin shóisearaigh mé i SLG faoi láthair agus tá an luath-thumoideachas iomlán i bhfeidhm againn. Tá ocht mbliana caite agam ag múineadh i SLG agus tá an-spéis agam sa Ghaeilge agus i gcúrsaí litearthachta na Gaeilge. Tá spéis faoi leith agam san luath-litearthacht agus san scríbhneoireacht éiritheach, agus ar na straitéisí foghlama atá ann chun scileanna scríbhneoireachta an pháiste óig ina dteanga breise a fhorbairt. Bíonn an cur chuige foghlaim trí shúgradh agus creathchuraclam *Aistear* (CNCM, 2009) i bhfeidhm agam le torthaí foghlama agus spriocanna Curaclam Teanga na Bunscoile (ROS, 2019) a bhaint amach.

Tá eolas maith agam ar an gcomhthéacs ina bhfuil an taighde seo bunaithe agus tá taithí agam ar mhúineadh na scríbhneoireachta sna ranganna shóisearacha. Chaith mé tréimhse mar mhúinteoir oideachais speisialta ag tacú le páistí sna ranganna shóisearacha agus shinsearacha agus iad ag tabhairt faoin scríbhneoireacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Mar sin, tá eolas agam ar chuid de na dúshláin atá ann i SLG scríbhneoireacht na Gaeilge a chothú. Is taighdeoir 'cos istigh' mé sa taighde seo agus tá aithne phearsanta agam ar chuid de na rannpháirtithe. Rinneadh gach iarracht a bheith neamhchlaonta le linn an taighde agus dearcthaí na rannpháirtithe a chur chun cinn.

**Na Ceisteanna Taighde**

Deirtear go bhfuil easpa thaighde ar thuiscintí mhúinteoirí agus oidí na luath-óige ar scileanna agus modheolaíochtaí na luath-litearthachta (Piasta et al., 2020). Cé go roinntear an litearthacht ina dtrí shnáithe, teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht sa chóras oideachais, is minic a chuirtear béim as cuimse ar mhúineadh theanga ó bhéal agus léitheoireacht na Gaeilge (Hickey & Stenson,

2016; Stenson & Hickey, 2014). De réir Greaney (1978), níor cuireadh béim ar scríbhneoireacht na Gaeilge sna curaclaim agus bhí impleachtaí aige seo ar leibhéil gnóthachtálacha Gaeilge na ndaltaí.

Is iomaí taighde atá ann ar fhorbairt agus sealbhú scileanna léitheoireachta, ach faraor, sonraítear go bhfuil níos lú taighde ar fhorbairt scileanna scríbhneoireachta san luath-óige (Bingham et al., 2017; Rowe & Neitzel, 2010; Whitehurst & Lonigan, 1998). Le tamall anuas, tá athruithe tagtha ar dhearcthaí maidir le forbairt agus múineadh na scríbhneoireachta. Sonraítear gur chóir béim a chur ar chleachtais scríbhneoireachta le brí a léiriú agus cumarsáid a dhéanamh (Kennedy et al. 2012; ROS, 2019), seachas mar chleachtais foirmiú litreacha agus cleachtadh na aibítre amháin (Bodrova & Leong, 2006).

Aithnítear go bhfuil an-thionchar ag suíomhanna agus na modhanna oideolaíochta a bhíonn i bhfeidhm ar dhul chun cinn scileanna litearthachta an pháiste óig (Justice & Pullen, 2003; NAEYC, 2009). Ina theannta sin, ó theacht isteach *Aistear* (CNCM, 2009), agus Curaclam Teanga na Bunscoile (ROS, 2019), is iomaí athrú a tháinig ar mhodheolaíochtaí sna ranganna shóisearacha sna bunscoileanna agus ar mhodheolaíochtaí do mhúineadh na litearthachta ach go háirithe. Mar sin, roghnaíodh an cheist taighde seo a leanas leis an staidéar a threorú:

Céard iad dearcthaí múinteoirí scoileanna lán-Ghaeilge ar fhorbairt luath-scríbhneoireacht an pháiste óig agus céard iad na cleachtais atá i bhfeidhm acu chun scríbhneoireacht chruthaitheach i dteanga mhionlaigh a chothú?

Is iad seo a leanas na focheisteanna atá laistigh den phríomhcheist taighde:

- Céard iad dearcthaí múinteoirí ar a róil i dtacú le páistí atá i mbun forbairt na luathscríbhneoireachta i dteanga mhionlaigh?

- Cé na modhanna oideolaíochta a bhíonn in úsáid ag múinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge chun luathscríbhneoireacht agus scríbhneoireacht chruthaitheach an pháiste óig a fhorbairt i dteanga mhionlaigh?
- An léiríonn modhanna oideolaíochta, dearcthaí múinteoirí agus cleachtais scríbhneoireachta luí ar an gcur chuige don litearthacht éiritheach?
- Cén tionchar atá ag an gcomhthéacs sochtheangólaíocht ar an luath-scríbhneoireacht agus an scríbhneoireacht chruthaitheach a chothú sa Ghaeilge?

**Struchtúr an Tráchtais**

Roinntear an tráchtas ina cúig chaibidil. Cuireann an chéad chaibidil tús leis an tráchtas trí réasúnaíocht, comhthéacs agus seasmhacht an taighdeora an taighde a phlé, agus trí léargas a thabhairt ar na ceisteanna taighde.

I gcaibidil a dó, déantar plé ar an taighde ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann leis an taighde seo, agus déantar cur síos agus iniúchadh ar na bun-theoiricí agus cur chuigí molta na litearthachta agus scríbhneoireachta.

Is i gcaibidil a trí a phléitear an mhodheolaíocht, an pharaidím fealsúnachta ina bhfuil an taighde seo suite, agus an cur chuige a roghnaíodh le sonraí a bhailiú. Déantar cur síos ar an uirlis taighde, ar bhailiúcháin na sonraí, próiseas na hanailíse sonraí, agus an modh códála a d’úsáideadh.

I gcaibidil a ceathair, cuirtear torthaí an taighde i láthair de réir na téamaí a aithníodh ó na sonraí, trí úsáid a bhaint as ráiteas athfhriotail ó rannpháirtithe agus figiúir. Déantar anailís ar thorthaí an taighde agus déantar nasc idir na torthaí agus an taighde ábhartha a bhaineann leis an topaic.

I gcaibidil a sé, tugtar léargas ar na príomh-thorthaí atá ag teacht leis na ceisteanna taighde agus tugtar moltaí do chleachtais.

## Caibidil a 2. Athbhreithniú litríochta

Tá sé mar aidhm ag an *Straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010-2030* (Rialtas na hÉireann, 2010), an Ghaeilge a chur chun cinn sa chóras oideachais agus sa tsochaí i gcoitinne, agus líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais a mhéadú faoi thrí ó 83,000 go 250,000. Aidhm eile atá ag an straitéis ná, "Cuirfidh an curaclam ar chumais na ndaltaí an Ghaeilge a labhairt agus a scríobh go cruinn". (Rialtas na hÉireann, 2010, lch. 4). Tuairiscítear go gcuireann foghlaim agus tuiscint na Gaeilge go mór le feasacht agus féiniúlacht chultúrtha na hÉireann (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2019). Tá ról lárnach ag scoileanna, curaclam na bunscoile agus na modheolaíochtaí a chuirtear i bhfeidhm chun an Ghaeilge a chur ar aghaidh chuig an chéad ghlúin eile, agus chun í a mhúineadh ionas go dtabharfar deis do pháistí scileanna litearthachta na Gaeilge a fhorbairt.

Tá an chaibidil seo roinnte ina dtrí chuid. Sa chéad chuid, pléifear comhthéacs sochtheangólaíocht, an tumoideachas, agus forbairt na litearthachta Gaeilge. Pléifear múineadh na Gaeilge sna curaclaim bunscoile. Sa dara cuid, déanfar cur síos ar shainmhínithe ar an litearthacht, na cineálacha éagsúla litearthachta atá ann agus na dearcthaí atá ann ar fhorbairt scileanna litearthachta agus luath-scríbhneoireachta an pháiste óig. Sa tríú chuid, dírítear go sonrach ar an scríbhneoireacht éiritheach, tréithe na scríbhneoireachta éirithí, na dearcthaí atá ann maidir le forbairt scileanna luath-scríbhneoireachta agus scil fhisiciúil na scríbhneoireachta. Déanfar plé ar roinnt straitéisí oideolaíochta chun scríbhneoireacht chruthaitheach an pháiste óig a spreagadh.

**An Tumoideachas agus Forbairt na Litearthachta**

Déanfar plé anois ar an tumoideachas, cur chuige a chuirtear i bhfeidhm le páistí óga a thumadh sa Ghaeilge i mbunscoileanna na tíre. Ina theannta sin, pléifear múineadh na Gaeilge sna curaclaim bhunscoile éagsúla.

Mar shainmhíniú ginearálta ar an tumoideachas deir Ó hAinifein (2008) gur, "gné amháin den chontanam oideachais dhátheangaigh atá sa tumoideachas ina dtumtar an foghlaimeoir sa sprioctheanga agus atá in úsáid mar theanga fhoghlama an churaclaim go léir" (lch. 5). In oideachas dátheangach na luath-óige, d'fhéadfadh gur luath-thumadh aonteangach nó luath-thumadh dátheangach (Hickey & de Mejia, 2013) a bheadh i bhfeidhm.

De ghnáth, is é an luath-thumadh aonteangach a bhíonn i bhfeidhm i SLG. Tumtar foghlaimeoirí i dteanga amháin, go hiondúil a dteanga bhreise, leis an aidhm dátheangachas suimitheach a bhaint amach (Hickey & de Mejia, 2013). I gcomhthéacs na Gaelscolaíochta, tumtar páistí sa mhionteanga (an Ghaeilge), agus múintear Béarla ag pointe níos déanaí sna ranganna sóisearach (Ó Brolcháin, 2015). Toisc gur contanam é an dátheangachas, dar le Ní Dhonnabháin (2014), "Tá an-difríocht idir duine a labhraíonn dhá theanga go flúirseach is go compordach agus duine a thuigeann dhá theanga." (lch. 29). Mar shampla, ní hionann leibhéal scil teanga ó bhéal páiste Gaelscoile sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.

Bhí luath-mhúnlaí tumoideachais in Éirinn nuair a bunaíodh an Saorstát. Tá taighde foirmiúil acadúil ar rath na gcóras tumoideachais ar fáil go hidirnáisiúnta ó na 1960dí ar aghaidh. Cuireadh múnla an tumoideachas i bhfeidhm i gCeanada sna 1960dí leis an teanga Fhraincise a chur chun cinn (Ó Donnachadha, 2020). Ach, ní hionann an córas tumoideachas i scoileanna na tíre seo agus an córas i gCeanada toisc gur mionteanga í an Ghaeilge, i gcomparáid le teagasc na Fraincise atá mar

mhórtheanga i scoileanna i gCeanada (Ó Donnachadha, 2020). Is féidir mar sin, comparáid a dhéanamh idir an tumoideachas a bhíonn i bhfeidhm in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag toisc gur teanga mhionlaigh í an Bhreatnais. Cosúil le hÉirinn, tá suíomhanna oideachas na luath-óige sa Bhreatain Bheag, *Mudiad Meithrin* a thugtar orthu, agus bunscoileanna agus meánscoileanna ina dtumtar páistí óga agus daltaí scoile sa Bhreatnais (Siencyn, 2019). Cuirtear an-bhéim ar dheiseanna a thabhairt do pháistí an Bhreatnais a chleachtadh agus a úsáid chun dátheangachas agus délitearthacht an chéad ghlúin eile a chur chun cinn (Siencyn, 2019).

Ceistíonn Ó Duibhir (2009) agus Ó Duibhir agus Cummins (2012), an cur chuige tumoideachais, áfach, mar mhodh oideolaíochta d'fhorbairt scileanna litearthachta teanga bhreise. Áitíonn Ó Duibhir (2009), go gcuirtear iallach ar fhoghlaimeoirí smaointe a léiriú, “that are sometimes ahead of their second language ability” (lch. 29). Moltar gur fiú athsmaoineamh a dhéanamh ar Ghaeilge a chur chun tosaigh ar an mBéarla agus gur chóir glacadh na buntáistí a bhaineann le traschur scileanna idir teangacha, idir Béarla agus an Ghaeilge mar shampla (Ó Duibhir & Cummins, 2012). É sin ráite, toisc gur mionteanga í an Ghaeilge, agus ní bhíonn mórán deiseanna ag páistí í a chleachtadh taobh amuigh de gheataí na scoile (Ó Brolcháin, 2015; Ó Duibhir, 2009), tá gá le breis tacaíochtaí a bheith ar fáil di (SNSO, 2015).

**Múineadh na Gaeilge agus Forbairt na Litearthachta**

De réir Hickey agus Stenson (2016), tá ról riachtanach ag teagasc agus forbairt scileanna na litearthachta i gcaomhnú mionteanga. Is dúshlán é do mhúinteoirí scileanna ortagrafaíocht na Gaeilge a mhúineadh do pháistí atá ag foghlaim na Gaeilge mar theanga bhreise, agus atá fós ag dul i ngleic le scileanna ortagrafaíocht a gcéad teanga, Béarla nó teanga eile (Hickey & Stenson, 2011).

Déanfar plé anois ar mhúineadh na Gaeilge sna sean-churaclaim bunscoile agus i CTB (2019).

**An Ghaeilge sna Curaclaim Bhunscoile**

Is iomaí athrú a tháinig ar mhodheolaíochtaí agus straitéisí múineadh na Gaeilge sna curaclaim bhunscoile ó 1922 go 2019. Bhí béim ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair sa churaclam 1922, agus úsáideadh modheolaíochtaí srianta leis an teanga a mhúineadh (Dunne, 2020a). I gcuraclam 1971, cuireadh béim ar mhodhanna closamhairc, trí úsáid fhíseáin agus cartúin leis an Ghaeilge a mhúineadh, ach laghdaíodh teagasc scileanna léitheoireachta dá bharr (Dunne, 2020b).

Aithníodh i gcónaí sna curaclaim go raibh gá le ceangal a dhéanamh le pobal teanga lasmuigh den seomra ranga agus leis an oiread Gaeilge agus is féidir a labhairt agus a spreagadh le linn an scoil-lae (Dunne, le teacht). Chomh fada siar le curaclam 1922, iarraidh ar mhúinteoirí na ranganna sóisearacha ceachtanna a reáchtáil trí mheán na Gaeilge (Dunne, 2020a). I CTB (ROS, 2019), moltar do mhúinteoirí scoileanna lán-Béarla ábhar eile seachas Gaeilge a mhúineadh trí Ghaeilge, ag baint úsáid as an straitéis 'An Fhoghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga' (CNCM, 2019b). Mar shampla, ceacht corpoideachas a mhúineadh trí mheán na Gaeilge chun blais den teanga a thabhairt do dhaltaí i mbealach nádúrtha.

Gan dabht, tá éagsúlachtaí idir na curaclaim, sna modheolaíochtaí teagaisc agus sna meonta ó thaobh scileanna litearthachta áirithe a chuireadh chun cinn. I gcuraclam 1999, cuireadh béim ar an gcur chuige cumarsáideach agus forbairt scileanna teanga ó bhéal. Cé go raibh an curaclam 1999 níos tarraingtí agus níos páiste-lárnach ná curaclam 1971 (Dunne, 2020b), dar le Stenson agus Hickey

(2014), cuireadh an iomarca béime ar an gcur chuige cumarsáideach agus an teanga labhartha, “at the expense of written language” (lch.1).

Ina theannta sin, sonraítear gur fhágadh an téarma ‘litearthacht’ agus treoirlínte cúnaimh do mhúinteoirí ó thaobh an délitearthachta de ar lár i dtreoirlínte curaclam na Gaeilge 1999 (Ó hAinifféin, 2008), agus níor luadh go follasach aistriú scileanna litearthachta ó theanga amháin go teanga eile (Ó Duibhir & Cummins, 2012). Ní raibh mórán áiseanna as Gaeilge ar fáil do mhúinteoirí chun an méid seo a dhéanamh sa seomra ranga, agus bhí tionchar aige seo na modhanna múinte a cuireadh i bhfeidhm (Dunne, 2020b). Mar sin is cosúil gur leagadh béim ar ghnéithe éagsúla litearthachta i gcuraclaim na Gaeilge a fhorbairt ina n-aonar den chuid is mó, agus ní raibh béim rómhór ar scileanna scríbhneoireachta go dtí le déanaí.

**Curaclam Teanga na Bunscoile (2019)**

Le teacht isteach CTB (2019), cuireadh béim ar theagasc na litearthachta trí mhodheolaíochtaí spraíúla, agus díríodh ar úsáid na litearthachta, an teanga ó bhéal agus an teanga scríofa, le cumarsáid a dhéanamh. Tarraingíonn an CTB (2019), ó mholtaí thrí phíosaí thaighde an CNCM, Shiel et al. (2012), Kennedy et al. (2012) agus Ó Duibhir agus Cummins (2012). Cuirtear béim ar na hidirghníomhaíochtaí agus na comhthéacsanna ina bhfoghlaimíonn páistí teangacha, agus comhtháthú gníomhaíochtaí spraíúla agus an litearthacht (Ní Chuaig, 2016). Pléitear gur féidir scileanna teanga ó bhéal, scríbhneoireacht agus léitheoireacht a chomhtháthú, agus is é sin bunchloch dearcadh an cur chuige litearthacht éiritheach (Kiely, 2017). Forbraíodh an CTB (ROS, 2019) chun curaclam chomhtháite teanga ina bhfuil na torthaí foghlama agus spriocanna céanna ann don Bhéarla agus don Ghaeilge a bheith ar fáil do scoileanna lán-Béarla agus SLG (Ní Chuaig, 2016). De réir an

CTB (ROS, 2019), foghlaimíonn páistí teangacha i suíomhanna éagsúla, ní hamháin ar scoil, ach sa bhaile agus tá an ráiteas seo ag teacht le cur chuige an litearthacht éiritheach agus an tuairim nach bhfuil difir idir an teanga nó an litearthacht a bhíonn ar siúl sa bhaile agus ar scoil (Whitehurst & Lonigan, 1998).

Bhí dúshláin ann do mhúinteoirí aidhmeanna Curaclam na Bunscoile (ROS, 1999) agus prionsabail *Aistear* (CNCM, 2009) a chomhtháthú (Gray & Ryan, 2016). Le dul i ngleic leis seo, tarraingíonn an CTB (2019) ó phrionsabail *Aistear* (CNCM, 2009) agus moltar torthaí foghlama an churaclam a mhúineadh trí, "eispéiris chuí foghlama spraíúla" (ROS, 2019, lch. 22). Ina theannta sin, de réir an CTB (2019) cuireann timpeallachtaí foghlama dearfacha le heispéiris litearthachta na bpáistí.

Ní luaitear an délitearthacht go follasach i CTB (2019), ach luaitear naisc agus traschur scileanna idir theangacha. Tá an gné seo den churaclam ag teacht leis an tuairim go bhforbraítear buninniúlacht choiteann, rud a chiallaíonn go n-aistrítear scileanna litearthachta, straitéisí foghlama, agus scileanna meititheangeolaíochta idir theangacha (Ó Duibhir & Cummins, 2012). Cé go bhfuil traschur scileanna faoi leith idir Béarla agus Gaeilge, níl gach scil inaistrithe, agus de réir Barnes (2021), tá fuaimeanna sa Ghaeilge nach bhfuil ann sa Bhéarla agus is gá iad seo a mhúineadh go mion.

Feictear go bhfuil foghlaimeoirí dátheangacha níos cumasaí i scileanna áirithe, mar shampla i scileanna teanga ó bhéal, ná i gcuid eile, an scríbhneoireacht mar shampla. Chun an dátheangachas suimitheach a bhaint amach agus chun cur leis na scileanna litearthachta ar fad atá á fhorbairt, tá gá le díriú ar na scileanna teanga go léir. Go dtí seo, is féidir a áitiú go leagtar níos mó béime ar an teanga ó bhéal. Is féidir na scileanna a fhorbairt ag an am céanna, áfach (Kiely, 2017).

Toisc go bhfuil an comhthéacs ina bhfuil páistí an staidéir seo ag forbairt a gcuid scileanna litearthachta, breathnófar anois ar a bhfuil i gceist leis an litearthacht agus na cineálacha éagsúla litearthachta atá ann. Ansin, féachfar ar cheisteanna ullmhachta don litearthacht, agus faoi dheireadh ar fhorbairt na scríbhneoireachta.

**Cad is Litearthacht ann?**

Go traidisiúnta, is féidir an litearthacht a shainmhíniú mar chumas duine a bheith in ann léamh agus scríobh (ROS, 2011). De réir an dearcadh seo, d'fhéadfadh duine a bheith liteartha nó neamhliteartha (Perry, 2012). Forbraítear riar scileanna faoi leith atá ceaptha a bheith de dhíth le bheith páirteach i gcleachtais litearthachta (UNESCO, 2005).

Tá dearcthaí agus tuiscintí níos leithne agus níos doimhne ann maidir leis an litearthacht agus forbairt scileanna na litearthachta, áfach. De réir *An Straitéis chun Litearthacht agus Uimhreathacht don Fhoghlaim agus don Saol* (ROS, 2011), is éard atá i gceist le litearthacht ná a bheith in ann, "na cineálacha éagsúla den chumarsáid a léamh, a thuiscint agus léirthuiscint chriticiúil a bheith againn dóibh, an teanga labhartha, téacs clóite, na meáin chraolta, agus na meáin dhigiteacha ina measc" (lch. 8).

Is féidir an litearthacht a shainmhíniú mar, "any situation in which an individual negotiates the environment through the use of a symbolic representation" (Whitehurst agus Lonigan, 2002, lch. 12). Tacaíonn an CNCM (2009), leis an sainmhíniú seo. Tá níos mó i gceist le teagasc litearthachta ná múineadh scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta amháin, agus moltar béim a chur ar úsáid na litearthachta le cumarsáid a dhéanamh, agus úsáid a bhaint as na córais comharthaí éagsúla atá againn chun cumarsáid a dhéanamh, trí cheol,

ealaíon, agus Braille mar shamplaí (CNCM, 2009). Luaitear an litearthacht dhigiteach i roinnt sainmhínithe (CNCM, 2009; ROS, 2019; Kennedy et al., 2012).

Luann an Roinn Oideachais agus Scileanna sa *Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga* (ROS, 2011), gur chóir scileanna litearthachta a fheabhsú i measc páistí agus daltaí scoile ionas go mbeidís in ann páirt a ghlacadh sa tsochaí agus sa chóras eacnamaíochta. Forbraíodh an straitéis agus na hidirghabhálacha seo mar fhreagairt ar dhroch-inniúlacht pháistí i scrúdú PISA.

De réir Ó Breacháin agus O’Toole (2013), agus Cregan (2013), cé go ndéantar tagairt d'fhoirmeacha éagsúla litearthachta i straitéis *Litearthacht agus Uimhreathacht don Fhoghlaim agus don Saol* (ROS, 2011), cuirtear béim ar an léitheoireacht agus ar mheasúnú scileanna na léitheoireachta ionas go gcuirfear feabhas ar thorthaí thástálacha caighdeánacha. Molann Whitehead (2009), gan díriú ar scileanna na litearthachta a fhorbairt ar mhaithe le cúrsaí eacnamaíochta, áfach, agus moltar cleachtais cúng na litearthachta a sheachaint.

Bhí titim in inniúlacht pháistí sa Ghaeilge le hos cionn 20 bliain agus níor tugadh isteach idirghabháil chomh cuimsitheach sin (Dunne, 2020b). Tá baint ag an ísiliú céime leis an bhforbairt theoranta a dhéantar ar scileanna litearthachta sa Ghaeilge. Bhí tuairim ann i taighde Ní Chlochasaigh et al. (2020), maidir le cúrsaí litearthachta i SLG DEIS, go mbaineann an litearthacht leis an mBéarla amháin. De réir de Búrca (2008), is tacaíochtaí breise don léitheoireacht Bhéarla is mó a bhíodh ar fáil do dhaltaí scoileanna Gaeltachta. Bhí curaclam faoi leith ann do na scoileanna Gaeltachta, i gcuraclam 1971, ach sa churaclam 1999, bhí trácht ar scoileanna T1 agus T2 seachas cuspóirí curaclaim faoi leith a lua do SLG (Dunne,

2020b). B'fhéidir nach raibh cur chuige spriocdhírithe litearthachta ar fáil do pháistí a bhí ag forbairt na dé-litearthachta.

Pléitear thíos tuilleadh sainmhínithe ar an litearthacht, an teoiric soch-chultúrtha, an litearthacht mar chleachtas sóisialta, agus an litearthacht dhigiteach agus chriticiúil.

**An Teoiric Soch-chultúrtha agus an Litearthacht mar Chleachtas Sóisialta**

Dearcadh níos fairsinge ó thaobh na litearthachta de ná an dearcadh gur cleachtas sóisialta atá ann. Is teoiric é seo atá nasctha go láidir leis an teoiric soch-chultúrtha. Is féidir cuid de thuairimí ar an litearthacht a roinnt idir mhúnla féinriartha agus múnla idé-eolaíoch (Street, 2005). Is éard atá i gceist leis an múnla féinriartha ná go ndéantar sealbhú ar scileanna na litearthachta traidisiúnta chun scileanna cognaíocha a fhorbairt, agus chun dul chun cinn a dhéanamh i gcúrsaí eacnamaíochta (Street, 2005). Is é dearcadh Street (2005), ná nach ndéanann curaclam agus modhanna measúnaithe ach an litearthacht a rangú mar fhorbairt agus úsáid scileanna meicniúil amháin. Aithnítear sa mhúnla féinriartha go bhfuil idirdhealú idir na cleachtais litearthachta atá in úsáid ar scoil agus sa bhaile (Whitehurst & Lonigan, 2002). Ní dhéantar trácht ar thimpeallachtaí nó ar shaol pearsanta an pháiste, ná na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh ar scoil agus sa bhaile.

Is a mhalairt atá i gceist leis an múnla idé-eolaíoch, agus ceaptar gur cleachtais sóisialta é an litearthacht, agus nach féidir é a mhúineadh nó a fhorbairt mar scileanna gan chomhthéacs agus teicniúil amháin (Perry, 2012; Street, 2005). De réir na teoirice seo, braitheann úsáid agus forbairt teanga labhartha agus scríofa ar an saol agus comhthéacs sóisialta ina gcónaítear (Kennedy et al., Perry, 2012 2012; Yaden et al., 1999). De réir na teoirice soch-chultúrtha, tá tionchar ag caidrimh oideolaíochta idir mhúinteoirí agus daltaí (Hedges & Cooper, 2008), ar

fhorbairt na litearthachta, agus tá nasc láidir idir teanga, cultúr, agus comhthéacs sóisialta (Hamer, 2010).

Ina theannta sin, ceaptar go bhfuil ról ag na huirlisí atá curtha ar fáil do pháistí agus iad ag forbairt scileanna na litearthachta. Bhain Vygotsky (1978), úsáide as na téarmaí '*access*' agus '*mediation*' le cur síos a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le '*access*' (áiseanna litearthachta a bheith ar fáil do pháistí) agus '*mediation*' (ról an duine fásta) i ndul chun cinn foghlama agus forbartha an pháiste óig.

De réir Bingham et al. (2017), ní leor timpeallachtaí agus áiseanna amháin i dtacú le forbairt scileanna litearthachta. Le tacaíocht, comhairle agus scafláil ó dhuine eolach, tugtar deis d'fhoghlaimeoirí scileanna agus coincheapa a chleachtadh trí chaidreamh sóisialta, taobh istigh de 'zón neasfhorbartha' an foghlaimeora (Hayes et al., 2017; Hedges & Cooper, 2018; Reyes, 2006). Molann Kennedy et al. (2012), machnamh a dhéanamh ar chistí eolais na bpáistí i leith na litearthachta agus ar na himpleachtaí a bheadh acu sin ar chleachtais litearthachta scoile.

Toisc nach í an Ghaeilge céad teanga formhór na bpáistí a fhreastlaíonn ar SLG agus toisc gur teanga mhionlaigh í, is chóir go mhúinteoirí a bheith feasach ar na hiompraíochtaí agus scileanna litearthachta a thaispeánann páistí nuair a thosnaíonn siad ar scoil, cuma cibé teanga a labhraíonn siad sa bhaile.

**Litearthacht Dhigiteach agus Chriticiúil**

Tá tuiscint níos leithne ann le tamall anuas ar chineálacha éagsúla litearthachta. Ní féidir a shéanadh go bhfuil an teicneolaíocht dhigiteach mar chroílár sa saol sa lá atá inniu ann. Is mór an t-eolas atá ag páistí óga ar an litearthacht sula dtosaíonn siad ar chleachtais litearthacht traidisiúnta ar scoil

(Whitehead, 2009; Whitehurst & Lonigan, 2002), agus dar le Marsh (2006), bíonn páistí páirteach i gcleachtais inniúlacht digiteacha ó aois óg. Cé gur dioscúrsa nua í an litearthacht chriticiúil in oideachas na luath-óige (Comber, 2011), cuirtear béim ar an dá chineál litearthachta seo i CTB (ROS, 2019). Luaitear gur chóir go mbeadh páistí páirteach i gcleachtais “ilmhodúlacha” (lch.13), agus go dtugtar deis do pháistí scileanna litearthachta a chur i bhfeidhm, “go gníomhach, go machnamhach, agus go criticiúil leis an domhan ina maireann siad.” (lch. 49).

Toisc go mbaintear úsáid as an teicneolaíocht go laethúil, agus tá páistí feasach ar úsáid na teicneolaíochta, molann Yelland (2011), gur fiú smaoineamh ar an teicneolaíocht a chomhtháthú leis na cleachtais litearthachta atá in úsáid cheana sa chaoi is go dtarraingeofaí ó chistí eolais páistí. Bhí dea-thionchar ag éisteacht le téipeanna de scéalta as Gaeilge ar spéis páistí bunscoile sa léitheoireacht Gaeilge, agus i scileanna léamh-thuisceana, foghraíochta, agus ráta léitheoireachta (Dunne & Ní Fhaoláin, 2019; Hickey, 1991). Bhain Ní Chearnaigh (2016), úsáid as scéalta digiteacha chun Gaeilge labhartha páistí i ranganna naíonán a chothú.

Tugtar an sampla de phodchraoltaí a úsáid chun scéalta a thaifeadadh, rud a thabharfadh saoirse do pháistí le deacrachtaí foirmiú litreacha mar shampla (Yelland, 2011). Rinne Marsh (2006) iniúchadh ar úsáid na teicneolaíochta agus cleachtais ilmhódúlacha i gcúrsaí litearthachta do pháistí óga agus cruthaíodh scannáin ríomhbheochan le páistí 3-4 bliana d’aois. Trí úsáid a bhaint as straitéisí mar seo, bheadh oideachasóirí ag glacadh leis an ról lárnach atá ag an teicneolaíocht in oideachas an lae inniu.

**Ullmhacht chun Léitheoireachta agus Ullmhacht chun Scríbhneoireachta**

Chun go mbeidh páistí in ann scríobh go cumasach caithfear tacú leo agus iad ag forbairt a gcuid scileanna scríbhneoireachta agus litearthachta. Breathnófar

anseo ar theoiricí maidir le scileanna léitheoireachta a ullmhú ar dtús, na scileanna srianta agus neamhshrianta atá i gceist, agus ar dhearcadh eile na litearthachta éirithí ina bhfuil scileanna idircheangailte.

An dioscúrsa ba shuntasaí a bhíodh ann tráth ná go raibh scileanna léitheoireachta le forbairt roimh scileanna scríbhneoireachta (Ackerman, 2016; Strickland, 1990). Go traidisiúnta, ceaptar go bhfoghlaimítear scileanna litearthachta in ord faoi leith (Sénechal et al., 2001), faoi threoir duine fásta (Giles & Tunks, 2015; Strickland, 1990), agus nuair a bhíodh na scileanna foghlamtha go leibhéal sásúil, rinneadh aistriú go léitheoireacht agus scríbhneoireacht fhoirmiúil agus gnásúil (Whitehurst & Lonigan, 1998). Tugtar an cur chuige ullmhacht chun léitheoireachta ar seo.

Cé gur meon traidisiúnta é seo ó thaobh teagasc na litearthachta de, agus thosaigh múinteoirí á cheistiú thart ar na 1980dí /1990dí (Giles & Tunks, 2015), tá tréithe de fós le sonrú sna modheolaíochtaí a bhíonn i bhfeidhm in oideachas na luath-óige agus sa phlé ar churaclam. Mar a dtugann an téarmaíocht sa Ghaeilge le fios, cuireann an cur chuige seo béim ar fhorbairt scileanna don léitheoireacht. Bunaithe ar theoiricí iompraí foghlama agus forbartha páistí, cuirtear cur chuige teagasc díreach i bhfeidhm chun scileanna litearthachta foirmeáilte a mhúineadh do pháistí nuair a cheaptar go bhfuil na páistí ullamh ó thaobh forbartha de (Giles & Tunks, 2015; Sénéchal et al., 2001; Whitehurst & Lonigan, 1998). Na scileanna a ndírítear orthu go minic ná scileanna srianta nó measartha srianta, mar shamplaí, tuiscint aibítre, feasacht fóineolaíochta, agus litriú (NELP, 2008).

***Scileanna Srianta agus Neamhshrianta Litearthachta***

Is éard atá i gceist le scileanna srianta agus neamhshrianta ná scileanna litearthachta gur féidir a fhorbairt agus a fheabhsú taobh istigh de thréimhse ama

ghairid, agus gur féidir a mheas go réasúnta éasca (Stahl, 2011). Is scileanna iad seo atá de dhíth gan dabht. Go deimhin, tá tábhacht le scileanna feasacht fóineolaíochta i ndul chun cinn na léitheoireachta (Kennedy et al., 2012). Ach, ceaptar nach gcuireann na scileanna seo go mór le dul chun cinn na litearthachta go fad-tréimhseach (Kennedy et al., 2012), cé gurb iad na scileanna atá éasca a mheas a ndírítear orthu go minic (Clausen, 2015; NELP, 2008).

Toisc an méid ama agus tacaíochta a bhíonn tugtha do scileanna meicniúil agus tras-scríbhinn, d’fhéadfá a rá go laghdaítear an t-am a bhíonn tugtha don chumadóireacht agus iniúchadh ar an bpróiseas scríbhneoireachta (Bingham et al., 2017), agus ní dhéantar aistriú ar na scileanna seo go litearthacht san fhíorshaol (Lennox, 2013). Ina theannta sin, is cleachtas teoranta é teagasc díreach scileanna srianta agus neamhshrianta. Treisíonn sé an dearcadh, ag teacht leis an teoiric iompraí foghlama agus forbartha páistí, gur féidir litearthacht a chúngú go riar scileanna amháin.

Toisc nach foghlaimeoirí dúchasacha iad formhór na bpáistí a bhfreastlaíonn ar SLG, tá cás na Gaeilge beagán níos casta ceal ábhair léitheoireachta agus litearthachta na Gaeilge éagsúla a bheith ar fáil sna seomraí ranga. Sonraíonn de Brún (2007), go gcuirtear béim ar shealbhú na teanga ó bhéal sula dtosaíonn léitheoireacht sna ranganna shóisearacha, “le go mbeidh dúshraith teanga ag na páistí roimh thosú.” (lch. 11).

**Forbairt na Scríbhneoireachta**

Tá dhá hipitéis ann maidir le forbairt na scríbhneoireachta (Puranik agus Lonigan, 2011). I gcás an *Linearity Hypothesis*, forbraítear tuiscint agus scileanna na litearthachta i gcéimeanna agus in ord faoi leith. Mar shampla, tuigtear go scríobhtar ó chlé go deas, ach ní fheictear litreacha nó aonaid inaitheanta na

scríbhneoireachta go dtí níos déanaí. Tá an dearcadh seo ag teacht leis an gcur chuige ullmhacht chun léitheoireachta a pléadh níos luaithe.

I gcás an *Unified Hypothesis*, ceaptar go bhforbraítear scileanna na litearthachta ag aon am amháin, gan ord faoi leith a leanúint, agus braitheann dul chun cinn ar na taithí a bhíonn ag páistí le prionta (Puranik & Lonigan, 2011). Forbraítear bunchloch na litearthachta sna luath-blianta a réitíonn an bealach le scileanna litearthachta a fhorbairt go fadtréimhseach. Níl comhaontú sa litríocht ar an gcaoi a ndéanann páistí dul chun cinn sa scríbhneoireacht ach, léirítear tréithe forbartha coitianta (Puranik & Lonigan, 2011), agus taispeántar réimse de ghnéithe na scríbhneoireachta ag braith ar an tasc atá ar bhun (Sulzby & Teale, 1985). Sonraíonn Puranik agus Lonigan (2014), gur chóir go mbeadh cur amach ag páistí ar thrí chineál eolais a bhaineann leis an scríbhneoireacht, agus is iad sin;

- Eolas coincheapúil: go mbeadh tuiscint ag an bpáiste ar eagrúcháin, ag scríobh ó chlé go deas mar shampla, agus aidhm na scríbhneoireachta.
- Eolas nós imeachta: tuiscint an pháiste ar shiombailí agus gnásanna scríbhneoireachta.
- Eolas ghiniúnach: ábaltacht an pháiste frásaí agus abairtí a chumadh.

Ina theannta sin, dar le Rowe (2018), caithfidh intinniúlacht a bheith ag an bpáiste agus iad ag scríobh. Is é sin le rá go gcaithfidh tuiscint a bheith ag na páistí go bhfuil brí leis na marcanna atá in úsáid acu, seachas gur siombailí amháin iad.

**An Litearthacht Éiritheach**

Mar a bhí luaite thuas, is mór an t-eolas atá ag páistí ar an litearthacht ó aois óg, agus feictear scileanna agus tuiscint ar an litearthacht i bhfad sula dtosaíonn cleachtais foirmiúil litearthachta ar scoil (Whitehead, 2009; Whitehurst & Lonigan,1998). Tharraing Marie Clay aird ar an téarma 'litearthacht éiritheach'

sa bhliain 1966 (Whitehurst & Lonigan, 1998), agus is múnla é atá bunaithe ar theoiricí oideolaíochta tógachas agus cognaíochta (Yaden et al., 1999).

Déantar forbairt ar scileanna scríbhneoireachta, léitheoireachta, agus teanga ó bhéal go leanúnach trí idirghníomhaíochtaí nádúraíoch (Justice & Pullen, 2003; Strickland, 1990). Creidtear go bhfuil foghlaimeoirí gníomhach ina gcuid foghlama féin, go bhfoghlaimítear ón timpeallacht agus ó dhaoine eile, ó thuismitheoirí, múinteoirí, agus piaraí mar shamplaí (Kennedy et al., 2012). Is cur chuige páiste-lárnach atá ann agus a dhéanann forbairt na litearthachta a shamhlú mar chontanam dul chun cinn.

Ní hionann an téarma litearthacht éiritheach agus an téarma 'réamhléitheoireacht' (Riley, 2006; Rowe, 2018). Tá sé intuigthe sa téarma 'réamhléitheoireacht' go bhfuil idirdhealú idir cleachtais litearthachta sula n-aistrítear go scileanna traidisiúnta i suíomhanna oideachais (Whitehurst & Lonigan, 2002). De réir Riley (2006), níl am faoi leith ann go n-aistrítear go litearthacht thraidisiúnta. Samplaí de na hiompraíochtaí litearthachta a bhfeictear i bpáistí óga ná, aithint siombailí sa timpeallacht agus i leabhair (Riley, 2006), agus marcanna agus scriobláil a úsáid le brí a léiriú (Sulzby & Teale, 1985).

***Scileanna Idircheangailte***

Dearcadh suntasach a bhaineann leis an litearthacht éiritheach ná go bhfuil ceangail láidir idir scileanna labhartha, scríbhneoireachta agus léitheoireachta (Bodrova & Leong, 2006; Kennedy et al., 2012; Riley, 2006; Strickland, 1990; Whitehurst & Lonigan, 1998). Seachas scileanna léitheoireachta a fhorbairt ón tús, sonraíonn na húdair thuas luaite gur fiú nasc a dhéanamh idir snáitheanna na litearthachta agus gur chóir iad a mhúineadh ag an am céanna.

Sonraíonn Sénéchal et al. (2001), go bhfuil tionchar ag léitheoireacht ar réimse foclóra an duine. Is gá go mbeadh réimse leathan foclóra agus tuiscint ar theanga gan chomhthéacs ag duine le tacú leo agus iad ag léamh téacs (Whitehurst & Lonigan, 1998). Ina theannta sin, tá nasc láidir idir fheasacht fóineolaíochta agus líofacht sa léitheoireacht nuair a thosaítear ag léamh ar dtús (Stahl, 2011), agus bíonn tuiscint ar fheasacht fóineolaíochta de dhíth le cabhrú le litriú (Whitehurst & Lonigan, 1998). Tá tionchar ag cuimhne fheidhmiúil ar fhorbairt na feasachta fóineolaíochta (Paris, 2011). I gcás na Gaeilge, molann de Brún (2007) go n-díreofar ar shealbhú na teanga chun chur le forbairt na léitheoireachta, scileanna díchódaithe agus litriú na Gaeilge.

Ó thaobh na scríbhneoireachta de, tá ceangail láidir idir cumas teanga ó bhéal agus scríbhneoireacht (Bodrova & Leong, 2006), agus tá tionchar faoi leith ag na feidhmeanna feidhmniúcháin ar scileanna cumadóireachta (Kent et al., 2014; Puranik & Al Otaiba, 2012). Is é sin le rá, mar shampla, gur scil í a bheith in ann ard a dhíriú ar feadh tréimhse ama, agus cumas an pháiste eolas nó smaointe a choimeád fada go leor len' iad a scríobh (Puranik & Al Otaiba, 2012).

Déanfar plé anois go sonrach ar an scríbhneoireacht éiritheach, agus faoin bhfás agus bhforbairt a thagann ar an scríbhneoireacht sna luath-blianta.

**An Scríbhneoireacht Éiritheach**

Is féidir an scríbhneoireacht éiritheach a shainmhíniú mar na modhanna scríbhinn éagsúla a úsáideann páistí óga le brí a léiriú agus le teagmháil a dhéanamh (Byington & Kim, 2017; Whitehurst & Lonigan, 1998; Yaden et al., 1999). Dar le hElbow (2004), agus é ag labhairt faoi scríbhneoireacht páistí óga; "They can *write* all the words they can *say*" (lch. 2) Ar an gcaoi chéanna a úsáideann leanaí cumarsáid neamhbhriathartha, comharthaí láimhe mar shampla,

le cumarsáid a dhéanamh, úsáideann páistí siombailí léiriúcháin na scríbhneoireachta, mar shampla cruthanna, marcanna, agus litriú cumtha (Whitehead, 2009).

Nuair a dhéantar tagairt de scríbhneoireacht an pháiste óig, go minic is foirmiú litreacha a bhíonn i gceist (Gerde et al., 2012). Moltar, áfach, gur chóir béim a chur ar theagasc na scríbhneoireachta mar theanga scríofa, seachas cleachtadh scríobh na haibítre amháin (Bodrova & Leong, 2006). Sonraítear gur eachtra shóisialta (Yaden et al., 1999) agus cleachtais fhisiciúil agus síceolaíochta í an scríbhneoireacht (Haland et al., 2018).

Mar a bhí luaite thuas, tá ról ag áiseanna agus tacaíochtaí ar fhorbairt na scríbhneoireachta. Is iomaí bealach gur féidir le múinteoirí tacaíocht a thabhairt do pháistí agus iad i mbun scríbhneoireachta. Mar shamplaí, cuireann Byington agus Kim (2017), béim ar mhúnlú an mhúinteora, agus ar scríbhneoireacht fhiúntach a spreagadh trí ghníomhaíochtaí spraíúla, agus i rith súgradh drámata agus trí haiscothú ceartaitheach. Rinne Ó Brolcháin (2015), iniúchadh ar na modheolaíochtaí a bhíonn i bhfeidhm don litearthacht sna ranganna shóisearacha i scoileanna Gaeltachta, agus ina measc bhí cur i bhfeidhm creatchuraclam *Aistear*. De bharr an réimse d’ábaltachtaí agus tuisceana a bhíonn sna ranganna sóisearacha ó thaobh na teanga labhartha agus scríofa de, molann SNSO (2015), tosnú ar dtús le hiniúchadh a dhéanamh ar an áit ina bhfuil páistí ó thaobh forbairt na scríbhneoireachta.

***Scríbhneoireacht an Pháiste Óig***

Ag teacht leis an teoiric maidir le cur chuige comhtháite do mhúineadh na scileanna, aithnítear go bhfuil nasc idir líníocht agus teanga labhartha an pháiste (Bodrova & Leong, 2006). De réir Bodrova agus Leong (2006), “early writing is

the idea that writing originates from two activities that often to not even look like writing: drawing and make-believe play.” (lch. 251). Bhíodh tuairim ann nach raibh gá le haird a tharraingt ar mharcanna páistí óga, toisc nach scríbhneoireacht ghnásúil atá ann (Rowe, 2018), agus go minic, níor tugadh mórán aird ar líníochtaí páistí mar fhoirm scríbhneoireachta nó mar mhodh cumarsáide (Coates & Coates, 2015). Ach, déantar comparáid anois idir scriobláil agus plobaireacht an linbh óig (Coates & Coates, 2015), agus is cineálacha straitéisí scríbhneoireachta cruthaithí (Chen agus Zhou, 2010) agus cumarsáide (Ackerman, 2016) iad marcanna agus líníochtaí páistí óga.

Tá níos mó i gceist le marc-chruthú agus scriobláil ná scil réamh-scríbhneoireachta, fisiceach, agus scil pheannaireachta amháin (Puranik agus Lonigan, 2011). Is foirmeacha scríbhneoireachta agus cumarsáide iad agus is scileanna faoi leith iad atá mar pháirt de chontanam forbairt scil na scríbhneoireachta (Coates & Coates, 2015; Whitehead, 2009).

Luaitear mar thoradh foghlama i CTB (ROS, 2019) go mbeadh páistí ábalta, “Aird a thabhairt ar mharcanna agus líníocht a dhéanamh…agus scríobh chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile.” (lch. 30). Dar le Rowe agus Neitzel (2010), is mór an éifeacht atá ag spéis agus gníomhú an pháiste, agus na timpeallachtaí sóisialta ina mbíonn siad ag foghlaim, ar na roghanna a dhéanann siad maidir lena gcleachtais scríbhneoireachta. Mar shampla, tháinig Rowe agus Neitzel (2010), ar fhianaise gur úsáid páistí a raibh spéis acu i scríbhneoireacht í mar eachtra shóisialta agus mar mhodh chun “…initiate and maintain social interaction. For these children, their prime concerns were relational.” (lch. 193).

Sa léaráid thíos (Figiúr 1) taispeántar céimeanna i ndul chun cinn an pháiste óig, ó mharcanna go scríbhneoireacht ghnásúil (Byington & Kim, 2017).

Tugann na céimeanna seo treoir do mhúinteoirí agus tuismitheoirí le go bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn scríbhneoireacht an pháiste. I gcás páistí na ranganna sóisearacha i SLG, bheadh roinnt páistí ag teacht ar scoil le scileanna scríbhneoireachta ina gcéad teanga, Béarla nó teanga eile. Caithfear a bheith feasach ar an eolas atá ag páistí ar ghnásanna scríbhneoireachta sula dtosaíonn siad ar scoil, cuma cibé teanga atá á chleachtadh acu sa bhaile, toisc na buntáistí atá ann i gceangal scileanna teanga agus in aistriú scileanna litearthachta agus meititheangólaíochta ó theanga amháin go teanga eile (Ó Duibhir & Cummins, 2012). Tugtar treoir do mhúinteoir i CTB (2019), an Contanam Dul chun Cinn, maidir le dul chun cinn scríbhneoireacht an pháiste a rianú, agus sonraítear gur féidir le páistí a bheith ag céimeanna éagsúla den chontanam ag braith ar an toradh foghlama agus an snáth.

**Figiúr 1.**

*Stages of Emergent Writing (Byington & Kim, 2017).*

https://www.naeyc.org/resources/pubs/yc/nov2017/emergent-writing

**Stages of Emergent Writing**

| Stage | Description | Example |
|---|---|---|
| **Drawing** | Drawings that represent writing |  |
| **Scribbling** | Marks or scribbles the child intends to be writing |  |
| **Wavy scribbles or mock handwriting** | Wavy scribbles that imitate cursive writing and have a left-to-right progression; child pretends to write words |  |
| **Letter-like forms or mock letters** | Letters and marks that resemble letter-like shapes |  |
| **Letter strings** | Strings of letters that do not create words, written left to right, including uppercase and lowercase letters |  |
| **Transitional writing** | Letters with spaces in between to resemble words; letters/words copied from environmental print; letters often reversed |  |
| **Invented or phonetic spelling** | Different ways to represent the sounds in words; the first letter of the word or beginning and ending sounds represent the entire word |   |
| **Beginning word and phrase writing** | Words with beginning, middle, and ending letter sounds; short phrases |   |
| **Conventional spelling and sentence writing** | Correct spelling of words, generally the child's name and words such as *mom* and *dad*; sentences with punctuation and correct use of uppercase and lowercase letters |   |

### *Scil Fhisiciúil na Scríbhneoireachta*

Moltar scileanna ar leibhéal íseal a mhúineadh ar mhaithe le dul chun cinn na scríbhneoireachta agus na cumadóireachta. Táthar ag ceapadh go bhfuil maitheas ag baint le scileanna ar leibhéal íseal a mhúineadh, go háirithe i gcás páistí atá i mbaol deacrachtaí litearthachta a bheith acu (Justice & Pullen, 2003; Kent et al., 2014; Lonigan & Cunningham, 2013; McLachlan et al., 2013; National Reading Panel, 2000). D'fhéadfadh gur meascán de teagasc scileanna ísle, cosúil le litriú agus scileanna tras-scríbhinn, agus scileanna arda, mar shampla eagrúcháin smaointe, pleanáil agus idéú, agus scríbhneoireacht fhiúntach a bheadh i bhfeidhm (Kim et al., 2011; Puranik & Al Otaiba, 2012; Quinn et al., 2016; SNSO, 2015).

Cuirtear béim ar scileanna fisiciúla na scríbhneoireachta, foirmiú litreacha agus peannaireacht, i roinnt phíosaí litríochta (Graham, 2018; Kennedy et al., 2012; Limpo et al., 2018; Seyll & Content, 2020; Rowe, 2018). Dar le Graham (2018), cuireann cumas lag agus luas mall an pháiste litreacha a scríobh isteach ar chumadóireacht agus ar ábaltacht an pháiste páirt a ghlacadh sa phróiseas scríbhneoireachta cruthaithí (Lambe, 2021). Is fiú mar sin, neart cleachtadh a dhéanamh ar na scileanna mín-luaileacha ar mhaithe le forbairt na peannaireachta. Moltar scileanna mín-luaileacha a fhorbairt roimh agus i rith cleachtadh foirmeáilte foirmiú litreacha (Concannon-Gibney, 2019).

Is féidir cleachtadh a dhéanamh ar scileanna mín-luaileacha i mbealach spraíúil agus trí chur chuige ilchéadfach, mar shamplaí, trí úsáid a bhaint as taos súgartha, lásáil agus snáithiú, agus súgradh le huisce (Concannon- Gibney, 2019). Sonraítear go bhfuil nasc ann idir scileanna oll-luaileacha, mín-luaileacha, agus dul chun cinn an pháiste in oideachas (Lepes et al., 2016; Özkur, 2020). Tugann an CTB (2019) moltaí do fhorbairt scileanna oll-luaileacha agus dea-staidiúir le tacaíocht a thabhairt don pháiste agus iad ag cleachtadh scil fhisiciúil na scríbhneoireachta.

***Litriú Cumtha***

Dar le Ouellette (2006), sula múintear go foirmeáilte do pháistí conas léamh agus scríobh, baineann páistí triail as cóid scríofa. Is gné amháin den chineál cleachtadh ar an gcóid scríofa é litriú cumtha. Is éard atá i gceist le litriú cumtha ná nuair a dhéanann páistí focail a litriú trí litreacha a chumascú (ROS, 2019). Luaite i CTB (2019), tá “litriú agus staidéar ar fhocal”, agus mar thoradh foghlama tá, “ag tarraingt ar an eolas atá acu faoi phatrúin fhuaime agus patrúin litreacha chun buille faoi thuairim a thabhairt faoi litriú focail (litriú cumtha)” (lch.

30). Moltar páistí a spreagadh chun litriú cumtha a úsáid (Gerde et al., 2012; SNSO, 2015). Nuair a chleachtar litriú cumtha, úsáidtear scileanna fóineolaíochta (Whitehurst & Lonigan, 1998), forbraítear scileanna ortagrafaíochta, agus déantar nasc idir litreacha agus a gcuid fuaimeanna (SNSO, 2015).

Is céim thábhachtach é litriú cumtha ar chontanam dul chun cinn na scríbhneoireachta, (Puranik & Lonigan, 2012), agus cuirtear feabhas ar an litriú de réir mar a fhoghlaimítear ceangail fuaimlitreach (Ouellette, 2006). Bíonn ról-lárnach ag ceistiúcháin an mhúinteora, agus an comhoibriú idir mhúinteoirí agus páistí i bhforbairt litriú cumtha, agus forbairt tuiscint an pháiste sa chód aibítreach (Albuquerque & Martins, 2020). Má bhíonn scileanna tras-scríbhinn dúshlánach do pháiste agus má bhíonn easpa tuisceana acu ar nasc litreacha agus a gcuid fuaimeanna agus scileanna ortagrafaíochta, d’fhéadfadh impleachtaí a bheith acu seo ar théacs a chruthú (Kim et al., 2011; Puranik & Al Otaiba, 2012).

**An Scríbhneoireacht Chruthaitheach agus Straitéisí Oideolaíochta**

Moltar go mbeadh páistí ag scríobh gach lá (Calkins & Ehrenworth, 2016; Dennis & Votteler, 2012; Graham et al., 2012; ROS, 2019). Go deimhin, is dúshlán é seo do mhúinteoirí toisc an méid ábhair churaclaim agus dualgais a bhíonn ann i rith an lae scoile. Sonraíonn Strickland agus Riley-Ayers (2006), gur chóir do mhúinteoirí úsáid a bhaint as cleachtais atá oiriúnach ó thaobh forbartha de. Dar le SNSO (2015), déantar seo trí chur chuige cothromaithe agus chur chuige soch-chultúrtha, agus gnéithe na litearthachta a nascadh le chéile trí imeachtaí litearthachta saibhre, agus teagasc díreach ar scileanna i mbealaí páiste-lárnacha (Justice & Pullen, 2003).

Molann Mac Donnacha (2021), úsáid na saroscríbhneoireachta toisc gur cleachtas gníomhach agus cruthaitheach atá ann a thugann misneach do pháistí

tabhairt faoin scríbhneoireacht. D'aithin Andersson et al. (2019), go mbaineann oidí na luath-óige úsáid as réimse de chur chuigí chun scileanna theicniúil na scríbhneoireachta a mhúineadh, agus chun scríbhneoireacht chruthaitheach agus fhiúntach a chothú.

***Súgradh agus an Scríbhneoireacht***

Is trí idirghníomhaíochtaí nádúraíoch agus sóisialta a bhforbraíonn páistí óga scileanna litearthachta (Justice & Pullen, 2003; Perry, 2012; Kennedy et al., 2012; Wood, 2013; Yaden et al., 1999). Dar le Morrow agus Schickedanz (2006), is beag ár n-eolas ar an nasc idir súgradh agus forbairt na litearthachta toisc an easpa taighde atá ar an ábhar agus na hathruithe atá tagtha ar dhearcthaí i leith ról an duine fásta i súgradh an pháiste. Ach, dar le French (2013), "language and literacy happens naturally during play and everyday experiences" (lch. 36).

Molann *Aistear* (CNCM, 2009), cur chuige na foghlama súgartha a chur i bhfeidhm le tacú le dul chun cinn na litearthachta sna ranganna sóisearacha, trí thascanna scríbhneoireachta i suíomhanna súgartha mar shampla. Tacaíonn an CTB (ROS, 2019) le prionsabail *Aistear* (CNCM, 2009). Dar leis an CTB (ROS, 2019), is trí eispéiris spraíúla foghlama a bhforbraítear scileanna litearthachta, agus moltar cleachtais scríbhneoireachta a chomhtháthú leis na hábhair scoile, mar shampla trí ghníomhaíochtaí san Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta. Dar le Peterson (2016), baintear níos mó tairbhe as an scríbhneoireacht le linn súgradh drámata ina mbeadh cuspóir fiúntach leis an scríbhneoireacht ná le linn tascanna scríbhneoireachta foirmeáilte agus sonraíonn Morrow agus Rand (1991), go mbíonn páistí níos gafa le súgradh bunaithe ar litearthacht nuair a bhíonn daoine fásta páirteach ann ná nuair a bhíonn siad ag súgradh leo féin.

Tá codarsnacht idir an dearcadh seo ar fhorbairt scileanna litearthachta agus dearcadh traidisiúnta ullmhacht chun léitheoireachta, cur chuige a chur béim ar an duine fásta ag múineadh ábhair don pháiste óg. Tá tuiscint anois go bhfuil eispéiris foghlama chomh tábhachtach céanna leis na scileanna atá le forbairt (Harris et al., 2011).

Feicfear anois ar dhá straitéis don scríbhneoireacht a nascann na snáitheanna teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht gur féidir a chur i bhfeidhm i ranganna shóisearacha.

***An Cheardlann Scríbhneoireachta***

Is cur chuige í an cheardlann scríbhneoireachta a bhíonn in úsáid go hiondúil i ranganna sinsearacha na bunscoile, ach atá in úsáid níos minice anois sna ranganna sóisearacha (Dennis & Votteler, 2012). Tuairiscítear gur cleachtas cruthaitheach (Kennedy et al., 2012), sóisialta (Dennis & Votteler, 2012), agus gníomhach (Culham, 2014) iad na ceardlanna scríbhneoireachta. Tugtar deis do pháistí a bheith ag scríobh go fiúntach, faoi ábhair a thaitníonn leo, rud a chothaíonn gníomhú an pháiste (Kennedy et al., 2012). Sna ranganna sóisearacha, d’fhéadfadh gur líníochtaí nó scríobh a bheadh le feiceáil agus an aidhm a bheadh leis an scríbhneoireacht ná chun é a chur i láthair do lucht féachana (Dennis & Votteler, 2012).

Déantar cleachtadh ar an bpróiseas scríbhneoireachta, úsáidtear seánraí scríbhneoireachta éagsúla, agus déanann an múinteoir ranga scafláil agus múnlú ar choincheapa agus scileanna chun go dtugtar deis do pháistí bheith ag scríobh go réalaíoch, mar scríbhneoirí (ROS, 2019). Rinneadh iniúchadh ar úsáid ceardlann scríbhneoireachta le páistí réamhscolaíochta (King, 2012), agus i rith am na ceardlainne, tugadh deis do pháistí gnásanna scríbhneoireachta a chleachtadh,

scríbhneoireacht a roinnt le lucht féachana, agus ceisteanna a fhreagairt agus a chur faoin obair scríofa. Úsáideadh am comhdhála sa cheardlann scríbhneoireachta, straitéis a thug deis do na páistí labhairt faoi agus machnamh a dhéanamh ar a n-obair scríofa. Chuir na deiseanna seo go mór le tuiscint na páistí ar an bpróiseas scríbhneoireachta (King, 2012), agus ar an nasc idir scríbhneoireacht agus brí a léiriú (Bay, 2014). Tá sé seo ag teacht leis an tábhacht le comhtháthú scileanna litearthachta a pléadh níos luaithe sa chaibidil.

***Scéalta mar Spreagadh don Scríbhneoireacht***

Áis atá ceaptha a bheith úsáideach le scríbhneoireacht páistí a chothú ná leabhair. Tugann leabhair deis do pháistí struchtúr scéil a iniúchadh, an tús, lár agus deireadh scéil mar shampla (Paquette, 2007). Moltar úsáid a bhaint as téacsanna meantóirí (Bingham et al., 2017; Culham, 2014; Haland et al., 2018; Kennedy & Shiel, 2019), agus téacsanna a thaispeánann dea-chleachtais scríbhneoireachta, scéalta spéisiúla agus bríomhara mar shamplaí, ionas go gcuirfí le saibhreas scríbhneoireachta an pháiste (Dennis & Votteler, 2012). Tá tuiscint ann gur iomaí buntáiste atá ann ó thaobh forbairt de nuair a lean páistí óga leabhair (Bodrova & Leong, 2006). Agus, ag teacht leis an teoiric soch-chultúrtha agus cleachtais shóisialta na litearthachta, tá an straitéis léitheoireacht dhialógach, straitéis a dhéanann nasc idir teanga ó bhéal agus an léitheoireacht. Léann páiste leabhar i gcomhpháirt le duine fásta agus músclaíonn sé seo caint and comhrá (Kiely, 2017).

Tuairiscíonn Mhic Mhathúna (2010), go raibh dea-éifeacht ag leabhair a léamh arís agus arís eile le páistí óga ar theanga ó bhéal agus frásaí Gaeilge. Bíonn leabhair úsáideach agus tábhachtach i gcothú mionteanga, an Ghaeilge mar shampla, agus le scileanna teanga a fhorbairt (Dunne & Hickey, 2017). De réir de

Brún (2007), bhíodh bearna ann de leabhair tharraingteacha Ghaeilge do pháistí, ach le tamaillín anuas, tá níos mó leabhair tharraingteacha ar fáil. Is dúshlán é do mhúinteoirí teacht ar leabhair i mionteanga a úsáideann teanga shimplí go leor go dtuigfeadh foghlaimeoirí teanga bhreise (Dunne & Hickey, 2017).

**Conclúid**

Is iomaí athrú atá tagtha ar mhodheolaíochtaí múineadh na litearthachta agus ar dhearcthaí i leith forbairt na litearthachta sna luath-óige. Tá tuiscint sa lá atá inniu ann go bhforbraítear an litearthacht trí idirghníomhaíochtaí sóisialta, trí shúgradh, agus trí chomhoibriú le daoine eile, cuma cibé teanga atá á bhforbairt ag an bpáiste. Tuigtear freisin go bhfuil ceangail idir teanga ó bhéal, scríbhneoireacht agus léitheoireacht (Bodrova & Leong, 2006; Kennedy et al., 2012; Riley, 2006; Strickland, 1990; Whitehurst & Lonigan, 1998). Mar sin, tá cur chuige comhtháite agus cothromaithe ag teastáil (SNSO, 2015). Is minic, faraor go mbíonn teagasc na luath-scríbhneoireachta dírithe ar fhoirmiú litreacha amháin (Gerde et al., 2012), agus díritear ar mhúineadh scileanna srianta agus neamhshrianta (NELP, 2008), seachas ar mhúineadh scileanna idircheangailte.

Faoi láthair, is beag taighde a dhéanann iniúchadh ar fhorbairt scileanna na luathscríbhneoireachta i mionteanga, agus a leagan amach straitéisí le tacú le páistí agus iad i mbun scríbhneoireacht fhiúntach ina dteanga bhreise. De bharr seo, tá baol ann go mbeadh cleachtais scríbhneoireachta sna luathbhlianta i SLG srianta agus teoranta, dírithe ar fhoirmiú litreacha, abairtí a chóipeáil agus scileanna peannaireachta. Tá tábhacht le múineadh scileanna litearthachta i bhforbairt mionteanga (Hickey & Stenson, 2016), agus toisc gur mionteanga í an Ghaeilge, agus go raibh imeallú déanta ar ghnéithe áirithe de litearthacht na Gaeilge, an scríbhneoireacht mar shampla, le tamall anuas, is gá tacaíochtaí breise a bheith ar

fáil di (SNSO, 2015), tacaíochtaí ó thaobh múineadh na Gaeilge, acmhainní, agus straitéisí oideolaíochta. Níl taighde ann faoi láthair a dhéanann staidéar ar na cleachtais atá i bhfeidhm i ranganna sóisearacha SLG le luathscríbhneoireacht agus scríbhneoireacht chruthaitheach páistí a fhorbairt agus a spreagadh.

Luaite thuas bhí dhá mhodh, an cheardlann scríbhneoireachta agus úsáid leabhair léitheoireachta, gur féidir le múinteoirí a úsáid le páistí a spreagadh chun scríbhneoireachta. Ina theannta sin, pléadh an tábhacht a bhaineann le húsáid litriú cumtha, scriobláil agus marc-chruthú, agus gníomhaíochtaí spraíúla a mholtar in *Aistear* (CNCM, 2009) agus an CTB (ROS, 2019). Is féidir na straitéisí thuas a úsáid mar bhealach chun páistí ardchumais ó thaobh teanga ó bhéal agus léitheoireacht agus scríbhneoireacht na Gaeilge de a spreagadh.

Sa chéad chaibidil eile, déanfar cur síos ar an modheolaíocht, dearadh an taighde, an uirlis taighde agus cúrsaí eitice a cuireadh i bhfeidhm le tabhairt faoi na ceisteanna taighde.

# Caibidil a 3. An Mhodheolaíocht

Déantar cur síos sa chaibidil seo ar an bparaidím fealsúnachta ina bhfuil an staidéar seo bunaithe agus ar na cúiseanna ar roghnaíodh an mhodheolaíocht taighde cháilíochtúil le tabhairt faoi fhiosrúcháin an cheist taighde, 'Céard iad dearcthaí múinteoirí scoileanna lán-Ghaeilge ar fhorbairt luathscríbhneoireacht an pháiste óig, agus céard iad na cleachtais atá i bhfeidhm acu chun scríbhneoireacht chruthaitheach i dteanga mhionlaigh a chothú?'.

Déantar plé ar an modh samplála a úsáideadh le rannpháirtithe a earcú don taighde. Tugtar eolas ginearálta ar na rannpháirtithe a bhí páirteach sa taighde. Pléitear an uirlis taighde a roghnaíodh, na cúiseanna a roghnaíodh é, agus na céimeanna a leanadh i bpleanáil agus ullmhúcháin an uirlis taighde. Ina dhiaidh sin, déantar cur síos ar conas a rinneadh eagrúcháin ar na sonraí agus ar na modhanna a úsáideadh in anailís na sonraí. Ar deireadh, pléitear cúrsaí eitice an taighde seo agus na nósanna imeachta a bhaineadh úsáid astu le cúram eitice ar ardchaighdeán a chinntiú, agus ar na teorannaithe a bhain leis an taighde.

## Na Paraidímí Fealsúnachta

Tá dhá chineál paraidímí ann a ndéantar plé orthu go minic i dtaighde na heolaíochtaí sóisialta. Is iad sin an pharaidím posaitíbheachas agus an paraidím léirmhínitheach. Faoin bparaidím posaitíbheachas, déantar fiosrú ar cheisteanna taighde agus iompraíocht an duine trí bhreathnóireacht agus tástálacha a dhéanamh (Basit, 2010) agus baintear úsáid as sonraí uimhriúla le ceisteanna a fhreagairt (Iacono et al. 2009). Déantar na torthaí a ghinearálú ionas gur féidir súil neamhchlaonta a chaitheamh ar fheiminéan sóisialta (Denscombe, 2014). Go hiondúil, is modheolaíochtaí cainníochtúla, mar shampla ceistneoirí dúnta, a

úsáidtear sa chur chuige seo agus is cur chuige oiriúnach é do mhórthionscadal toisc go mbíonn sampláil mhór ag teastáil (Denscombe, 2014). Toisc gur mionthionscadal é seo, beartaíodh go mbeadh cur chuige cáilíochtúil níos oiriúnaí dó agus déantar na ceisteanna taighde a imscrúdú tríd an bparaidím léirmhínitheach.

***An Pharaidím Léirmhínitheach***

Sa staidéar seo, déantar iniúchadh ar dhearcthaí agus eispéireas múinteoirí atá ag obair i suíomh sóisialta agus oideachasúil faoi leith trí lionsa na paraidíme léirmhínithe. Faoin bparaidím léirmhínitheach, déantar iniúchadh ar iompraíocht an duine agus ar dhearcthaí agus eispéiris éagsúla ar eachtraí áirithe (Agee, 2009; Basit, 2010). Ní dhéantar ginearálú ar na torthaí (Basit, 2010), ach glactar leis go bhfuil réimse de réaltachtaí ann a bhraitheann ar fhíorshaol an duine (Creswell, 2013). Ó am go ham, is féidir na torthaí a haistriú go suíomhanna atá cosúil le chéile (Basit, 2010).

Tugann an pharaidím léirmhínitheach deis do rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar a dtaithí agus a gcuid cleachtais féin, agus cuireann an t-aischothú seo ó mhúinteoirí a bhíonn ag plé le múineadh na scríbhneoireachta go laethúil go mór lenár tuiscint ar mhodhanna chun an scríbhneoireacht a chur chun cinn i measc páistí óga. Is cur chuige agus modheolaíochtaí cáilíochtúla is mó a úsáidtear i dtaighde léirmhínitheach, mar shamplaí agallaimh agus ceistneoirí oscailte (Denscombe, 2014).

**Dearadh an Taighde**

Agus cinneadh á dhéanamh ar chur chuige agus ar mhodheolaíochtaí oiriúnacha don staidéar seo, léadh trí phíosaí thaighde bunaithe ar dhearcthaí oideachasóirí ar chúrsaí litearthachta na Gaeilge nó cúrsaí litearthachta na luath-

óige a bhain úsáid as cur chuige cáilíochtúil agus agallamh leathstruchtúrtha amháin le sonraí a bhailiú.

Rinne de Búrca (2008) iniúchadh ar chúrsaí litearthachta agus na tacaíochtaí atá ar fáil don léitheoireacht, an tacaíocht foghlama, agus seirbhísí breise i SLG. Cuireadh agallaimh ar mhúinteoirí, múinteoirí oideachais speisialta agus príomhoidí sa staidéar sin. Chuir Stenson agus Hickey (2014), triúr rannpháirtithe déag, idir mhúinteoirí i mbunscoileanna lán-Bhéarla agus saineolaithe na Gaeilge, faoi agallamh leathstruchtúrtha le fiosrú a dhéanamh ar a dtuairimí ar mhúineadh na léitheoireachta Gaeilge agus ar na dúshláin a bhaineann le litriú na Gaeilge. I dtaighde idirnáisiúnta, rinneadh iniúchadh ar mhodhanna múinteoirí réamhscolaíochta sa tSualainn chun scríbhneoireacht páistí a chur ar aghaidh agus a ndearcthaí ar ról an mhúinteora i ndul chun cinn scríbhneoireacht páistí óga (Andersson et al., 2019). Sa staidéar sin, cuireadh agallamh ar dháréag mhúinteoirí réamhscolaíochta.

Uirlis taighde oiriúnach a bhí in agallaimh leath-struchtúrtha sna trí staidéir thuas luaite toisc go raibh na taighdeoirí in ann ceisteanna oscailte a chur ar rannpháirtithe chun deis a thabhairt dóibh machnamh a dhéanamh ar na straitéisí a úsáidtear agus a gcleachtais ina gcuid suíomhanna féin. Níor úsáideadh ach uirlis taighde amháin sna staidéir seo, agus mar sin, ní féidir glacadh leis go bhfuil na samplaí ionadaíoch do dhearcthaí agus cleachtais an phobail i gcoitinne. Ach, nochtaíodh pátrúin agus téamaí coitianta, agus bailíodh sonraí ó dhaoine a bhí eolach ar na hábhair a bhí á bhfiosrú, gnéithe a chur go mór le fiosrúcháin na ceisteanna taighde sna staidéir sin.

## Cur Chuige Cáilíochtúil

Bhí sé mar aidhm ag an taighde seo cur chuige cáilíochtúil a leanúint agus agallaimh leathstruchtúrtha a úsáid mar a bhí úsáidte sna staidéar thuas luaite mar gheall ar na buntáistí a chuireann an cur chuige agus uirlis taighde seo ar fáil. Sonraíonn Creswell (2013) gur féidir taighde cháilíochtúil a shainmhíniú mar bhailiúcháin sonraí i suíomh nádúrtha agus i mbealach atá íogair ó thaobh na ndaoine agus na suíomhanna de. I dtaighde cáilíochtúil, cuirtear béim ar thuiscint an taighdeora ar an gcomhthéacs ina bhfuil an taighde á reáchtáil (Lankshear & Knobel, 2004), agus ar na tuiscintí a bhíonn ag na rannpháirtithe ar an topaic nó an cheist atá á fhiosrú (Creswell, 2013). Faoin gcur chuige cáilíochtúil, “The focus is on a detailed exploration of a small number of examples or participants who can elucidate a particular aspect of social reality.” (Basit, 2010, lch. 160). Ceapadh gur cur chuige oiriúnach a bhí anseo toisc go dtabharfadh sé deis don taighdeoir dearcthaí agus fíorthaithí múinteoirí atá ag obair faoi láthair i suíomhanna oideachas agus atá ag cur i bhfeidhm CTB (2019), a bhailiú agus a iniúchadh.

## Earcú Rannpháirtithe

Chun an taighde seo a dhéanamh bhí dearcthaí ó mhúinteoirí bunscoile ag teastáil, múinteoirí a raibh taithí acu ar ranganna naíonáin a mhúineadh nó obair le grúpaí naíonán mar chuid den chlár oideachas speisialta, agus príomhoidí chun triantánú a dhéanamh. Chuige sin baineadh úsáid as dearadh samplála neamhdhóchúlachta trí shampláil bhreisítheach le rannpháirtithe a earcú d’agallaimh aonar. Is sampláil oiriúnach é seo do mhionthionscadail, dar le Denscombe (2014). Tá an cineál seo samplála faoi thionchar freagróirí toisc go mbíonn na freagróirí páirteach in earcú rannpháirtithe (Cohen et al., 2011).

Faoin tsampláil bhreisítheach, chuaigh an taighdeoir i dteagmháil le múinteoirí bunscoile a bhí ag múineadh i SLG uirbeacha i mBaile Átha Cliath, ceann acu an scoil ina bhfuil an taighdeoir ag múineadh, agus míníodh go raibh rannpháirtithe le taithí mhúinteoireachta i ranganna naíonán ag teastáil. Roghnaíodh scoileanna ina raibh teagmhálaí ag an taighdeoir ann. Scaipeadh an scéal i measc comhghleacaithe oiriúnacha na múinteoirí sna scoileanna sin, i.e. múinteoirí naíonáin, múinteoirí oideachas speisialta (OS) agus príomhoidí, agus tugadh sonraí teagmhála rannpháirtithe don taighdeoir ó dhaoine a bhí spéis acu páirt a ghlacadh.

Beartaíodh go mbeadh cuireadh ag múinteoirí a raibh taithí mhúinteoireachta bliain amháin nó níos mó acu ag múineadh ranganna naíonán i SLG. Bhí cuireadh ag múinteoirí oideachais speisialta a d’oibrigh le ranganna naíonán a bhí ábalta a ndearcadh a léiriú ar an tacaíocht a bhíonn de dhíth ó pháistí áirithe chun a scríbhneoireacht a fhorbairt. Bhí cuireadh tugtha do phríomhoide bunscoile chun a dearcthaí a thabhairt ar na tacaíochtaí a bhíonn ag teastáil ó mhúinteoirí ó thaobh cúrsaí litearthachta agus scríbhneoireachta de, agus ar na dúshláin a bhíonn ann don fhoireann scoile chun litearthacht na Gaeilge a mhúineadh.

Earcaíodh múinteoir ó SLG DEIS toisc gur ceapadh go dtabharfadh sin scéal níos fairsinge ó thaobh cleachtais scríbhneoireachta bunscoileanna SLG agus tabharfadh sé an deis iniúchadh a dhéanamh ar chúrsaí litearthachta na scoileanna nach bhfuil an stádas sin acu chun réimse chur chuigí don litearthacht a iniúchadh.

Earcaíodh 11 rannpháirtithe. I measc na rannpháirtithe bhí príomhoide amháin, múinteoir OS amháin, agus naíonúir múinteoirí ranga, duine amháin dóibh a bhí ag obair i scoil DEIS. As na naíonúir múinteoirí ranga, bhí seisear ag

múineadh na naíonáin shóisearacha nó shinsearacha ag am na n-agallamh, agus maidir leis an mbeirt eile, bhí bliain amháin ar a laghad de thaithí mhúinteoireachta na ranganna naíonán acu. Scoileanna measctha a bhí sna scoileanna ar fad. Sa tábla thíos, tugtar léargas ar róil na rannpháirtithe, eolas ginearálta ar an taithí atá acu, agus na dearcthaí a léiríonn siad atá ceangailte leis an taighde seo.

**Tábla 1.**

*Cur síos ar na rannpháirtithe agus an dearcadh a léirigh siad.*

| Ról an rannpháirtí | Taithí mhúinteoireachta an rannpháirtí | An dearcadh a léirigh an rannpháirtí |
|---|---|---|
| Príomhoide bunscoile | Tá os cionn fiche bliana taithí mhúinteoireachta i SLG ag an bpríomhoide, agus tá ocht mbliana caite aice le ranganna naíonán. | Dearcadh i leith polasaí litearthachta na scoile a fhorbairt agus na tacaíochtaí a bhíonn ag teastáil ó mhúinteoirí agus foireann scoile chun scríbhneoireacht agus litearthacht na Gaeilge a mhúineadh agus a chur chun cinn. |
| Múinteoirí ranga | Bhí réimse de thaithí mhúinteoireachta ag na múinteoirí ranga a cuireadh faoi agallamh. Bhí idir trí bliana agus fiche bliana taithí mhúinteoireachta acu. | Dearcthaí ar ról an mhúinteora, modheolaíochtaí don scríbhneoireacht a bhíonn in úsáid sna ranganna naíonán, agus aon dúshláin a bhíonn rompu. |
| Múinteoir Oideachais Speisialta | Tá cúig bliana de thaithí mhúinteoireachta le ranganna naíonán ag an múinteoir OS agus tá sí ag obair in oideachais speisialta faoi láthair le cúpla bliain anuas. | Dearcadh i leith na dtacaíochtaí a bhíonn ag teastáil ó pháistí áirithe chun an scríbhneoireacht a chur chun cinn, agus eolas ar na tacaíochtaí a bhíonn ar fáil sna seomraí ranga naíonán. |

**Cúram Eitice**

Dar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGO) (2012), tá trí phrionsabal ann a bhaineann leis an taighde eiticiúil: íoslaghdú ar dhochair, toiliú feasach, agus rúndacht agus anaithnideacht. Is ceart aidhm an taighde a chur i láthair do rannpháirtithe i mbealach soiléir agus oiriúnach nuair a bhíonn toiliú feasach an rannpháirtithe á lorg (Alderson, 2014). Bhí sé mar aidhm ag an taighdeoir a shoiléiriú do rannpháirtithe go mbeadh siad ag glacadh páirte ar bhonn deonach, mar a mholann RLGO (2012) agus Denscombe (2014), agus scríobhadh seo go follasach sa chomhfhreagras a rinneadh leis na rannpháirtithe. Tá cóip den litir le fáil in Aguisín A.

Nuair a bhíonn agallaimh in úsáid mar uirlis thaighde, molann Bell agus Waters (2014) gur fiú a mhíniú do rannpháirtithe an aidhm a bhaineann leis na hagallaimh, agus conas a d’úsáidfí, a roinnfí agus a stórálfaí na sonraí (Bell agus Waters, 2014). Seoladh eolas faoin taighde agus aidhm an taighde go rannpháirtithe trí ríomhphost ar dtús agus bhí coicís acu chun cinneadh a dhéanamh maidir lena rannpháirtíocht.

Nuair a thaispeáin an rannpháirtí spéis in agallamh a dhéanamh, eagraíodh lá agus am a bhí feiliúnach dóibh tar éis am scoile, agus cuireadh foirm toiliú feasach ar *Survey Monkey* i ríomhphost chucu agus iarradh orthu an fhoirm a líonadh roimh na hagallaimh. Tá cóip den fhoirm ar fáil in Aguisín B. Bhí an taighdeoir i dteagmháil trí ríomhphost nó trí ghlaoch gutháin le rannpháirtithe le ceisteanna a fhreagairt agus chun lá agus dáta don agallamh a roghnú. Rinneadh agallamh amháin roimh laethanta saoire na Cásca, ag deireadh mí an Mhárta 2021, seacht n-agallamh le linn saoire na Cásca, agus trí agallamh seachtain i ndhiaidh na saoire (Aibreán 2021).

Chuaigh an taighdeoir i dteagmháil le deichniúr rannpháirtithe trí mheán na Gaeilge, agus duine amháin trí Bhéarla. Bhí rogha ag an rannpháirtí an t-agallamh a dhéanamh trí mheán na Gaeilge nó as Béarla. Rinneadh gach agallamh trí Ghaeilge, ach shonraigh múinteoir amháin go mbeadh roinnt Béarla á labhairt aici. D'úsáid an taighdeoir seoladh ríomhphost an choláiste, Institiúid Oideachais Marino le dul i dteagmháil leis na rannpháirtithe, agus bhí meascán idir sheoladh ríomhphost pearsanta agus ríomhphost scoile na rannpháirtithe tugtha don taighdeoir le dul i dteagmháil leo. Rinneadh gach iarracht a chinntiú do rannpháirtithe nach raibh a gcleachtais faoi scrúdú, agus go raibh an taighde dírithe ar a dtuairimí.

Rinneadh gach iarracht sonraí pearsanta na rannpháirtithe a choimeád faoi rún. De bharr gur miontionscadal é seo, agus úsáideadh sampláil bhreisítheach, bhí srian leis an anaithnideacht. Ach, úsáideadh ainmneacha cleite ionas nach mbeadh rannpháirtithe ná scoileanna in ann a bheith ainmnithe i dteideal na gcomhad fuaime, sna tras-scríbhinní ná sa thráchtas. Scriosfar na sonraí i ndiaidh 18 mhí tar éis dáta taiscthe an taighde.

## An Uirlis Taighde

De réir Cohen et al. (2011), is féidir agallaimh a úsáid mar uirlis taighde chun eolas a bhaineann le haidhm an taighde a bhailiú, chun hipitéis a iniúchadh nó mar uirlis mhínitheach, nó mar uirlis taighde i bpáirt le huirlis eile. I gcás an taighde seo, baineadh úsáid as agallaimh chun tuairimí múinteoirí a bhailiú maidir le cleachtais na luathscríbhneoireachta agus an scríbhneoireacht chruthaitheach i ranganna sóisearacha. De réir Cohen et al. (2011), bíonn agallaimh cháilíochtúla leathstruchtúrtha oscailte agus braitheann siad ar úsáid teanga nádúrtha. Is agallaimh struchtúrtha agus eagraithe iad, ach solúbtha ó thaobh ceisteanna a chur

in oiriúint do na hagallaimh nuair a bhíonn gá leis (Denscombe, 2014). Tugann agallamh leathstruchtúrtha an deis don taighdeoir díriú ar théamaí a aithníodh san athbhreithniú litríochta ach tá sé seo oscailte do rannpháirtithe taithí agus tuairimí eile a ardú, mar a bhí úsáidte ag Andersson et al. (2019), Stenson agus Hickey (2014), agus de Búrca (2008).

Beartaíodh agallamh aonair a úsáid mar uirlis taighde chun ceisteanna a phlé go mion le rannpháirtithe, agus chun deis a thabhairt dóibh cur síos saibhir a thabhairt ar a dtaithí féin. Ina theannta sin, bhí agallaimh ceaptha a bheith níos áisiúla agus níos oiriúnaí ná modhanna cáilíochtúla eile mar shampla, dialanna machnamhacha toisc gur féidir ceisteanna oscailte a chur ar na rannpháirtithe le linn an agallaimh leathstruchtúrtha agus freagraí a fhiosrú chun breis eolais a fháil (Roulston agus Choi, 2018).

Roghnaíodh agallaimh aonair seachas grúpaí fócais mar shampla toisc go dtabharfadh sé deis do rannpháirtithe ceisteanna a fhreagairt gan tionchar ó fhreagraí agus ó thuairimí múinteoirí eile a d'fhéadfadh a bheith níos eolaí faoin ábhar taighde. Chomh maith leis sin, go praiticiúil le linn scaradh sóisialta faoi láthair, bheadh sé deacair daoine a chruinniú in aon scoil amháin. Toisc nach mbeadh aithne acu ar a chéile, b'fhéidir nach mbeadh daoine sásta labhairt go hoscailte ar ardán fíorúil ar nós Zoom. Má bhí deacracht rochtana ag aon duine san agallamh aonair, bhí an taighdeoir in ann an cheist a chur arís nó a shoiléiriú. Bheadh sin níos casta le grúpa mór ar an scáileán ag an am céanna.

***Téamaí na n-Agallamh***

Roghnaíodh ceithre théama do na hagallaimh a aithníodh san léirbhreithniú litríochta mar théamaí oiriúnacha.

1. Ar dtús, rinneadh fiosrú ar dhearcthaí na múinteoirí ar an luathlitearthacht agus an luathscríbhneoireacht.
2. Ansin, iarraidh ar na múinteoirí labhairt faoi mhodheolaíochtaí múineadh na litearthachta agus na scríbhneoireachta a bhíonn i bhfeidhm sna ranganna naíonáin.
3. Rinneadh fiosrú ar dhearcthaí na múinteoirí i leith ról an mhúinteora i ndul chun cinn scileanna litearthachta an pháiste óig agus,
4. Ar deireadh, fiosraíodh cúrsaí scríbhneoireachta i SLG, na dúshláin a bhíonn ag múinteoirí agus páistí, agus a ndearcthaí i leith scileanna litearthachta na Gaeilge a mhúineadh do pháistí óga.

Athraíodh ceisteanna áirithe nuair a bhí múinteoir ranga, múinteoir OS nó príomhoide á chur faoi agallamh. Cé go raibh na ceithre mhórthéama roghnaithe, bhí trasnaíl ann uaireanta. Mar shampla, labhair roinnt mhúinteoirí faoina ról mar eiseamláir scríbhneora nuair a bhí siad ag caint faoi na modheolaíochtaí a bhí i bhfeidhm acu.

***An t-Agallamh Píolótach***

Le fiosrú a dhéanamh ar struchtúr na n-agallamh, ord agus oiriúnacht na gceisteanna, agus ar an bhfad a mhairfeadh sé, rinneadh agallamh píolótach amháin le múinteoir bunscoile a raibh taithí mhúinteoireachta na ranganna naíonáin i suíomh SLG acu. Tar éis an agallaimh phíolótaigh, rinneadh athruithe mar gheall ar aischothú an rannpháirtí:

- Laghdaíodh an méid ceisteanna i gcuid 1 agus athraíodh foclaíocht na gceiste ar thaithí an mhúinteora
- Laghdaíodh an méid ceisteanna i gcuid 2 chun na ceisteanna a dhéanamh níos oscailte agus níos soiléire

- Cuireadh ceist amháin breise i gcuid 3 maidir le Curaclam Teanga na Bunscoile (2019)
- Athraíodh struchtúr ceist amháin faoin nGaeilge agus múineadh na scríbhneoireachta i SLG ar mhaithe le soiléireachta.

Tá cóip den liosta ceisteanna roimh agus tar éis an agallaimh phíolótaigh ar fáil in Aguisín C**.**

***Agallaimh ar líne***

Athraíodh cur chuige an taighde de bharr shrianta Phaindéim Covid-19. In ionad aischothú a fháil ó pháistí, socraíodh ar dhearcthaí múinteoirí a bhailiú. Ní raibh agallaimh aghaidh ar aghaidh indéanta. Bhí na hagallaimh ar siúl trí fhíschomhdháil ar Zoom. Braitheann agallaimh cháilíochtúla agus na sonraí a bhailítear iontu go mór ar chaidreamh agus chomhthuiscint idir an t-agallóir agus an t-agallaí (Glogowska et al., 2011). De bharr seo, tá míbhuntáistí ag baint le hagallaimh a dhéanamh ar líne nó ar an teileafón in áit agallaimh aghaidh ar aghaidh. Tá baol ann nach mbeadh an t-agallóir in ann leid neamhbhriathartha (Archibald et al., 2019; Lechuga, 2012) agus leid comharthaíocht choirp (Gray et al., 2020) a léamh go héasca. Ina theannta sin, d'fhéadfadh fadhbanna le rochtain idirlín a bheith ann (Gray et al., 2020).

É sin ráite, tá buntáistí le hagallaimh a dhéanamh ar líne. Sonraíonn Archibald et al. (2019) gur modh áisiúil, solúbtha agus so-úsáidte é agallamh ar Zoom. Níl taisteal i gceist agus tá siad éifeachtach ó thaobh costas de (Gray et al., 2020). Roghnaíodh Zoom mar áis toisc gur féidir agallaimh a thaifeadadh go sábháilte gan úsáid a bhaint as bogearraí tríú pháirtí, is féidir leis an taighdeoir an taifead a shábháil go héasca (Archibald et al., 2019), agus tá cosaint pasfhocal air (Gray et al., 2020). Bhí rogha ag an agallaí a ceamara a bheith ar siúl i rith na n-

agallamh, rud a chabhraigh leis an gcaidreamh idirphearsanta. Chuir gach rannpháirtí a c(h)eamara ar siúl.

***Ról an Agallóra***

Mar a luadh thuas, braitheann na hagallaimh ar an gcaidreamh idir an t-agallóir agus an t-agallaí (Cohen et al., 2011) agus d’fhéadfadh gur, “the source of both its advantages and disadvantages as a research technique” é seo (Cohen et al., 2011, lch. 411). Is cúnamh é gné chaidreamhach agallaimh le heolas fiúntach a bhailiú. Ach, tá baol claonadh agallóra ann freisin. Baineann Denscombe (2014), úsáid as an téarma ‘the interviewer effect’ le cur síos a dhéanamh ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag an agallóir ar an agallaí agus na freagraí a thugtar. Tá baol ann mar shampla, go bhfreagrófar ceisteanna ar mhaithe leis an agallóir a shásamh (Basit, 2010). Molann Basit (2010) go gcruthaítear “inter-subjective understanding” (lch. 115) idir an agallóir agus an agallaí, agus go ndéantar claonadh a íoslaghdú trí bheith oscailte ó thaobh na freagraí agus sonraí a bhailítear. Déantar tuilleadh plé ar an ábhar seo thíos.

**Céimeanna sa Taighde**

Baineadh úsáid as creatlach samplach do phleanáil taighde a bhí leagtha amach i Cohen et al. (2011) chun treoir a thabhairt don taighdeoir i rith pleanáil agus cur i bhfeidhm an taighde seo. De réir Cohen et al. (2011), is féidir le hord agus céimeanna próiseas taighde a bheith difriúil ag braith ar an gcineál taighde a bhíonn ar bhun. Féachfar thíos tábla a leagan amach céimeanna an taighde seo.

**Tábla 2.**

*Leagadh amach amlíne agus céimeanna an taighde seo, le treoir ó chreatlach samplach Cohen et al. (2011).*

| | Céim sa taighde | Cur síos ar an gcéim |
|---|---|---|
| **Mí Mheán Fómhair 2020** | Ábhar spéise/topaic a roghnú | Roghnaíodh an luath-scríbhneoireacht mar ábhar taighde toisc go bhfuil an-spéis ag an taighdeoir san ábhar seo. Tosaíodh ar litríocht ábhartha a léamh i Mí Meán Fómhair 2020. |
| **Mí Dheireadh Fómhair- Mí na Samhna 2020** | Ceisteanna taighde, dearadh an taighde agus uirlis bailiúcháin sonraí a roghnú a thagann leis an topaic | I ndiaidh píosaí taighde agus litríocht ábhartha a léamh, aithníodh bearna sa litríocht bunaithe ar an ábhar spéise a roghnaíodh, agus rinneadh cinneadh ar na ceisteanna taighde, dearadh an taighde agus uirlis taighde a bhí ag teacht leis an gcomhthéacs ina bhfuil an taighdeoir ag múineadh agus an t-ábhar spéise a roghnaíodh. Cuireadh togra taighde le chéile idir Mí Deireadh Fómhair agus Mí na Samhna 2020. |
| **Mí na Nollag 2020** | Athbhreithniú ar an dearadh taighde | Athraíodh an dearadh taighde toisc na srianta a bhí ann ag an am de bharr an Phaindéim Covid-19. In ionad dearadh taighde gníomhaíochta le rannpháirtíocht ó pháistí, beartaíodh aischothú a fháil ó mhúinteoirí bunaithe ar an topaic céanna. Cuireadh togra taighde uasdátaithe le chéile i Mí Nollaig 2020. |
| **Mí na Nollag 2020- Mí Feabhra 2021** | Athbhreithniú litríochta a chur le chéile. | Idir Mí na Nollag 2020 agus Mí Feabhra 2021, cuireadh athbhreithniú litríochta le chéile bunaithe ar an ábhar taighde agus na ceisteanna taighde. |
| **Mí Feabhra- Mí an Mhárta 2021** | Rannpháirtithe a earcú. Sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh ar na sonraí | Earcaíodh rannpháirtithe idir dheireadh Mí Feabhra agus Mí an Mhárta 2021 fad is a bhí an mhodheolaíocht taighde á chur |

| | | |
|---|---|---|
| | | le chéile. Tosaíodh ar an mbailiúcháin sonraí ag deireadh Mí an Mhárta. |
| **Mí Aibreán-Mí Bealtaine 2021** | Na sonraí taighde a thuairisciú agus na ceisteanna taighde a fhreagairt ón eolas a nochtaíodh ón taighde. | Rinneadh tras-scríbhinn ar na hagallaimh agus iniúchadh ar na sonraí le linn an tréimhse seo. Cuireadh críoch leis an mbailiúcháin sonraí i Mí Aibreáin agus tosaíodh ar chur i láthair agus anailís na torthaí, agus freagairt na ceisteanna taighde ón eolas a d'eascair ón uirlis taighde. |

**Anailís Sonraí**

Chun sonraí na n-agallamh a eagrú roimh chéim na hanailíse, baineadh úsáid as cur chuige anailís théamach atá molta ag Braun agus Clarke (2012). Faoin anailís théamach, eagraíodh sonraí na n-agallamh de réir téamaí agus pátrún ionas go raibh an taighdeoir in ann eolas ábhartha don cheist taighde a aimsiú. Bhain Stenson agus Hickey (2014) agus Andersson et al. (2019) úsáid ina gcuid taighde as an bpróiseas anailís théamach atá molta ag Braun agus Clarke (2012). Leanadh na sé chéim sa phróiseas anailíse agus déantar cur síos ar na céimeanna i Tábla 3 thíos.

**Tábla 3.**

*Cur síos ar an bpróiseas anailíse téamach (Braun agus Clarke, 2012)*

| | |
|---|---|
| Céim 1: Eolas a chur ar na sonraí<br>*Familiarizing yourself with the data* | Rinneadh tras-scríbhinn focal ar fhocal ar thaifead fuaime na n-agallamh go léir. Ní dhearnadh tagairt don teanga neamhlabhartha sna tras-scríbhinní. Cé go mbeadh an t-eolas breise sin suimiúil, bhí sé lasmuigh de scóip an taighde seo. Trí léamh agus athléamh na tras-scríbhinní, bhí an taighdeoir in ann a bheith sáite sna sonraí (Braun & Clarke, 2012). |

| | |
|---|---|
| Céim 2: Cód tosaigh a chruthú<br>*Generate initial codes* | Aithníodh pátrúin agus téamaí trí iniúchadh a dhéanamh ar na sonraí. Úsáideadh nótaí lámh-scríbhinn agus pinn daite le nótaí a bhreacadh de phátrúin agus téamaí coitianta. |
| Céim 3: Téamaí a lorg<br>*Searching for themes* | Aithníodh 25 phátrún agus 5 théama coitianta i measc na tras-scríbhinn agus a bhain leis na ceisteanna taighde. Úsáideadh na téamaí a bhí roghnaithe do na hagallaimh mar threoir. |
| Céim 4: Athbhreithniú a dhéanamh ar théamaí<br>*Reviewing potential themes* | Laghdaíodh na 5 théama go 4 théama. Ceapadh go raibh na téamaí 'ról an mhúinteora' agus 'modheolaíochtaí agus áiseanna' ró- mhór le cur in aon théama amháin. Tá liosta de na cóid tosaigh le fáil in Aguisín D. |
| Céim 5: Cur síos a dhéanamh ar théamaí agus iad a ainmniú<br>*Defining and naming themes* | Eagraíodh na téamaí agus na fo-théamaí. Tá liosta na dtéamaí agus na fo-théamaí leagtha amach i dTábla 4 thíos. |
| Céim 6: An tuairisc a chur ar fáil<br>*Producing the report* | Moltar dóthain fianaise agus samplaí oiriúnacha d'eolais ó na sonraí a chur sa thuairisc chun scéal an taighde a léiriú (Braun agus Clarke, 2006). Déantar na sonraí a chur i láthair agus a fhiosrú sa chéad dá chaibidil eile. |

**Tábla 4.**

*Na téamaí agus na fo-théamaí*

| | |
|---|---|
| Ról an mhúinteora | ○ Suim agus spéis a chothú<br>○ Tacaíochtaí ar leibhéal íseal<br>○ Timpeallacht a chruthú<br>○ Dúshláin |
| Modheolaíochtaí agus cleachtais scríbhneoireachta | ○ Súgradh<br>○ Cleachtais scríbhneoireachta cruthaithí<br>○ Curaclam Teanga na Bunscoile |

| | |
|---|---|
| | ○ Tacaíochtaí breise don litearthacht<br>○ Áiseanna<br>○ An teicneolaíocht |
| Dearcadh an mhúinteora i leith forbairt na scríbhneoireachta | ○ Dearcadh ar fhorbairt na luathscríbhneoireachta<br>○ Scil fisiciúil na scríbhneoireachta<br>○ An pheannaireacht |
| An scríbhneoireacht i scoileanna lán-Ghaeilge | ○ An tumoideachas<br>○ Teanga ó bhéal<br>○ Múineadh scileanna litearthachta na Gaeilge<br>○ Tábhacht scileanna litearthachta na Gaeilge a mhúineadh<br>○ Dúshláin do mhúinteoirí agus do pháistí |

**Iontaofacht an Staidéir**

De réir Lincoln agus Guba (1986), tá ceithre chritéir ann a thacaíonn le bailíocht agus iontaofacht staidéar cáilíochtúil. Is iad sin inchreidteacht, inaistritheacht, iontaofacht agus dearbhaíocht. Déanfar cur síos ar na critéir i gcomhthéacs an staidéir atá faoi chaibidil. Bíonn teorainn ann le hiontaofacht i dtaighde cáilíochtúil toisc go mbíonn an taighde sáite i gcomhthéacs faoi leith agus bunaithe ar dhearcthaí rannpháirtithe sa chomhthéacs sin, agus ní féidir ginearálú a dhéanamh ar shonraí taighde cáilíochtúil (Basit, 2010). Ní hionann na modhanna le hiontaofacht taighde cainníochtúil agus cáilíochtúil a mheas toisc nach féidir comhthéacs sóisialta a athchruthú (Denscombe, 2014). Tá ról tábhachtach ag an taighdeoir cinntiú go bhfuil an taighde a bhíonn ar bhun acu iontaofa agus mionchúiseach (Atkins agus Wallace, 2015).

***Inchreidteacht***

Tá céimeanna ann gur féidir le taighdeoirí a úsáid i dtaighde cáilíochtúil le hinchreidteacht, nó cruinneas agus feiliúnacht an taighde a dheimhniú do léitheoirí

agus a chinntíonn go bhfuil dea-chleachtais á leanúint (Denscombe, 2014). Cuireann triantánú le hinchreidteacht taighde cáilíochtúil toisc gur féidir peirspictíochtaí ó fhoinsí éagsúla sonraí a chur i gcomparáid lena chéile (Basit, 2010). Sa taighde seo, baineadh úsáid as triantánú trí bhailiúcháin sonraí ó rannpháirtithe a d'oibrigh i 6 scoileanna éagsúla agus a bhí róil éagsúla acu, i.e. múinteoirí ranganna naíonán shóisearacha agus shinsearacha, príomhoide, múinteoir oideachas speisialta agus múinteoir ranga a d'oibrigh i scoil DEIS.

***Inaistritheacht agus Iontaofacht***

Le hinaistritheacht an taighde a chinntiú, tugadh mionchuntas ar na rannpháirtithe, chomh maith leis an modheolaíocht taighde, agus na céimeanna sa bhailiúcháin agus anailís taighde. Glactar leis nach féidir inaistriú nó ginearálú a dhéanamh ar na sonraí sa taighde toisc go mbaineann na sonraí le comhthéacs faoi leith ach, tá sé mar aidhm ag na cuntais tuairisciúil na sonraí a léiriú do léitheoirí le seans a thabhairt dóibh a gcinneadh féin a dhéanamh maidir le hinaistritheacht na sonraí i gcomhthéacs eile (Denscombe, 2014). Ina theannta sin, déantar cur síos cruinn ar na céimeanna sa bhailiúcháin agus anailís sonraí ó thús deireadh an staidéir, agus sonraítear na, "reputable procedures and reasonable decisions" (Denscombe, 2014, lch. 298) a bhain leis an taighde ionas gur féidir le taighdeoirí eile iontaofacht an staidéir a mheas.

***Dearbhaíocht***

Chun dearbhaíocht an taighde a chinntiú baineadh úsáid as an anailís théamach molta ag Braun agus Clarke (2012). Thacaigh an anailís cruinn seo le dearbhaíocht toisc gur chabhraigh sé le tuiscint an taighdeora ar phríomhaidhm an taighde a léiriú trí chéimeanna na hanailíse a mhíniú, na sonraí a mheas, agus iad a thuairisciú go mion.

Ba ghné an-tábhachtach i ndearbhaíocht an taighde a bhí i dtuiscint an taighdeora ar a seasamh fealsúnachta féin agus an éifeacht a bhí aige sin ar na modheolaíochtaí agus rannpháirtithe a roghnaíodh, an anailís sonraí agus torthaí an taighde, agus ar bhailíocht agus iontaofacht an taighde i gcoitinne. (Cohen et al. 2011). De réir Denscombe (2014), “no research is ever free from the influence of those who conduct it” (l. 300). Sa taighde seo ach go háirithe, bhí éifeacht ag mo ról mar mhúinteoir, chomhghleacaí agus thaighdeoir ar an staidéar. Molann Malaurent agus Avison (2017), do thaighdeoirí ‘cos istigh’ a bheith machnamhach agus féin-tagarthach.

***Machnamhacht agus Claonadh***

Dar le Norris (1997), is chóir do thaighdeoirí iniúchadh a dhéanamh ar an éifeacht a bhíonn acu ar shonraí na taighde agus ar anailís na sonraí. Tá buntáistí le taighdeoir a bheith mar bhall den suíomh nó den ghrúpa atá faoi staidéar. Mar shamplaí, bíonn an-eolas ag an taighdeoir ar an suíomh agus ar chomhthéacs an staidéir, agus is minic go mbíonn caidrimh nádúrtha ann idir an taighdeoir agus na rannpháirtithe (Greene, 2014). Ach d’fhéadfadh tionchar a bheith ag dearcthaí agus taithí an taighdeora ar an modheolaíocht, dearadh an taighde, agus na sonraí (Greene, 2014). Moltar do thaighdeoirí a bheith mionchúiseach agus iontaofa ó thaobh na próiséis de trí chreatlach teoiriciúil a úsáid (Atkins agus Wallace, 2015).

Is taighde é seo atá suite sa pharaidím léirmhínitheach agus bhí sé mar aidhm ag an taighdeoir go mbeadh dearcthaí na rannpháirtithe curtha chun cinn. Bhí sé mar aidhm go mbeadh na ceisteanna a cuireadh ar na rannpháirtithe oscailte le go mbaileofar a dtuairimí féin, agus go mbeadh na hagallaimh nádúrtha agus comhráiteach. Is gné thábhachtach a bhí anseo toisc go raibh comhghleacaithe an taighdeora faoi agallamh agus ceapadh go mbeadh agallaimh foirmeáilte

mínádúrtha agus neamhoiriúnach i mbailiúcháin na sonraí. Rinneadh gach iarracht a dhearbhú do na rannpháirtithe nach raibh a gcuid cleachtais nó cleachtais ina scoileanna faoi scrúdú.

**Teorainneacha**

Is miontionscadal é seo agus mar sin tá teorainneacha ag baint leis. Ní dhéantar ginearálú ar thorthaí an tráchtais. Bhí sampla beag de 11 múinteoirí ó Ghaelscoileanna i gceantair uirbeacha i mBaile Átha Cliath amháin páirteach agus níor chuireadh múinteoirí i scoileanna Gaeltachta faoi agallamh. Ní raibh sé mar aidhm ag an taighdeoir mná ar fad a chur faoi agallamh ach mar a tharla sé, ní raibh agallamh curtha ar fhear sa taighde seo.

Cé go raibh meascán de mhúinteoirí ó shuíomhanna éagsúla páirteach, ní raibh ach múinteoir amháin ó scoil DEIS agus príomhoide amháin páirteach rud a chiallaíonn nach raibh léargas iomlán tugtha do chleachtais litearthachta na suíomhanna DEIS nó dearcthaí príomhoidí i gcoitinne. Bhí an tráchtas seo dírithe ar chleachtais agus tuairimí múinteoirí amháin, agus mar sin níor lorgaíodh dearcthaí ó thuismitheoirí nó páistí. In ainneoin seo, is mór na héifeachtaí atá ag dearcthaí agus cleachtais litearthachta na mbailte ar dhul chun cinn cúrsaí litearthachta agus scríbhneoireachta páistí óga agus chuirfeadh iniúchadh ar na dearcthaí seo lenár tuiscint ar an topaic seo. Tá bearna sa litríocht faoi láthair mar go bhfuil guth na bpáistí in easnamh. Ach, ní raibh sé indéanta guth na bpáistí a bhailiú le srianta de bharr Phaindéim Covid-19.

De bharr teorainn ama, úsáideadh uirlis taighde amháin don staidéar seo. Bíonn baol claonta ann in agallaimh, sna freagraí a thugtar agus an caidreamh idir na rannpháirtithe agus an taighdeoir. D’fhéadfadh tionscadal níos mó modhanna

taighde éagsúla a úsáid le breis eolas a thabhairt ar na ceisteanna taighde agus ar thuiscintí na topaice seo.

**Conclúid**

Sa chaibidil seo rinneadh cur síos ar an bparaidím fealsúnachta ina bhfuil an taighde seo bunaithe agus ar an gcur chuige cáilíochtúil a úsáideadh don bhailiúcháin sonraí. Roghnaíodh paraidím léirmhínitheach chun na ceisteanna taighde a fhiosrú. Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar na modheolaíochtaí éagsúla, roghnaíodh agallaimh leathstruchtúrtha chun dearcthaí agus eispéireas múinteoirí a bhailiú agus a iniúchadh. Tugadh cuireadh do mhúinteoirí sna ranganna naíonán shóisearacha agus shinsearacha, múinteoir oideachais speisialta, agus príomhoide chun a ndearcthaí a roinnt ar fhorbairt na luath-scríbhneoireachta agus scríbhneoireacht cruthaithí i suíomh SLG.

Sa chaibidil seo, pléadh an dóigh a rinneadh eagrúcháin agus anailís ar na sonraí trí anailís théamach Braun agus Clarke (2012). Ina dhiaidh sin, rinneadh plé ar iontaofacht an staidéir agus ar na ceithre chritéir a leanadh i gcinnteacht iontaofacht agus bailíocht taighde cáilíochtúil. Is iad sin inchreidteacht, inaistritheacht, iontaofacht agus dearbhaíocht. Bhí machnamhacht agus laofacht an taighdeora pléite, chomh maith le cúram eitice an taighde, agus na céimeanna a leanadh chun cúrsaí eitice ar ard-chaighdeán a chinntiú. Ar deireadh rinneadh plé ar na teorainneacha a bhain leis an staidéir seo. Sa chéad chaibidil eile déantar cur i láthair agus iniúchadh ar phríomh-théamaí agus patrúin na sonraí a bailíodh.

## Caibidil a 4. Torthaí agus Anailís

Is í aidhm an taighde seo ná chun fiosrú a dhéanamh ar an gceist taighde, 'Céard iad dearcthaí múinteoirí scoileanna lán-Ghaeilge ar fhorbairt luath-scríbhneoireacht an pháiste óig, agus céard iad na cleachtais atá i bhfeidhm acu chun scríbhneoireacht chruthaitheach i dteanga mhionlaigh a chothú?'. Molann Bingham agus Hall-Kenyon (2013), gur fiú dearcthaí oideachasóirí a iniúchadh toisc go gcuireann múinteoirí i bhfeidhm cleachtais faoi leith nuair a bhíonn na cleachtais ag teacht lena ndearcadh féin ar fhorbairt na litearthachta. Bíonn impleachtaí freisin ar dhearcthaí múinteoirí agus na suíomhanna ina bhfuil siad ag múineadh ar na cleachtais scríbhneoireachta a bhíonn i bhfeidhm acu, agus ar na deiseanna scríbhneoireachta cruthaithí sna suíomhanna sin.

Bhí múinteoirí príomhshrutha, múinteoir oideachais speisialta, agus príomhoide páirteach sa taighde seo. Trí chur chuige cáilíochtúil agus agallaimh leathstruchtúrtha, bailíodh sonraí le tabhairt faoi fhiosrú na ceisteanna taighde seo a leanas:

- Cad iad dearcthaí múinteoirí ar a róil i dtacú le páistí atá i mbun forbairt na luathscríbhneoireachta i dteanga mhionlaigh?
- Cé na modhanna oideolaíochta a bhíonn in úsáid ag múinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge chun luathscríbhneoireacht agus scríbhneoireacht chruthaitheach an pháiste óig a fhorbairt i dteanga mhionlaigh?
- An léiríonn modhanna oideolaíochta, dearcthaí múinteoirí agus cleachtais scríbhneoireachta luí ar an gcur chuige litearthacht éiritheach?
- Cén tionchar atá ag an gcomhthéacs sochtheangólaíocht ar an luath-scríbhneoireacht agus an scríbhneoireacht chruthaitheach a chothú sa Ghaeilge?

Sa chaibidil seo, cuirfear torthaí na n-agallamh in iúl trí ráitis suntasacha na rannpháirtithe a phlé agus trí fhigiúir. Déanfar anailís ar na mórthéamaí a nochtaíodh ó shonraí na n-agallamh chun ceisteanna taighde an staidéir seo a fhiosrú.

Tabhair faoi deara go bpléitear tuairimí na rannpháirtithe uile faoi na téamaí thíos. Aithnítear go bhfuil léargas beagáinín éagsúil na rannpháirtithe difriúla, mar shampla, tá taithí ag an múinteoir oideachais speisialta ar thacú le páistí atá ag streachailt le scileanna scríbhneoireachta a fhorbairt, agus tá taithí ag an bpríomhoide scoile ar pholasaí scoile a dhréachtadh agus a chur i bhfeidhm. Tugann na tuairimí uile seo léargas níos fearr dúinn ar na ceisteanna thuas. Úsáidtear ainmneacha ceilte seachas fíor-ainmneacha na rannpháirtithe sna tras-scríbhinn, i gcur i láthair na torthaí agus san anailís.

**Anailís Sonraí**

Baineadh úsáid as na sé chéim agus an anailís théamach ó Braun agus Clarke (2012), agus rinnedh rangú ar na téamaí agus fo-théamaí is coitianta a aithníodh ó na sonraí. I ndhiaidh na tras-scríbhinní a léamh, aithníodh cóid a bhí ag teacht le téamaí na n-agallamh. Tabhair faoi deara nach raibh ceist faoi leith curtha ar na rannpháirtithe maidir leis an scil fhisiciúil scríbhneoireachta, agus ní rabhthas ag súil go mbeadh cóid ag teastáil don téama seo ach, luadh an scil fhisiciúil go minic sna hagallaimh agus mar sin, is fo-théama tábhachtach é.

Rinneadh na tras-scríbhinn a chlóscríobh ar an lá a rinneadh na hagallaimh, nó taobh istigh de dhá lá ón am a rinneadh iad. Léadh na tras-scríbhinn ar dtús gan aon chódáil a dhéanamh orthu, agus nuair a leádh arís iad an lá dár gcionn, rinneadh códáil lámhscríofa agus ar an ríomhaire orthu. Tá sampla den chódáil ar fáil in Aguisín E.

## Ról an Mhúinteora

### *Suim agus Spéis a Chothú*

Iarradh ar na rannpháirtithe a dtuairimí a roinnt ar ról an mhúinteora i tacú le páistí óga agus iad ag forbairt scileanna scríbhneoireachta. Dar le Byington agus Kim (2017), is mór an éifeacht a bhíonn ag tacaíocht an mhúinteora ar fhorbairt scileanna litearthachta páistí óga. Is iad na dearcthaí ba mhinice a luadh sna hagallaimh ná go ndéantar na páistí a mhealladh chun scríbhneoireachta, go ndéantar múnlú ar an scríbhneoireacht, go gcuirtear uirlisí scríbhneoireachta ar fáil, agus go gcruthaítear timpeallachtaí litearthachta.

Labhair cuid mhór de na rannpháirtithe faoi pháistí a spreagadh, chun iad a "*…mhealladh chun scríbhneoireachta*" agus "*suim a mhúscailt*" (Fiadh). Úsáideadh focail cosúil le "*a chothú*" (Deirdre), agus luaigh beirt rannpháirtithe an focal "*treoir*" (Siobhán agus Gráinne) i dtaobh ról an mhúinteora. Ina theannta sin, labhair múinteoir amháin mar gheall ar mhuinín an pháiste a spreagadh, agus a dheimhniú do pháistí go bhfuil siad in ann an scríbhneoireacht a dhéanamh ionas, "*nach bhfuil faitíos orthu tabhairt faoin scríbhneoireacht*" (Gráinne).

Sonraíodh gur féidir páistí a spreagadh trí "*aitheantas*" (Gráinne) a thabhairt dá gcuid oibre, trí obair scríofa na bpáistí a chrochadh sa seomra ranga agus é a thaispeáint do phiaraí. Dar le Gráinne, "*an mórtas a bhí ag dul leis…you know go raibh aitheantas tugtha dóibh, chabhraigh sé go mór agus spreag sé iad."* Tá sé seo ag teacht le hobair Kennedy et al. (2012), a shonraíonn go dtugann moladh misneach do pháistí dul i ngleic leis an scríbhneoireacht.

Luaigh beirt go bhfuil dearcadh an mhúinteora i leith na litearthachta tábhachtach chun páistí a mhealladh chun scríbhneoireachta. Dar le hAmy tá tábhacht leis an, "*dearcadh a chothaíonn an múinteoir i leith na*

*scríbhneoireachta…téann sé sin i bhfeidhm ar pháistí."* Dar le Siobhán, "*…má tá tusa ag baint taitneamh as an scríbhneoireacht, ag taispeáint dóibh go bhfuil spraoi ag baint leis, cabhródh sé sin go mór leo".* D'admhaigh múinteoir amháin go bhfuil níos mó spéise aici sa léitheoireacht ná sa scríbhneoireacht, rud a chiallaíonn, dar léi, nach gcuireann sí an bhéim céanna ar an scríbhneoireacht. Tá sé seo ag teacht le taighde Bingham & Hall-Kenyon (2013) agus Gerde et al. (2019), a léiríonn go bhfuil tionchar ag dearcthaí múinteoirí ar an scríbhneoireacht ar na straitéisí oideolaíochta a chuirtear i bhfeidhm.

***Tacaíochtaí ar Leibhéal Íseal.***

Léiríonn tuairimí na múinteoirí gurb iad tacaíochtaí ar leibhéil íseal den chuid is mó a bhíonn i bhfeidhm acu agus páistí i mbun scríbhneoireachta. Dar le Quinn et al. (2016), is éard is brí le tacaíochtaí ar leibhéil íseal ná go dtugann duine fásta an-chuid tacaíochta don pháiste agus ní bhíonn mórán ionchur le déanamh ag an bpáiste féin. Samplaí de thacaíochtaí ar leibhéal íseal ná:

- Múnlú ar choincheapa na scríbhneoireachta, foirmiú litreacha agus litriú,
- Treorú an mhúinteora agus smaointe a spreagadh trí cheisteanna a chur,
- Roghanna de fhreagraí a laghdú chun fócas páistí a dhíriú ar choincheapa faoi leith.

Aithníodh ó fhreagraí cuid de na rannpháirtithe gur múnlú ar fhoirmiú litreacha is mó a dhírítear air ina gcuid ranganna. Labhair múinteoir amháin faoin "*modelling"*(Áine) a dhéantar ar an bhfoirmiú litreacha agus ina tuairim is é an luath-scríbhneoireacht ná, "*conas na litreacha a aithint agus a scríobh*" (Áine). Luadh freisin go ndéantar múnlú ar ghreim an phinn luaidhe agus scríobh ó chlé go deas, mar shamplaí.

Luaigh ceathrar go bhfuil sé tábhachtach go bhfeicfeadh páistí an múinteoir ag scríobh agus go mbeadh an múinteoir mar eiseamláir scríbhneora. Labhair beirt mar gheall ar pháistí a bheith gníomhach sa phróiseas scríbhneoireachta, agus luaigh duine amháin gur fiú go bhfeicfidís páistí eile ag scríobh chomh maith, *"go bhfuil 'role models' nó múnlú ar fáil dóibh"* (Méabh). Rinne beirt cur síos ar ról an mhúinteora mar scríobhaí agus mhínigh Amy go mbíonn, "*an múinteoir ag déanamh taifead ar an rud a bhfuil scríofa síos acu*". Is tacaíochtaí aonair a luadh den chuid is mó, seachas cleachtais ina mbeadh páistí ag scríobh i gcomhpháirt le piaraí agus ag tabhairt aischothaithe dá chéile.

Go deimhin, is mór an chabhair iad na tacaíochtaí thuas luaite. Molann Quinn et al. (2016), áfach, go mbeadh breis tacaíochtaí ar leibhéal níos airde tugtha do pháistí. Luaigh múinteoir amháin ina agallamh go dteastaíonn uaithi go n-éireodh a páistí ina rang naíonáin shinsearacha chomh neamhspleách is gur féidir leo ó thaobh na scríbhneoireachta de. Dar le Quinn et al. (2016), is féidir le tacaíochtaí ar leibhéal ard neamhspleáchas a chothú. Mar shampla, is féidir lipéid agus samplaí de phrionta a chur timpeall an tseomra ranga ionas gur féidir leis na páistí tagairt a dhéanamh dóibh. Is féidir iarraidh ar pháistí cur síos a dhéanamh os ard ar a n-obair scríofa agus é a phlé le piaraí, agus is féidir nasc a dhéanamh idir an teanga scríofa agus an teanga labhartha trí cheangal a dhéanamh idir leabhar agus scéal a scríobh páiste (Quinn et al., 2016). Cabhródh straitéis phiarfhoghlama agus deiseanna féinmheasúnú na scríbhneoireachta le neamhspleáchas a chothú, agus tabharfadh sé deis do na páistí súil a choinneáil ar a ndul chun cinn.

### *Timpeallacht a Chruthú*

Rinne Vygotsky (1978) cur síos ar an ról atá ag "*access*" agus "*mediation*" ar dhul chun cinn foghlama agus forbartha an pháiste óig. Mar shamplaí, is féidir


tacú le scríbhneoireacht an pháiste trí uirlisí scríbhneoireachta, leabhair, neart deiseanna labhartha, in éineacht le gníomhaíochtaí spraíúla litearthachta a chur i bhfeidhm.

Labhair roinnt múinteoirí mar gheall ar na huirlisí scríbhneoireachta a bhíonn ina seomraí ranga. I measc na n-uirlisí a luadh bhí, cláir bána, pinn luaidhe, marcóirí, páipéir, criáin, siosúir, marla agus gainneamh. Luaigh múinteoir amháin go mbíonn "*tweezers and pipettes*" (Rebecca) agus fearais cosúil leis sin curtha sa stáisiúin "*slabáil*" (*messy play*), dar léi, "*I suppose ceanglaíonn sé sin isteach leis chomh maith."* Luadh pionnaí, '*peg boards' (*Ava)*,* lásáil agus snáithiú freisin.

Mhínigh Siobhán gur chóir go mbeadh, "*seans acu a bheith ag imirt agus ag spraoi leis na huirlisí scríbhneoireachta*" agus dar le Ava tá, "*an- tábhacht ag baint le…mark-making agus ligint dóibh bheith like saor le peann luaidhe nó markers".* Cosúil le Siobhán agus Ava, labhair Méabh faoin tábhacht a bhaineann le scríbhneoireacht gan aon bhrú agus ar dtús, "*go bhfuil neart uirlisí scríbhneoireachta…ar fáil dóibh agus gur féidir leo dul i ngleic leo i mbealach spraíúil, sort saor-spraoi leo ar dtús."* Rinne beirt mhúinteoirí cur síos ar na boird scríbhneoireachta ina seomraí ranga, agus labhair siad faoin saoirse a bhíonn ag páistí ag an mbord sin le bheith ag spraoi leis na huirlisí agus a bheith ag cleachtadh foirmiú litreacha.

Luaigh ceathrar go mbíonn suíomh lán le téacs acu ina seomraí ranga, rud atá molta ag Whitehurst agus Lonigan (1998) agus Justice agus Pullen (2003), agus luadh go mbíonn foclóir don scríbhneoireacht bunaithe ar théamaí éagsúla ar fáil do pháistí. Shonraigh Deirdre go bhfuil balla focal ina seomra ranga agus bíonn litreacha na haibítre crochta ag Fiadh. Chuir Méabh foclóir ar fáil do na páistí i rith *Aistear* ionas go mbeadh na páistí in ann tabhairt faoi scríbhneoireacht

bunaithe ar an téama a bhí ar siúl acu. Luaigh Gráinne go mbíonn foclóir agus fearais scoile crochta aici, chomh maith le hobair scríofa na bpáistí.




**Figiúr 2.**

*Ról an mhúinteora*

***Dúshláin***

Luadh roinnt dúshláin a bhíonn roimh mhúinteoirí maidir le tacaíocht a thabhairt do pháistí agus iad ag scríobh. Labhair triúr múinteoirí faoi dhúshlán na leibhéal cumas éagsúla a bhíonn ann in aon rang amháin. Luadh freisin nach mbíonn suim ag roinnt pháistí sa scríbhneoireacht, rud a chiallaíonn go mbíonn a gcleachtais scríbhneoireachta teoranta,

Siobhán: *...tá roinnt páistí agus ní maith leo an saor-scríbhneoireacht…And I suppose titeann tú isteach ar go leor gníomhaíochtaí ranga iomlána, nach bhfuil taitneamhach agus nach bhfuil…atá sean-fhaiseanta.*

Shonraigh múinteoir amháin go mbíonn níos mó spéise ag cailíní bheith ag scríobh agus ní bhíonn an dúil chéanna ag buachaillí ann, agus dar le múinteoir, bíonn cailíní réidh níos luaithe ná buachaillí tabhairt faoin scríbhneoireacht. Dar le

Emma, "*I suppose an dúshlán is mó ná na páistí nach bhfuil suim acu ann… tá sé deacair lads a chur ag scríobh go leor don am"*

Le dul i ngleic leis na dúshláin seo, moltar téacsanna agus téamaí scríbhneoireachta a roghnú atá in oiriúint do shuimeanna na bpáistí, agus nach mbaineann le cúrsaí scoile i gcónaí (Kennedy et al., 2012). Sa chaoi seo, cuirtear in iúl nach bhfuil difir idir litearthacht scoile agus litearthacht an bhaile (Whitehurst agus Lonigan, 2002). Molann Kennedy et al. (2012) go dtabharfar rogha ábhair scríbhneoireachta do pháistí, rud a chothaíodh spéis an pháiste sa scríbhneoireacht.

Shonraigh beirt mhúinteoirí go bhfuil líon ard páistí sna ranganna naíonán ina scoileanna, agus dar le duine amháin dóibh, "*Agus i dtaobh an scríbhneoireacht… ní féidir leat bheith ag dhul thimpeall chuile pháiste nuair atá an méid sin agat."* (Emma). Sonraíonn Clausen (2015), go gcuireann líon ard páistí in aon rang amháin srian leis an méid ama a bhíonn ag an múinteoir a bheith ag obair leis na páistí. Straitéis áisiúil le dul i ngleic leis an dúshlán seo ná an phiarfhoghlaim, ina mbeadh páistí ag scríobh i gcomhpháirt lena céile. Bheadh an cleachtais seo ag teacht leis an teoiric soch-chultúrtha agus cleachtais shóisialta na scríbhneoireachta. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh múinteoirí tacaíochtaí don scríbhneoireacht a chur ar fáil do thuismitheoirí trí úsáid a bhaint as áiseanna ICT, mar shampla tríd an aip *Seesaw,* tascanna scríbhneoireachta don bhaile mar shampla. Sa chaoi seo, ní bheadh an múinteoir ranga amháin ag treorú agus ag múnlú na scríbhneoireachta, ach bheadh an fhreagracht roinnte idir mhúinteoir agus tuismitheoirí.

**Modheolaíochtaí agus Cleachtais Scríbhneoireachta**

Ní hamháin go bhfuil tionchar ar dhearcadh an mhúinteora ar dhul chun cinn scríbhneoireacht an pháiste óig, ach bíonn tionchar acu chomh maith ar na cur chuigí oideolaíochta a roghnaítear agus na deiseanna a bhíonn ag páistí bheith ag scríobh. Dar le Gerde et al. (2019), cuireann cur chuigí oideolaíochta ardchaighdeánacha go mór le dul chun cinn scríbhneoireacht agus léitheoireacht an pháiste. Is iad na cur chuigí atá molta ag Gerde et al. (2019), ná timpeallachtaí lán le huirlisí scríbhneoireachta agus deiseanna scríbhneoireacht fiúntacha a chur ar fáil, trí shúgradh mar shampla, chomh maith le treoir agus múineadh díreach ar straitéis scríbhneoireachta agus cumadóireachta, múineadh foirmiú litreacha agus scileanna ortagrafaíochta.

Is modheolaíochtaí chun scil fhisiciúil na scríbhneoireachta a fhorbairt den chuid is mó a luaigh na múinteoirí sna hagallaimh. Is cosúil gur modheolaíochtaí ar mhaithe le scileanna scríbhneoireachta a mhúineadh is minice a bhíonn i bhfeidhm, mar shamplaí foirmiú litreacha agus abairtí a chumadh agus a scríobh, seachas mar chleachtais shóisialta, ag scríobh do lucht féachana mar shampla.

***Súgradh***

Molann CTB (2019), go bhforbraítear scileanna na litearthachta, "trí eispéiris chuí foghlama spraíúla" (lch. 22). Tugadh faoi deara ó fhreagraí na ceiste, 'Cén cineál deiseanna a bhíonn ag páistí bheith ag scríobh?' go gcuirtear i bhfeidhm an cur chuige foghlaim ghníomhach/foghlaim trí shúgradh i gcuid mhór de na ranganna. Rinne seachtar múinteoirí cur síos ar na deiseanna scríbhneoireachta a bhíonn ag páistí i rith saorspraoi agus *Aistear*. Ina measc, luadh go mbíonn liostaí don dochtúir, cógais leighis, ticéid don stáisiúin traenach,

agus pleanáil sa stáisiúin tógála. Luaigh beirt mhúinteoirí go mbíonn gach ábhar múinte trí úsáid an chur chuige creatchuraclam *Aistear*.

Dar le Wood (2013), taispeánann páistí óga scileanna agus iompraíochtaí scríbhneoirí agus léitheoirí nuair a bhíonn siad i mbun súgartha. Is iomaí deis a bhíonn ann le linn am súgartha chun na snáitheanna teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a chomhtháthú. Luaigh beirt mhúinteoirí go n-úsáidtear leabhair móra mar spreagadh don scríbhneoireacht agus go ndéantar comhtháthú ar an téama *Aistear* agus na leabhair a bhíonn á léamh acu. Thug múinteoir amháin sampla den téama ‘an stáisiúin traenach’ a bhí ar bhun ina rang naíonáin shóisearacha. Mhínigh sí gur léadh leabhar a bhí scríofa i mBéarla bunaithe ar thuras traenach, ach léadh as Gaeilge é, agus spreagadh na páistí chun ticéid traein a scríobh sa stáisiún ról-imirt. Is sampla é seo den chineál chomhtháthú scileanna litearthachta agus scríbhneoireacht fhiúntach gur féidir a chur i bhfeidhm.

Mar a pléadh thuas, luaigh rannpháirtithe sna hagallaimh go mbíonn sé dúshlánach in amanna páistí a chur ag scríobh sa seomra ranga. Sonraíonn Peterson (2016), go mbíonn drogall ar pháistí scríbhneoireacht a dhéanamh i seomra ranga foirmeáilte, ach go mbaintear níos mó tairbhe as an scríbhneoireacht le linn súgradh drámata toisc go mbíonn cuspóir fiúntach leis an scríbhneoireacht, liostaí siopadóireachta, agus ticéid do traein a scríobh mar shamplaí. Is samplaí scríbhneoireachta fiúntacha iad seo toisc go léirítear don pháiste go bhfuil brí leis an scríbhneoireacht atá á dhéanamh acu.

Is trí ghníomhaíochtaí oiriúnacha agus spreagúil a chothaíonn suim na bpáistí sa scríbhneoireacht. Cuireann deiseanna fiúntacha, feidhmiúla scríbhneoireachta ar chumas an pháiste tabhairt faoin scríbhneoireacht (NAEYC, 2009). Shonraigh Ava go mbíonn sí ag iarraidh deiseanna difriúla

scríbhneoireachta a thabhairt do na páistí ina rang, "*ionas nach bhfuil sé leadránach.",* agus dar le hEmma, "*caithfidh tú rudaí a chur in oiriúint dóibh féin agus rudaí a dhéanamh suimiúil."*

***Cleachtais scríbhneoireachta cruthaithí***

Tugann fianaise starógach le fios go mbíonn an tsaorscríbhneoireacht in úsáid mar chleachtais scríbhneoireachta i ranganna bunscoile go minic. Go deimhin, is modh éifeachtach í an tsaorscríbhneoireacht chun páistí a chur ag scríobh go neamhspleách faoi thopaicí éagsúla i mbealach gníomhach agus is cineál scríbhneoireacht chruthaitheach í (Mac Donnacha, 2021). Luaigh cúigear rannpháirtithe cleachtais na saorscríbhneoireachta agus luaigh rannpháirtí amháin nach bhfuil sí tosaithe acu go fóill i naíonáin shóisearacha. Shonraigh múinteoir amháin gur modh measúnaithe maith í an tsaorscríbhneoireacht toisc gur féidir eolas páiste ar ghnéithe cosúil le fónaic agus focal ard-mhinicíochta a mheas, agus ceachtanna a bhunú ar na riachtanais a aithníodh.

Dar le Amy, tugann an tsaorscríbhneoireacht deis do pháistí a scéalta féin a scríobh. Ó na múinteoirí a labhair faoi, luaigh múinteoir amháin nach raibh sé de nós acu saorscríbhneoireacht a thosnú go dtí tar éis na Nollag i naíonáin shinsearacha toisc go dtosnaítear ag foghlaim fónaicí an Bhéarla ag an am sin. Is dócha gur saorscríbhneoireacht i mBéarla den chuid is mó a bhíodh ar siúl sna ranganna naíonáin sa scoil sin, ach dar leis an rannpháirtí, "*is fiú é a dhéanamh trí mheán na Gaeilge nuair atá taithí acu ar focail agus bheith ag scríobh."* (Ciara).

Bhí éagsúlacht ann idir thuairimí beirte maidir leis an saorscríbhneoireacht. Bíonn sé de nós ag múinteoir amháin gan aon chabhair a thabhairt do sna páistí agus iad i mbun saorscríbhneoireachta, "*just ligim dóibh pé rud a dhéanamh."* (Ava). Agus i gcás múinteoir eile, mhínigh sí, "*níor lig mé dóibh just tosú ag*

*scríobh, you know seans go raibh focal faoi leith, nó go raibh muid ag caint faoi focail faoi leith agus thosaigh siad ag scríobh as a stuaim féin*" (Gráinne).

I measc na modheolaíochtaí agus deiseanna scríbhneoireachta eile a luadh, bhí scríbhneoireacht bunaithe ar théamaí na Gaeilge agus OSIE, obair ghrúpa agus stáisiúin litearthachta, abairtí a scríobh agus a chumadh, an scríbhneoireacht idirghníomhach, agus an nuacht a scríobh. Ó thaobh scríobh nuachta de, dar le múinteoir amháin is "*tús-phointe a bhíonn ann"* (Ciara), agus is scil ann féin é a bheith in ann athscríobh a dhéanamh ón gclár bán. Is gné amháin de fhorbairt na luath-scríbhneoireachta é forbairt scileanna tras-scríbhinn (Kent et al. 2014).

Bhí beirt mhúinteoirí amhrasach faoin maitheas a bhaineann leis an nuacht a scríobh, áfach**.** Dar le Rebecca is minic go mbíonn páistí ag streachailt leis an gcóipeáil ón gclár bán agus is cleachtais, "*cineál in isolation*" atá ann. Luaigh Amy, "*go bhfuil an saor-scríobh i bhfad níos tábhachtaí* [ná an nuacht a scríobh]. *Go bhfuil úinéireacht ar céard a bhfuil siad ag scríobh."*

Is beag plé a rinneadh ar an scríbhneoireacht idirghníomhach, an cheardlann scríbhneoireachta nó an scríbhneoireacht threoraithe. Labhair múinteoir amháin faoin múinteoir agus na páistí ag scríobh i gcomhpháirt lena chéile, "*go mbíonn an sprioc céanna againn chun scéal nó píosa scríbhneoireachta a dhéanamh."* (Méabh). Agus luaigh múinteoir eile go mbíonn an cheardlann scríbhneoireachta úsáideach chun na scileanna litearthachta a chomhtháthú, ach dar léi, "*…i naíonáin bheaga tá sé sin deacair sin a dhéanamh…really tá tú ag caint faoi…an collaborative writing a dhéanamh níos mó ná an cheardlann scríbhneoireachta iomlán."* (Gráinne). Ó na dearcthaí a léiríodh, is gné an scil fhisiciúil na scríbhneoireachta agus forbairt scileanna scríbhneoireachta is mó a gcuirtear béim orthu.

Is féidir a áitiú ó na torthaí go m'bhféidir go bhfuil na múinteoirí ag céim íseal ó thaobh múineadh na scríbhneoireachta de, agus go bhfuil áiseanna agus cleachtais difriúla de dhíth le bogadh go dtí an chéad chéim eile. Cur chuige a mholann an CNCM (2019a), ná an cheardlann scríbhneoireachta, agus d'fhéadfadh an cleachtas seo cur leis an gcineál cleachtais a bhíonn ar siúl cheana féin sna ranganna thuas luaite. Molann an CNCM (2019a), úsáid An tSamhail um Scaoileadh na Freagrachta de Réir a Chéile. Sonraítear gur chóir tosnú leis an scríbhneoireacht roinnte, an múinteoir mar scríobhaí, agus ansin an scríbhneoireacht idirghníomhach, na páistí agus an múinteoir ag scríobh ag an am céanna. Luaigh beirt múinteoirí sna hagallaimh go mbíonn scríbhneoireacht den chineál seo ar bhun acu ina gcuid ranganna. In dhiaidh taithí a fháil ar an scríbhneoireacht roinnte agus idirghníomhach, is féidir aistriú chuig an cheardlann scríbhneoireachta.

D'fhéadfadh gur cleachtais scríbhneoireachta níos cruthaithí agus struchtúrtha a bheadh i gceist leis ná an tsaorscríbhneoireacht, ina mbeadh straitéisí cosúil le comhdháil (King, 2012) agus scafláil an mhúinteora (CNCM, 2019a) in úsáid, cleachtais a dhéanfadh sárú ar chuid de na dúshlán a luadh, mar shampla, tabharfadh tacaíocht do pháistí a bhíonn drogall orthu tabhairt faoin scríbhneoireacht go neamhspleách.

**Figiúr 3.**

*Modheolaíochtaí agus deiseanna scríbhneoireachta do pháistí.*




***Curaclam Teanga na Bunscoile***

I láthair na huaire, tá CTB (2019) i bhfeidhm sna ranganna sóisearacha le beag nach cúig bliana anuas. Léirigh na rannpháirtithe dearcthaí éagsúla, idir dearfach agus diúltach i leith an CTB (2019). Labhair beirt faoi nascadh scileanna litearthachta agus traschur scileanna idir theangacha. Dar le Deirdre, "*Tá na cuspóirí céanna sa dá teanga so cuidíonn sé sin liomsa."* Agus luaigh Gráinne go mínítear sa churaclam, "*go bhfuil an teanga ó bhéal, nach bhfuil sé éagsúil, nach múintear é neamhspleách ón scríbhneoireacht nó an léitheoireacht."*

Bhí múinteoirí eile amhrasach i dtaobh an churaclaim de, áfach, agus níor luaigh aon mhúinteoir go bhfuil athrú suntasach tagtha ar a gcuid modhanna mhúinteoireachta ó theacht isteach an churaclaim. D'admhaigh beirt mhúinteoir nach bhfuil mórán eolas acu ar an gcuraclam, agus luadh na focail "*casta*" (Emma) agus "*ró-theibí, ró-oscailte, ró-leathan"*(Méabh) ina dtaobh.

Mar sin féin, léirigh cuid de na rannpháirtithe tuiscint ar na coincheapa is suntasaí atá sa CTB (2019), agus léirítear ó na modheolaíochtaí a pléadh, go bhfuil

tréithe den churaclam agus de na treoirlínte i bhfeidhm acu. Mar shamplaí, mar a luadh thuas, rinneadh cur síos ar ghníomhaíochtaí spraíúla litearthachta, cur i bhfeidhm *Aistear,* uirlisí scríbhneoireachta, agus scileanna idircheangailte, cur chuigí atá molta ag an CTB (2019).

***Tacaíochtaí Breise agus Áiseanna don Litearthacht***

Níl na tacaíochtaí céanna ar fáil sna ranganna naíonáin faoi láthair de bharr na Paindéime Covid- 19 agus na srianta atá ann ó thaobh líon na ndaoine ceadaithe i seomraí ranga agus scaradh sóisialta. Is iad na tacaíochtaí breise is minice a bhíodh ar fáil ná tacaíochtaí ó mhúinteoirí oideachais speisialta chun stáisiúin *Aistear* agus stáisiúin litearthachta a reáchtáil. Cé nach bhfuil múinteoirí OS sna seomraí naíonáin i scoil Emma faoi láthair, bhíodh an bhuíon-mhúinteoireacht ar siúl don Ghaeilge. Dar le Deirdre is é an áis is fearr go bh’fhéadfadh a bheith ann don litearthacht ná daoine a bheith ar fáil chun obair ghrúpa a dhéanamh. Luaigh an múinteoir OS go mbíonn stáisiúin léitheoireachta ar siúl sna ranganna naíonán agus go mbíonn múinteoir tacaíochta ar fáil d’*Aistear.* Is an *Clár Luathléitheoireachta (Cleite)* a bhíonn in úsáid acu, agus níor luadh go sonrach na cleachtais scríbhneoireachta a bhíodh ar siúl san obair ghrúpa seo.

Rinne na rannpháirtithe tagairt do stáisiúin pheannaireachta agus cleachtadh scileanna mín-luaileacha. Is forbairt scileanna mín-luaileacha go príomha a pléadh, ach luaigh triúr forbairt na scileanna oll-luaileacha. Is le déanaí atá níos mó taighde ann ar an nasc idir fhorbairt scileanna oll-luaileacha agus mín-luaileacha i bhforbairt scil fhisciúil na scríbhneoireachta (Lambe, 2021), agus b’fhéidir nach bhfuil na múinteoirí uilig feasach ar an nasc seo.

**Áiseanna.** I measc na n-áiseanna agus scéimeanna don litearthacht a luadh bhí, *Séideán Sí, An Clár Luath-léitheoireachta (Cleite), Bua na Cainte, Léigh Leat, Ag*

*Scríobh Liom,* agus *Fonn Fónaice.* Luadh an scéim pheannaireachta *Go with the Flow* freisin. Is scéimeanna litearthachta, leabhair oibre agus áiseanna a bhaineann le saol na scoile a luadh sna hagallaimh den chuid is mó, agus ní raibh tagairt déanta de háiseanna a chuirtear abhaile leis na páistí ná áiseanna scríbhneoireachta a chruthaíonn na páistí féin. Is é an dearcadh a bhí ag an múinteoir OS i leith leabhair oibre ná go bhfuil sé dúshlánach do mhúinteoirí má bhíonn an-chuid leabhair oibre ag na páistí. Dar léi, "*tá sé i bhfad níos fearr páistí a chur ag scríobh ná páistí a chur ag cóipeáil.*" (Áine).

Téama coitianta a tháinig anuas ná an dúshlán a bhíonn ann i SLG teacht ar áiseanna as Gaeilge. Cé gur sonraíodh go bhfuil níos mó ar fáil anois ná mar a bhí cheana, pléadh go gcruthaíonn múinteoirí a háiseanna féin go minic, tasc atá fadálach. Bhí an cleachtas céanna luaite ag múinteoirí a bhí páirteach i dtaighde Ní Chlochasaigh et al. (2020).

I measc na háiseanna atá de dhíth, luadh leabhair atá "*soléite do pháistí i nGaeilge*" (Deirdre), leabhair tharraingteacha do pháistí óga, cártaí '*story prompts'* (Méabh) as Gaeilge, agus leabhair don scríbhneoireacht atá ceangailte le fónaic na Gaeilge. Tá sé seo ag teacht le taighde Dunne agus Hickey (2017), a shonraíonn go bhfuil sé dúshlánach ar mhúinteoirí teacht ar leabhair i mionteanga a úsáideann teanga shimplí go leor go dtuigfeadh foghlaimeoirí teanga bhreise. Luaigh an múinteoir OS, "*go bhfuil géarghá le* [scéim fónaice] *nua-aimseartha, uasdátaithe."* (Amy), agus is iad na háiseanna a bhíonn in úsáid faoi láthair do fhónaic na Gaeilge ina scoil ná *Séideán Sí* agus *Fonn Fónaice.*

Níor aontaigh an múinteoir atá ag múineadh sa scoil DEIS go bhfuil ganntanas áiseanna ann, áfach, agus dar léi, "*ceapaim go bhfuil an-chuid áiseanna ann, ar fáil agus ní bhím riamh ag streachailt le rud éigin a fháil."* Níl an

tumoideachas iomlán i bhfeidhm sna naíonáin sa scoil seo, agus mar sin b'fhéidir nach bhfuil an bhéim chéanna ar áiseanna as Gaeilge a úsáid an t-am ar fad, mar a bhíonn sna scoileanna eile.

***An Teicneolaíocht***

Is leabhair oibre agus scéimeanna litearthachta is mó a luadh agus ní raibh mórán plé in aon agallamh faoi úsáid na teicneolaíochta. Luadh go n-úsáidtear clár bán idirghníomhach, aip ar tháibléid don fhoirmiú litreacha, agus an *Writing Repeater* ó *ICT Games* a thaispeánann foirmiú litreacha. Labhair múinteoir amháin faoi chluichí a bhíonn ar fáil ar líne don Ghaeilge, ó *Féasta Focal* le focail ardmhinicíochta a mhúineadh mar shampla, agus luadh an scéim *Bua na Cainte* don teanga ó bhéal. Is cineál litearthacht é an litearthacht dhigiteach, de réir an CTB (2019). Dar le Yelland (2011), is fiú d'oideachasóirí an teicneolaíocht a chomhtháthú leis na cleachtais litearthachta atá in úsáid cheana, trí úsáid podchraoltaí, téipeanna de scéalta Gaeilge (Dunne & Ní Fhaoláin, 2019; Hickey, 1991) nó scéalta digiteacha (Ní Chearnaigh, 2016).

Labhair múinteoir amháin faoi thacaíocht ó theicneolaíocht oiriúnaitheach má bhíonn páiste ag streachailt le scil fhisiciúil na scríbhneoireachta,

Emma- "*Because má tá páiste ag streachailt chomh mór sin leis an scríbhneoireacht, and sa saol atá ann inniu I kinda think maybe like…cén fáth go bhfuil tú ag cur an méid sin brú orthu…So I suppose an peannaireacht a choinneáil suas but freisin assistive technology a thabhairt dóibh chun go mbeidís in ann iad féin a chur in iúl."*

## Dearcadh i leith Fhorbairt na Luath- scríbhneoireachta

Bíonn tionchar ag dearcadh an mhúinteora ar conas a fhorbraíonn páistí scileanna litearthachta ar na cleachtais a bhíonn i bhfeidhm acu (Bingham & Hall-

Kenyon, 2013). Dírítear go minic ar an dá cur chuige a bhíonn tionchar acu ar mhúineadh na litearthachta, an cur chuige ullmhacht chun léitheoireachta agus an cur chuige litearthacht éiritheach.

Bhí meascán de dhearcthaí éagsúla sna hagallaimh i leith fhorbairt na luath-scríbhneoireachta. Dar le múinteoir amháin, "*…is fearr má tá léitheoireacht acu*" (Deirdre) sula dtosnaíonn páistí ag scríobh agus ina tuairim, "*tagann an scríbhneoireacht níos faide ar aghaidh sa bhliain, nuair atá siad níos…prolific…níos ábalta é a dhéanamh*", ráiteas atá de réir na cur chuige ullmhacht chun léitheoireachta. Léiríonn an dearcadh seo nach gcuirtear béim ar chomhtháthú na scileanna, gné atá mar bhunchloch an CTB (2019).

Luaigh múinteoir eile go bhfuil ról ag an múinteoir ranga, *"tús ceart a chur leis an scríbhneoireacht mar sin an chéad uair a fhoghlaimíonn siad conas a bheith ag scríobh"* (Fiadh), ráiteas nach gcuireann an scríbhneoireacht a dhéantar sna luath-blianta sa bhaile agus sna réamh-scoileanna in áireamh.

Dar le múinteoir eile, is féidir páistí a chur ag scríobh go fiúntach chomh luath is atá greim acu ar an bpeann luaidhe. Ach, sea is mó scríbhneoireacht a dhéanann páiste, sea is mó a theastóidh uathu bheith ag scríobh (Haland et al., 2018), agus is trí chleachtais scríbhneoireachta a fhorbraítear tuiscint an teanga scríofa, agus a fhoghlaimítear scileanna chumadóireachta, eagrúcháin agus an próiseas scríbhneoireachta (Elbow, 2004).

Mar sin féin, léirigh dearcthaí na múinteoirí ar fhorbairt na scríbhneoireachta luí ar an litearthacht éiritheach den chuid is mó. Is iad na múinteoirí a léirigh luí ar an litearthacht éiritheach is mó a luaigh cleachtais litearthachta i rith *Aistear*, idircheangail na scileanna litearthachta agus marc-chruthú. Agus tugadh faoi deara gur a mhalairt a bhí i gceist in agallaimh

múinteoirí a thuairiscigh go mbíonn réamh-ullmhúcháin don scríbhneoireacht an-thábhachtach. Luaigh na múinteoirí sin níos mó cleachtais foirmeáilte agus cleachtais bunaithe ar mhúineadh an scil fhisiciúil peannaireachta mar shamplaí.

Rinne ceathrar rannpháirtithe tagairt don tábhacht a bhaineann le leabhair a bheith ar fáil do pháistí agus an nasc atá ann idir an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht. Luaigh Rebecca go mbíonn scríbhneoireacht na bpáistí bunaithe go hiondúil ar leabhair móra a bhíonn á léamh acu. Dar le triúr eile,

Emma: "*…suim na bpáistí a spreagadh i dtaobh leabhar…moladh go na tuismitheoirí leabhair, leabhair, leabhair a thaispeáint go na páistí*"

Méabh: "*...i mbun Aistear nó i mbun saor-spraoi…leabhair a bheith ar fáil dóibh…go bhfuil cead acu just a bheith ag spraoi le scríbhneoireacht, ag spraoi le léitheoireacht."*


Deirdre: "*...cuidíonn an léitheoireacht leis an scríbhneoireacht agus an samhlaíocht agus na féidearthachtaí do pháistí.."*

Bhí meascán de thuairimí sna hagallaimh a thug le fios go bhfuil scileanna litearthachta á múineadh go foirmiúil agus go neamh-fhoirmiúil i gcoitinne. Is é sin le rá go múintear an scríbhneoireacht mar scil theicniúil agus mar chleachtais shóisialta agus chruthaitheach. Tá sé seo ag teacht le torthaí taighde Andersson et al. (2019), a shonraigh go mbaineann oidí na luath-óige úsáid as meascán de chur chuigí chun scileanna theicniúil na scríbhneoireachta a mhúineadh, agus cur chuigí chun an scríbhneoireacht chruthaitheach agus fhiúntach a chothú.

I measc na gnéithe den litearthacht éiritheach a luadh bhí saor-spraoi le marcanna, líníochtaí a dhéanamh, idircheangail na scileanna litearthachta, agus deiseanna do pháistí taitneamh a bhaint as an scríbhneoireacht agus an litearthacht

i dtimpeallachtaí sóisialta agus gníomhach. Luaigh Gráinne go mbíonn páistí óga ag iarraidh a bheith ag scríobh agus ag léamh agus go lorgaítear prionta sa timpeallacht. Níor luadh an litriú cumtha go sonrach in aon agallamh ach pléadh go mbíonn páistí ag déanamh marcanna agus línte ar dtús in áit litreacha agus go ndéantar na cleachtais seo a spreagadh. Is iad na cleachtais is mó a luadh a thacaíonn leis an gcur chuige litearthacht éiritheach ná:

- Scileanna idircheangailte
- Mar-chruthú/siombailí/líníocht
- Súgradh/*Aistear*
- Forbairt scileanna oll agus mín luaileacha




**Figiúr 4.**

*Na cleachtais a bhíonn i bhfeidhm a thagann leis an litearthacht éiritheach.*

Luadh marc-chruthú mar réamh-scil scríbhneoireachta agus sonraíodh go ndéantar pátrúin agus línte a chleachtadh roimh fhoirmiú litreacha. Is cleachtais é seo atá molta i CTB (2019). Ní cleachtais 'réamh-scríbhneoireachta' amháin iad na marcanna agus línte áfach, ach is modhanna chumarsáide iad don pháiste óg atá ag

dul i ngleic leis an scríbhneoireacht (Bodrova & Leong, 2006; Coates & Coates, 2015, Puranik & Lonigan, 2011; Rowe, 2018).

Dar le múinteoir amháin, is deacair é a mhíniú do pháistí go bhfuil brí leis na marcanna agus "*squiggles*" a dhéanann siad. Sonraíonn Rowe (2018), "writing begins when children demonstrate intentionality- the understanding that their marks can represent meaning." (lch. 230). Luaigh múinteoir amháin go mbíonn obair scríofa na bpáistí ar taispeáint sa seomra ranga, rud a thugann aitheantas don obair scríofa agus dá dul chun cinn agus tá sé seo a teacht leis an NAEYC (2009), a mholann do mhúinteoirí glacadh le gach cineál iarracht scríbhneoireachta a dhéantar.

***Scil fhisiciúil na scríbhneoireachta***

Shonraigh gach rannpháirtí go mbíonn scileanna mín-luaileacha, matáin láidre agus greim cheart ar an bpeann luaidhe ag teastáil sula ndéanann páistí scríbhneoireacht foirmeáilte, cosúil le foirmiú litreacha, abairtí agus scéalta a scríobh. Agus, nuair a cuireadh an cheist 'Cad is brí leis an luath-scríbhneoireacht i do thuairimse?', luaigh cúigear na scileanna mín-luaileacha, an pheannaireacht agus greim ar an bpeann luaidhe ar dtús báire. Is suntasach gur luadh na scileanna oll agus mín luaileacha agus scil fhisiciúil na scríbhneoireachta i ngach agallamh a rinneadh. Tá sé seo ag teacht le dearcadh Gerde et al. (2012), a deir gur foirmiú litreacha amháin a bhíonn i gceist nuair a pléitear an luathscríbhneoireacht.

I measc na tuairimí a léiríodh, shonraigh beirt mhúinteoir nach dtugtar pinn luaidhe do na páistí ag tús na scoilbhliana, go dtí go bhfuil na matáin lámha láidrithe. "*Ní mholtar peann luaidhe ná tada a thabhairt dóibh go dtí you know, go bhfuil siad réidh basically*" (Emma), "*Níor chuir mé amach na pinn luaidhe go dtí mí Deireadh Fómhair nó b'fhéidir tar éis Oíche Shamhna*" (Fiadh). Shonraigh

múinteoir amháin go mbíonn, "*core sách láidir [*ag teastáil*] chun tú a choinneáil suas chun a bheith ag scríobh*." (Emma), agus go bhforbraítear na scileanna oll-luaileacha freisin. Luaigh Ava go gcuireann sí páipéir ar an mballa don "*vertical scríobh*", cleachtais atá oiriúnach do pháistí óga agus cabhrach d'fhorbairt scil fhisiciúil na scríbhneoireachta (CNCM, 2019a).

Bhí éagsúlacht ann áfach, idir thuairimí múinteoirí. Dar le múinteoir amháin, "*Tá sé an-dheacair bheith ag súil go mbeadh páistí in ann tosaí scríobh nuair nach bhfuil an láidreacht sin sna lámha"* (Ciara). Ach, d'admhaigh Ava go dtosnaíonn sí ag déanamh scríbhneoireacht foirmeáilte, foirmiú litreacha mar shampla fiú muna bhfuil an greim i gceart ag gach páiste, "*…tosnaíonn muid an scríobh má tá siad réidh nó muna bhfuil"* agus dar léi, "*in an ideal world bheadh gach duine ar an leibhéal céanna*". Bhí múinteoir amháin den tuairim go bhfuil an greim ar an bpeann luaidhe, "*…níos mó bainteach le luail ná an scríbhneoireacht é féin."* Chuir an duine seo béim ar na páistí a chur i mbun scríbhneoireachta go luath,

Gráinne: "*Ceapaim a luaithe go bhfuil siad compordach le peann luaidhe ina lámh sea is fearr. You know, then níl an deighilt idir an léitheoireacht agus an caint agus an scríbhneoireacht, ta siad go léir just ag feidhmiú mar a chéile…*"

De réir Puranik agus Al Otaiba (2012), tá tionchar ag droch-scileanna tras-scríbhinn ar chumas páiste téacs a chumadh. Sonraítear go mbíonn forbairt scileanna peannaireachta sna luathblianta tábhachtach don phróiseas cumadóireachta (Kim et al., 2011; Rowe, 2018), agus dar le Graham (2018), nuair a bhíonn deacrachtaí scileanna peannaireachta ag páistí, bíonn drogall orthu aon chineál scríbhneoireachta a dhéanamh.

Ach, de réir Bingham et al. (2017), nuair a chaitear go leor ama ar fhorbairt scileanna meicniúil agus fisiciúil, laghdaítear an méid ama a bhíonn ar fáil don chumadóireacht agus an próiseas scríbhneoireachta. Tháinig sé anuas sna hagallaimh go bhfuil dearcadh ann nach féidir le páistí scríbhneoireacht a dhéanamh go dtí go bhfuil scileanna mín-luaileacha agus peannaireachta forbartha acu. Is a mhalairt a mhaíonn Ackerman (2016) agus dar léi, "Students need not write conventionally to identify as writers. After all, children are not expected to refrain from speaking until they have fully grasped oral language." (lch. 201). Tá impleachtaí ag an dearcadh go bhfuil scileanna mín-luaileacha le forbairt sula dtosnaíonn aon scríbhneoireacht ar na deiseanna scríbhneoireachta a bhíonn ann do pháistí, agus na deiseanna scríbhneoireacht chruthaitheach ach go háirithe (Lambe, 2021).

***An pheannaireacht***

Shonraigh ochtar múinteoir ranga go bhfuil polasaí peannaireacht reatha ina gcuid scoileanna. Tosnaíonn ceithre scoil an pheannaireacht reatha ó thús naíonáin bheaga, tosnaíonn scoil amháin i rang a haon, agus ní múintear an pheannaireacht reatha sna ranganna naíonán sa scoil DEIS. D'admhaigh triúr múinteoirí gur dúshlán é an pheannaireacht reatha do pháistí agus go mbíonn roinnt páistí ag streachailt leis. Luaigh an príomhoide go mbíonn polasaí peannaireacht reatha dúshlánach do mhúinteoirí agus páistí araon, agus go dtógann sé, "*níos faide ar na páistí é a fháil go dtí an pointe go mbeadh siad in ann scríbhneoireacht a dhéanamh ins na cóipleabhair*."

Tuairiscítear an tábhacht le scileanna peannaireachta i roinnt litríocht (Graham, 2018; Kennedy et al. 2012; Limpo et al. 2018; Seyll & Content, 2020; Rowe, 2018). Ní haon ionadh é go bhfuil an-bhéim ar ghreim an phinn luaidhe

agus foirmiú litreacha sna ranganna naíonáin toisc gur scileanna tábhachtacha iad seo a chuireann go mór le neamhspleáchas agus líofacht scríbhneoireachta an pháiste óig. Ach, de réir na litríochta, is fiú do theagascóirí díriú ar réimse de scileanna litearthachta, agus forbairt a dhéanamh ar an scríbhneoireacht mar mhodh cumarsáide agus le brí a léiriú, seachas mar scil fhisiciúil amháin. De réir Quinn et al. (2016), tá tionchar ag tacaíocht an mhúinteora ar scileanna chumadóireachta níos éifeachtaí i bhforbairt scríbhneoireacht an pháiste ná tacaíocht do scileanna meicniúil amháin.

## An luath-scríbhneoireacht i scoil lán-Ghaeilge

Ní féidir a shéanadh go bhfuil éifeacht ag an suíomh SLG ar na cleachtais agus deiseanna a bhíonn ag páistí bheith ag scríobh sna ranganna naíonáin. Mar a luaigh an príomhoide, "*I nGaelscoil, tá dhá rud i gceist, tá tú ag múineadh dhá theanga ach chomh maith le cur le hoideachas na bpáistí*."

Aidhm amháin a bhí ag an taighde seo ná chun fiosrú a dhéanamh ar an tionchar atá ag an suíomh SLG agus tumoideachais ar chleachtais na scríbhneoireachta cruthaithí i ranganna naíonáin.

### *An tumoideachas*

Is as 6 scoil éagsúil a earcaíodh na rannpháirtithe don taighde seo, agus bhí an tumoideachas iomlán i bhfeidhm ag cúig scoil. I scoil amháin bhí sé i bhfeidhm ar feadh tréimhse gairid i naíonáin bheaga.

- Tá an tumoideachas i bhfeidhm i trí scoil go dtí mí Eanáir naíonáin shinsearacha
- Tá an tumoideachas i bhfeidhm i dhá scoil go dtí deireadh naíonáin shinsearacha/tús rang a haon

- Tá an tumoideachas i bhfeidhm i scoil amháin go dtí tar éis na Nollag i naíonáin shóisearacha.

Ní hí an Ghaeilge céad teanga formhór na bpáistí i SLG. Is scoil DEIS í an scoil nach gcuireann an tumoideachas i bhfeidhm i rith naíonáin shóisearacha ar fad. Mhínigh an múinteoir go mbíonn béim sa scoil sin ar scileanna litearthachta a mhúineadh do pháistí, "*ionas go mbeidh siad in ann aon rud a léamh…níl an fócas ar an nGaeilge."* Dar léi, tá droch-impleachtaí aige seo ar chumas Gaeilge labhartha agus scríofa na ndaltaí sna hardranganna. Tá sé seo ag teacht le sonraí ó staidéar ar SLG DEIS Ní Chlochasaigh et al. (2020).

Labhair cuid mhór de na múinteoirí go dearfach faoin tumoideachas. Dar le Méabh, is próiseas níos éasca é toisc nach gá, "*dóibh a bheith ag tabhairt faoin dá rud [*teanga*] ag an am céanna."* Shonraigh beirt go dtagann na scileanna litearthachta níos éasca do pháistí i ndiaidh tréimhse ama a chaitheamh san tumoideachas,

Deirdre: *…b'fhéidir toisc an bhliain tumoideachas i naíonáin bheaga…tá siad níos ullamh le bheith ag scríobh i nGaeilge go neamhspleách… tá níos mó foclóir thart timpeall orthu…*

Emma: *You know, piocann siad suas an-an-éasca, aistrítear na scileanna céanna, you know idir an dá theanga so muna bhfuil fadhbanna ag na páistí, piocann siad suas é go han-an éasca.*

Agus í ag caint faoin tumoideachas a cuireadh i bhfeidhm ina scoil thart ar thrí bliana ó shin, labhair Gráinne faoin éifeacht a bhí ag an tumoideachas ar dhearcthaí na bpáistí i leith na Gaeilge;

Gráinne: *…agus ní raibh faitíos orthu roimh na Gaeilge agus thuigeadar…go raibh an Ghaeilge mar theanga chumarsáide agus ní teanga acadúil…go raibh brí leis an nGaeilge ina saol.*

Phlé beirt rannpháirtithe dúshláin an tumoideachais. Dar leis an bpríomhoide, bíonn an tumoideachas dúshlánach ar mhúinteoirí ranga a bheith ag múineadh trí mheán na Gaeilge toisc go dtosnaíonn formhór na bpáistí ar scoil le beagán Gaeilge agus bíonn sé deacair ar mhúinteoirí na páistí a shocrú i suíomh ina bhfuil an Ghaeilge á labhairt an t-am ar fad. Dar léi, "*…nuair nach bhfuil cleachtadh ag na páistí, faigheann siad é an-dian ag an tús…bheith ag éisteacht le Gaeilge an t-am ar fad…níl an tuiscint agus níl sé chomh tarraingteach is a bheadh sé i mBéarla."* (Ciara).

Labhair an múinteoir OS faoin dúshlán ó thaobh páistí a aimsiú a bhíonn ag streachailt le litriú mar shampla, sna luath-blianta. Ina tuairim, tá sé níos deacra ar mhúinteoirí páistí a aimsiú le deacrachtaí scríbhneoireachta, agus bíonn ar na múinteoirí a bheith níos "*aireach ó thaobh na páistí a bhfuil ag streachailt".*

***Teanga ó bhéal***

Bhí aontú i measc na rannpháirtithe faoin tábhacht a bhaineann le scileanna teanga ó bhéal na Gaeilge agus an tionchar a bhíonn ag teanga ó bhéal ar an scríbhneoireacht. D'aithin Hickey agus Stenson (2016), gurb é múineadh an teanga ó bhéal sainghné múineadh na litearthachta Gaeilge, agus go gcuireann múinteoirí níos mó béime ar an teanga ó bhéal ná léitheoireacht agus scríbhneoireacht na Gaeilge.

Go deimhin, is mór an bhéim a bhíonn ar theanga labhartha na Gaeilge i SLG. Ní haon ionadh é seo toisc nach cainteoirí dúchais iad formhór na bpáistí a fhreastalaíonn ar na scoileanna seo, agus is gá do pháistí foclóir na Gaeilge a

bheith acu le tabhairt faoin scríbhneoireacht sa teanga. Ach, thug freagraí na rannpháirtithe le fios go mbíonn impleachtaí ag an gcur chuige seo ar chleachtais scríbhneoireachta.

Dar le Siobhán, "*…tá sé deacair dóibh nuair nach bhfuil siad ach ag dul i dtaithí ar labhairt na Gaeilge sna naíonáin, bheith ag súil go mbeadh siad ag scríobh as Gaeilge freisin*". Dar le múinteoir amháin, "*...caithfidh siad a bheith cumasach nó muiníneach go leor an teanga a úsáid sula gcuireann tú iad ag scríobh*" (Méabh), agus luaigh Rebecca go mbíonn níos mó béime ar na páistí a chur ag labhairt i nGaeilge, "*never mind cineál á scríobh nó…you know bhí béim mór ar an labhairt agus an cumarsáid".* Níor léirigh múinteoir amháin an dearcadh céanna, agus ina tuairim, "*Cuma liomsa dá mbeadh siad ag scríobh as Béarla nó as Gaeilge sna naíonáin, fad is go raibh siad ag déanamh iarracht bheith ag scríobh…"* (Siobhán). Léiríonn an chodarsnacht idir na dearcthaí seo an dúshlán a bhaineann le cleachtais na scríbhneoireachta cruthaithí sna ranganna naíonán i suíomh SLG toisc an bhéim a chuirtear ar an teanga ó bhéal thar scileanna litearthachta eile.

***Dúshláin***

Mar a pléadh sa chaibidil cheana, iarradh ar na múinteoirí labhairt faoina ndearcthaí ar dhúshláin múineadh na scríbhneoireachta. Iarradh orthu freisin dúshláin múineadh na scríbhneoireachta i SLG a phlé. An dúshlán ba mhinice a luadh ná cumas teanga ó bhéal na bpáistí agus an easpa tacaíochta a bhíonn sa bhaile ó thaobh labhairt na Gaeilge de uaireanta.

Luaigh seisear gur bac é cumas labhartha Gaeilge na bpáistí ar an scríbhneoireacht a bhíonn ar siúl, agus nach mbíonn an foclóir acu le tabhairt faoin scríbhneoireacht go muiníneach. Is féidir a áitiú mar sin, go ndírítear ar scileanna

atá éasca a mheas, cosúil le fónaic na Gaeilge agus scileanna peannaireachta, chomh maith le scríbhneoireacht teoranta cosúil le nuacht a scríobh, seachas cleachtais scríbhneoireachta níos oscailte.

Ina theannta sin, luaigh múinteoir amháin nach í an Ghaeilge theanga na samhlaíochta. Is ráiteas suntasach é seo toisc go dtugann sé le fios na deacrachtaí a bhíonn ann i SLG agus scoileanna Gaeltachta páistí a chur ag scríobh go cruthaitheach sa Ghaeilge. Dar leis an múinteoir céanna, "*...nuair a osclaíonn tú doras ar an Bhéarla, tá sé deacair rud ar bith eile a chur i gcomparáid leis."*, ráiteas a léiríonn go mbíonn sé dúshlánach páistí a mhealladh chun scríbhneoireachta as Gaeilge.

Le dul i ngleic leis an dúshlán seo, d'fhéadfadh múinteoirí leabhair tarraingteacha na Gaeilge a úsáid mar spreagadh don scríbhneoireacht, ábhair spéise na bpáistí a mhúineadh trí mheán na Gaeilge agus scríbhneoireacht a dhéanamh bunaithe ar na hábhair sin, agus scileanna díchódaithe na Gaeilge a mhúineadh go mion ionas go mbeadh muinín ag na páistí tabhairt faoin scríbhneoireacht as Gaeilge.

Dar le hElbow (2004), nuair a deir daltaí scoile, "'I have nothing to say, nothing on my mind'- the cause is not insufficient input but insufficient output." (lch. 3). Sea is mó deiseanna a bhíonn ann do pháistí a bheith ag éisteacht le scéalta agus ag léamh agus ag scríobh as Gaeilge, sea is mó a spreagfar smaointí agus samhlaíocht an pháiste, agus a ghríosfar páistí chun scríbhneoireachta as Gaeilge.

Dar le Deirdre, "*An dúshlán is mó chun páistí a chur ag scríobh i nGaeilge ná an Béarla*". Luadh nach mbíonn an teanga ag páistí agus iad ag teacht ar scoil agus "*gur gá do mhúinteoirí díriú ar sin sna bunranganna agus go leor teanga ó*

*bhéal a dhéanamh sula gcuireann tú iad ag scríobh nó sula gcuireann tú iad ag léamh*" (Méabh). Ní dhéantar aon scríbhneoireacht as Gaeilge sa bhaile dar le Méabh, agus ní bhíonn foghraíocht na Gaeilge ag na páistí ag tosnú ar scoil, dar le Gráinne. Ní hamháin nach mbíonn an Ghaeilge á scríobh sa bhaile, ach shonraigh Siobhán nach bhfeiceann na páistí Gaeilge in aon áit seachas ballaí na scoile agus an seomra ranga, rud a chiallaíonn go bhfuil na páistí, "*ag tosnú amach ar mhíbhuntáiste éigin nuair nach bhfuil…sé feicthe…in aon chomhthéacs seachas an seomra ranga."* Dar le múinteoir amháin, "*…ní hí an Ghaeilge teanga na samhlaíochta."* (Deirdre).

Toisc an ganntanas áiseanna atá ar fáil, is éasca glacadh leis go mbaintear úsáid go minic as leabhair oibre agus bileoga oibre amháin do chleachtais scríbhneoireachta. Luaigh múinteoir amháin gur éasca é an scríbhneoireacht a chur ar leath-taobh de bharr nach mbíonn áiseanna ar fáil dí as Gaeilge. Is áiseanna agus tacaíochtaí don scríbhneoireacht do mhúinteoirí agus páistí atá de dhíth. Luaigh múinteoir amháin nach bhfuil spreagphíosaí don scríbhneoireacht ar fáil go flúirseach sa Ghaeilge. Tá sé seo ag teacht leis an teagmháil íseal a bhíonn ag páistí le leabhair ardchaighdeáin as Gaeilge (Dunne & Hickey, 2017).

***Múineadh scileanna litearthachta na Gaeilge***

Tugadh faoi deara go raibh tuairimí difriúla ann ar conas tabhairt faoi litriú agus córas fónaice na Gaeilge. Luaigh beirt mhúinteoirí nach ndéantar scileanna litearthachta na Gaeilge a mhúineadh sa bhealach céanna is a mhúintear scileanna an Bhéarla, mar shampla, agus nach féidir "*sounding out*" (Áine) a dhéanamh as Gaeilge amhail is gur féidir as Béarla. Dar le múinteoir amháin "*Foghlaimíonn siad an focal i litriú ní i fhuaimniú."* (Deirdre). Bhí tuairim difriúil ag Gráinne

agus labhair sí faoin nasc a dhéanann sí idir an teanga ó bhéal, fónaic na Gaeilge agus an scríbhneoireacht,

Gráinne: *I think nuair a thosnaíonn tú le scéal…seo an teanga ó bhéal atá ag dul leis, anois táimid chun tabhairt faoi é a léamh agus féach ar na fuaimeanna…céard iad na focail a thosnaíonn le…an mbeifeá in ann pictiúr a tharraingt…*

D'aithin Hickey (2007) nach mbíonn scileanna díchódú, nó anailíse fóinéimí nó graiféimí na Gaeilge á mhúineadh, agus ina áit, baintear úsáid as cur chuigí cosúil le 'focal iomlán' agus 'féach agus abair'. Tá impleachtaí ag cur chuigí mar seo ar dhul chun cinn léitheoireacht Gaeilge an pháiste (Hickey & Stenson, 2011). De réir Hickey agus Stenson (2019), "braitheann líofacht léitheoireachta ar scileanna díchódaithe, agus is gá na scileanna seo a fhorbairt ó na céimeanna is luaithe sa léitheoireacht." (lch. 25).

Do mhúineadh fhónaic agus dhíchódú na Gaeilge, molann an CTB (CNCM, 2019c) an straitéis 'fónaic theanga', is é sin go n-aithnítear fuaimeanna aonaracha i bhfocail iomlána, chomh maith le straitéis fónaic anailíseach ('féach agus abair'), agus fónaic shintéiseach (fuaimeanna aonaracha i bhfocail a aithint agus a chumascú).

Shonraigh rannpháirtí amháin go ndéantar coincheapa na scríbhneoireachta Gaeilge a mhúineadh go mion ón tús ionas gur féidir traschur scileanna a dhéanamh nuair a thosnaíonn scríbhneoireacht sa Bhéarla. Sa chaoi seo, dar léi, thiocfadh traschur scileanna litearthachta níos túisce nuair a thosófar ar an mBéarla. Cuireann an CTB (2019), béim ar thraschur scileanna idir theanga amháin agus teanga eile. Ach de réir an CTB (2019), níl gach scil inaistrithe, agus, "Tá difríochtaí idir an Ghaeilge agus an Béarla, cuir i gcás deilbhíocht, struchtúr

abairtí, agus roinnt ghnéithe den fhóineolaíocht." (lch. 8). Tá sé seo ag teacht le taighde Barnes (2021), a shonraigh go mbíonn deacrachtaí ag páistí uaireanta le fuaimeanna a bhaineann go sainiúil leis an nGaeilge agus nach mbíonn ann sa Bhéarla.

I gcás na scríbhneoireachta, bíonn scileanna díchódaithe úsáideach nuair a bhíonn daltaí ag scríobh abairtí nó scéalta go neamhspleách in dhiaidh dóibh tús a chur le fónaic na Gaeilge. Molann Ó Duibhir agus Cummins (2012) agus Hickey (2007) go ndéantar focail na Gaeilge a iniúchadh trí phátrúin sna bhfocail a aithint agus a aimsiú, mar shampla 'mamaí' agus 'mo <u>mh</u>amaí'.

Iarradh ar rannpháirtithe a dtuairimí a léiriú ar thábhacht scileanna litearthachta na Gaeilge a mhúineadh do pháistí sna ranganna naíonáin. Luadh go bhfuil, "*stíl scríbhneoireachta faoi leith…leis an nGaeilge agus tá sé go hálainn…ceapaim gur fiú é sin a chaomhnú agus é a roinnt leis na páistí."* (Gráinne). Shonraigh múinteoir amháin go gcaithfear a thaispeáint do pháistí gur féidir an teanga a úsáid, agus labhair múinteoir eile gur fiú a thaispeáint do pháistí go mbíonn daoine ag scríobh as Gaeilge.

Aithníodh ó na freagraí go n-aontaíonn formhór na rannpháirtithe go bhfuil bunús ceart ag teastáil chun go mbeidh páistí in ann dul i ngleic le cúrsaí litearthachta na Gaeilge sa todhchaí. Dar le Méabh, "*caithfidh tú iad sin [*scileanna litearthachta*] a mhúineadh ionas gur féidir leo tabhairt faoin léitheoireacht agus an scríbhneoireacht."*

**Conclúid**

Tugadh léargas sa chaibidil seo ar na téamaí agus fo-théamaí a d'eascair ó na hagallaimh agus rinneadh anailís ar na sonraí de réir na téamaí. Is léir ó na torthaí thuas go mbíonn cuid mhór tacaíochta tugtha do pháistí agus iad i mbun

forbairt na scríbhneoireachta, agus go gcuirtear i bhfeidhm tacaíochtaí cosúil le múnlú an mhúinteora, uirlisí scríbhneoireachta agus áiseanna breise, tacaíochtaí do na scileanna oll agus mín luaileacha, agus deiseanna scríbhneoireachta i rith *Aistear*. D'ardaigh na rannpháirtithe go leor réimsí suimiúla, mar shamplaí, tuairimí ar áiseanna litearthachta na Gaeilge, forbairt scil fhisiciúil na scríbhneoireachta, dearcthaí éagsúla ar fhorbairt na luath-scríbhneoireachta, agus múineadh scileanna litearthachta na Gaeilge.

Nochtaíodh cuid de na dúshláin a bhíonn ag múinteoirí naíonáin i SLG ó thaobh cleachtais agus múineadh na scríbhneoireachta de, mar shamplaí cumas na bpáistí labhair na Gaeilge, an bhéim a bhíonn ar mhúineadh theanga ó bhéal na Gaeilge thar scileanna litearthachta eile, agus ganntanas áiseanna scríbhneoireachta as Gaeilge. Pléadh na modhanna agus straitéis gur féidir a chur i bhfeidhm le dul i ngleic leis na dúshlán seo, an phiarfhoghlaim agus úsáid na teicneolaíochta mar shamplaí.

Thug na torthaí le fios go bhfuil réimse de dhearcthaí i measc na múinteoirí ar conas tabhairt faoin luath-scríbhneoireacht i suíomh SLG. Leag na múinteoirí níos mó béime ar scil fhisiciúil na scríbhneoireachta agus forbairt scileanna srianta scríbhneoireachta, cosúil le foirmiú litreacha, ná cleachtais na scríbhneoireachta cruthaithí. Bhí tuairimí na múinteoirí phríomhshrutha ag teacht leis na tuairimí a léirigh an príomhoide agus an múinteoir OS den chuid is mó. Sa chéad chaibidil eile, déanfar plé ar na príomh-thorthaí a tháinig chun cinn atá ag teacht leis na ceisteanna taighde.

# Caibidil a 5. Conclúid

Ba iad príomhaidhmeanna an taighde seo ná chun fiosrú a dhéanamh ar dhearcthaí agus tuiscintí múinteoirí SLG ar fhorbairt na luath-scríbhneoireachta. Bhí sé mar aidhm freisin chun fiosrú a dhéanamh ar na modheolaíochtaí agus cleachtais scríbhneoireachta cruthaithí a bhíonn i bhfeidhm i ranganna naíonáin shóisearacha agus shinsearacha agus ar an tionchar atá ag an suíomh SLG ar chleachtais scríbhneoireachta na ranganna naíonán.

Déantar aibhsiú sa chaibidil seo ar phríomhthorthaí agus phríomhphointí a tháinig chun cinn atá ag teacht leis na ceisteanna taighde. Ina theannta sin, leagtar amach moltaí do chleachtais agus do thaighde a d’eascair as an taighde.

## Achoimre ar na torthaí

Is miontionscadal a bhí anseo agus mar sin ní dhéantar na torthaí a ghinearálú. Ach, tá eolas suimiúla agus moltaí practiciúla ann ag eascairt ó na sonraí a bailíodh.

***Cad iad dearcthaí múinteoirí ar a róil i dtacú le páistí atá i mbun forbairt na luathscríbhneoireachta i dteanga mhionlaigh?***

Tá dearcthaí na múinteoirí sa taighde seo ag teacht le roinnt moltaí an NAEYC (2009), maidir leis an gcaoi a gcruthaítear timpeallacht dhearfach na litearthachta. Go príomha, luadh go ndéantar múnlú ar an scríbhneoireacht, go mbíonn uirlisí scríbhneoireachta ar fáil sna seomraí ranga, agus go mbíonn timpeallachtaí foghlama spreagúla ann.

Tuairiscíodh gur tacaíochtaí ar leibhéal íseal agus cúnamh do scileanna srianta, feasacht prionta agus aibítre mar shamplaí, is mó a bhíonn i bhfeidhm. Luadh go gcuirtear uirlisí scríbhneoireachta agus litearthachta ar fáil do pháistí, agus go gcruthaítear timpeallacht dhearfach i leith na litearthachta trí ligint do

pháistí a bheith ag spraoi le huirlisí scríbhneoireachta agus trí leabhair a chur ar fáil.

Is tacaíochtaí aonair a luadh den chuid is mó, seachas páistí a bheith ag scríobh lena chéile agus ag tabhairt aischothú dá chéile. Den chuid is mó, labhair na rannpháirtithe faoina róil mar phríomh-eiseamláir scríbhneoireachta. Is féidir a áitiú de réir dearcthaí na múinteoirí sa taighde seo gurb í an múinteoir ranga an príomh-oideachasóir do scileanna scríbhneoireachta agus príomh-mhúnla do na páistí. Cé go bhfuil tábhacht leis an ról seo, ní leor don mhúinteoir amháin a bheith mar threoraí don scríbhneoireacht.

Leagtar amach dhá mholadh eile a cuireadh le timpeallacht dhearfach na litearthachta, agus is iad sin, go gcuirtear i bhfeidhm cur chuige próiseas na scríbhneoireachta, agus go nglactar le gach cineál iarracht scríbhneoireachta a dhéanann an pháiste óig (NAEYC, 2009). Ní raibh na tacaíochtaí seo luaite sna hagallaimh chomh minic céanna is a bhí na tacaíochtaí eile thuas. Ach, pléadh go spreagtar na páistí marcanna a dhéanamh ar dtús sula dtosnaítear ar litreacha fhoirmeáilte a scríobh, agus go gcuirtear obair scríofa na bpáistí ar taispeántas sa seomra ranga. Rinneadh cur síos sna hagallaimh ar an tacaíocht a thugtar do scil fhisiciúil na scríbhneoireachta, scil gur féidir a fhorbairt sa dá teanga, Gaeilge agus Béarla.

Ó thaobh timpeallachtaí a chruthú agus áiseanna a chur ar fáil, is áiseanna scoile is mó a luadh, agus níor luadh go gcuirtear áiseanna litearthachta abhaile, rud a chiallaíonn nach gcuirtear an oiread sin béime ar nasc a dhéanamh idir chleachtais scríbhneoireachta ar scoil agus sa bhaile. Is cruthú timpeallachtaí fisiciúil go príomha a luadh, mar shampla áiseanna a chur ar fáil, seachas timpeallachtaí shóisialta ina mbeadh piarfhoghlaim i bhfeidhm.

***Cé na modhanna oideolaíochta a bhíonn i bhfeidhm ag múinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge chun luathscríbhneoireacht agus scríbhneoireacht chruthaitheach an pháiste óig a fhorbairt i dteanga mhionlaigh?***

Sonraíodh go minic sna hagallaimh go mbaintear úsáid as cur chuige foghlaim trí shúgradh sna ranganna naíonán shóisearacha agus shinsearacha le scileanna scríbhneoireachta a mhúineadh. Luadh go mbíonn uirlisí scríbhneoireachta ar fáil agus deiseanna scríbhneoireachta sna stáisiúin ról-imirt le linn *Aistear* mar shampla. Is cur chuige é seo atá molta ag CTB (2019). Tugann sé seo le fios go bhfuil múinteoirí feasach ar na buntáistí a bhaineann le múineadh chomhtháite agus an súgradh chun scileanna litearthachta an pháiste óig a spreagadh.

Den chuid is mó, is cleachtais scríbhneoireachta ranga iomlána a luadh, seachas scríbhneoireacht le piaraí, an cheardlann scríbhneoireachta, nó an scríbhneoireacht ghníomhach. Sonraíodh go mbíonn saorscríbhneoireacht ar bhun i roinnt seomraí ranga, go ndéantar deachtú a chleachtadh, agus go mbíonn stáisiúin litearthachta ar siúl ina mbíonn tacaíocht tugtha don léitheoireacht, scríbhneoireacht agus teanga ó bhéal le cabhair ó dhaoine fásta.

Ó thaobh na saorscríbhneoireachta de, luadh go mbíonn deis ag páistí topaicí scríbhneoireachta a roghnú agus is gné suntasach é sin toisc go bhfuil an-thábhacht le guth agus suimeanna na bpáistí a bheith san áireamh sa phróiseas scríbhneoireachta (Ackerman, 2016). Thug cuid de fhreagraí na rannpháirtithe le fios go mbíonn an scríbhneoireacht ar siúl taobh istigh de bhallaí na seomraí ranga agus nach roinntear na píosaí scríbhneoireachta le lucht féachana, tuismitheoirí nó ranganna eile sna scoileanna, mar shamplaí.

***An léiríonn modhanna oideolaíochta, dearcthaí múinteoirí agus cleachtais scríbhneoireachta luí ar an gcur chuige litearthacht éiritheach?***

Bhí tuiscintí roinnt múinteoirí ar chur chuige an litearthacht éiritheach soiléir sna ráitis ar na cineálacha modheolaíochtaí agus deiseanna scríbhneoireachta a bhíonn i bhfeidhm ina gcuid ranganna. Léirigh ceathrar go mbíonn cleachtais atá ag teacht leis an gcur chuige litearthacht éiritheach i bhfeidhm, go bhfuil nascadh idir scileanna litearthachta, go bhforbraítear iad i gcomhthráth, agus go mbíonn eispéiris spraíúla foghlama i bhfeidhm acu, mar shamplaí.

Léirigh roinnt mhúinteoirí an tuairim go bhfoghlaimíonn páistí faoi scileanna scríbhneoireachta agus an próiseas scríbhneoireachta trí bheith ag spraoi le huirlisí agus a bheith ag scríobh gan aon bhrú. Luadh forbairt na scileann oll agus mín-luaileacha chomh maith, agus na gníomhaíochtaí spraíúla a bhíonn ar bhun sna seomraí ranga le forbairt a dhéanamh ar na scileanna seo, mar shampla súgradh le gaineamh agus lásáil agus snáithiú.

Léirigh cuid de na dearcthaí luí ar mhúineadh traidisiúnta na scríbhneoireachta. Mar shamplaí, luadh múineadh díreach ar scileanna agus go leor réamh-ullmhúcháin ar scileanna sula dtosnaíonn aon chineál scríbhneoireacht. Léirigh beirt go bhfuil meascán idir an dá chur chuige i bhfeidhm, ach thaispeáin duine amháin dóibh claonadh i dtreo na chur chuige ullmhacht chun léitheoireachta. Mar sin, is féidir a áitiú go bhfuil béim as cuimse tugtha do mhúineadh scileanna fisiciúla agus teicniúil na scríbhneoireachta i gcomparáid le scríbhneoireacht le cumarsáid a dhéanamh. Ní raibh béim curtha in aon agallamh ar scríbhneoireacht mar chleachtais shóisialta, nó scríbhneoireacht a dhéanamh chun í a chur os comhair lucht féachana.

***Cén tionchar atá ag an gcomhthéacs sochtheangólaíocht ar an luath-scríbhneoireacht agus an scríbhneoireacht chruthaitheach a chothú sa Ghaeilge?***

Cuirtear an-bhéim ar fhorbairt scileanna teanga ó bhéal agus, mar sin, léiríodh nach gcuirtear an bhéim céanna ar an scríbhneoireacht ná scríbhneoireacht chruthaitheach sna ranganna naíonán. Is féidir a áitiú mar sin go bhfuil tionchar diúltach ag an suíomh SLG agus an tumoideachas ar chleachtais scríbhneoireachta, agus ar an scríbhneoireacht chruthaitheach ach go háirithe. Bhíothas ag súil go mbeadh cumas teanga ó bhéal na bpáistí luaite mar dhúshlán ó thaobh múineadh na scríbhneoireachta de. B’ábhar iontas é an tuairim a léiríodh nach féidir le páistí tabhairt faoin scríbhneoireacht go dtí go bhfuil leibhéal cumas teanga ó bhéal sách maith forbartha acu. Tá an tuairim seo ag teacht leis an dearcadh nach féidir le páistí scríbhneoireacht a dhéanamh go dtí go bhfuil greim cheart acu ar an bpeann luaidhe. Níl na tuairimí seo ag teacht leis an tuiscint go bhfuil comhtháthú idir na scileanna litearthachta, agus go bhforbraítear teanga ó bhéal ag an am céanna le léitheoireacht agus scríbhneoireacht.

In ainneoin seo, léiríodh dearcthaí dearfacha maidir leis an tumoideachais agus ar an dea-thionchar a bhíonn ag tréimhse tumoideachas ar scileanna teanga ó bhéal agus scileanna litearthachta na bpáistí agus iad ag bogadh ó ranganna sóisearacha go ranganna sinsearacha. Sonraíodh go gcuireann an tumoideachas go mór le heispéireas foghlama na bpáistí, an dearcadh a bhíonn acu ar an nGaeilge, agus an traschur scileanna litearthachta a bhíonn idir an Ghaeilge agus an Béarla.

**Moltaí**

Féachfar thíos roinnt moltaí a d’eascair ó thorthaí an taighde seo. Is moltaí iad seo go bh’fhéadfadh a chur i bhfeidhm ag leibhéal na scoile agus ag múinteoirí

aonaracha le tacaíocht a thabhairt do fhorbairt agus múineadh na luath-scríbhneoireachta sna ranganna shóisearacha.

***Áiseanna Úsáideacha***

Go minic, is iad ganntanas áiseanna is mó a chuireann bac ar an scríbhneoireacht agus cúrsaí litearthachta go ginearálta i SLG. Is iomaí áiseanna atá ag teacht ar an bhfód. Mar sin, bheadh na háiseanna seo a leanas úsáideach agus cuimsitheach le dul i ngleic le cúrsaí litearthachta as Gaeilge sna luath-blianta ar scoil.

- Stenson agus Hickey (2019), *Tuiscint ar Litriú na Gaeilge*- treoirlínte do mhúinteoirí ar dhíchódú agus litriú na Gaeilge
- Tugann áis Dunne (2021), *Scéalta den Scoth, Ag cothú fonn léitheoireachta* réimse de leabhair spreagúla as Gaeilge agus gníomhaíochtaí a théann leis na leabhair.
- Tá áiseanna ar fáil ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) (2017), *Gluais go Maith, Gluais go Minic*- treoirlínte don litearthacht fhisiciúil, corpoideachas agus scileanna oll-luaileacha.
- Faoi láthair, tá ábhar scríofa sna seánra scríbhneoireachta agus spreagadh scéalta á gcur le chéile ag COGG faoi láthair agus bheadh na háiseanna seo úsáideach don scríbhneoireacht chruthaitheach.

***Cleachtais Éagsúla Scríbhneoireachta***

Tá dhá scéim ar bhun faoi láthair a thacaíonn leis an nasc idir scéalaíocht agus dul chun cinn na scríbhneoireachta cruthaithí. Is féidir cúnamh agus comhairle a fháil ó scríbhneoirí cónaithe, scéim ón Chomhairle Ealaíon agus Comhairle Ealaíon Thuaisceart na hÉireann (Éigse Éireann, 2021). Oibríonn an scríbhneoir cónaithe in éindí leis an múinteoir ranga agus leis na daltaí trí

cheardlanna scríbhneoireachta agus scéalaíochta, le páistí a spreagadh chun scríbhneoireachta. Tá comhpháirtíocht idir na heagraíochtaí ealaíona, mar shampla Údarás na Gaeltachta, agus scríbhneoirí, údair agus filí áitiúla (Éigse Éireann, 2021).

Ina theannta sin, tá scéim Scríobh Leabhar (Foras na Gaeilge, 2021) ann, atá á reáchtáil i gcomhar le hIonaid Oideachas timpeall na tíre. Spreagtar páistí bunscoile le bheith ag scríobh scéalta i nGaeilge agus foilsítear na scéalta i leabhair. Go hiondúil, is ranganna sinsearacha na bunscoile a bhíonn páirteach sa scéim Scríobh Leabhar ach gan dabht, is féidir páistí na ranganna sóisearacha a spreagadh le scéalta a fhoilsiú i leabhair scoile.

***Tacaíochtaí Breise***

Is iomaí treoirlínte agus ábhair tacaíochta atá ar fáil ó CNCM agus Curaclam Teanga na Bunscoile (2019) ar mhúineadh na litearthachta agus na scríbhneoireachta sna ranganna shóisearacha.

https://www.curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Primary-Language/Resources/Support-Materials/Writing-PLC-Support-Materials.pdf?ext=.pdf

Luaigh an príomhoide san agallamh go bhfuil sé cabhrach do mhúinteoirí freastal ar chúrsaí agus cheardlann le huasoiliúnt a dhéanamh maidir le cúrsaí litearthachta. Bíonn ceardlann agus cúrsaí á reáchtáil ag *Gaeloideachas,* ina dtugtar smaointí agus treoir do mhúinteoirí ar ghnéithe den litearthacht i suíomhanna tumoideachas.

Le nasc a dhéanamh idir an scoil agus an baile, tá áis ag an SFGM a leagan amach treoracha agus gníomhaíochtaí as Gaeilge gur féidir le tuismitheoirí a chur i bhfeidhm sa bhaile.

https://www.pdst.ie/sites/default/files/Learning%20experiences%20at%20home%20Gaeilge-converted.pdf

***Moltaí do Thaighde***

Is iad seo a leanas roinnt mholtaí do thaighde gur féidir a chur i bhfeidhm le plé níos doimhne a dhéanamh ar an ábhar taighde seo.

- Cuirfeadh taighde ar scála níos mó, le sampla de mhúinteoirí ó cheantair éagsúla agus uirlisí taighde éagsúla mar shamplaí, lenár dtuiscintí ar an ábhar a bhí á phlé sa taighde seo.
- D'fhéadfadh taighde ar scála níos mó suíomhanna luath-oideachas, naíonraí mar shampla a chur san áireamh le nasc a dhéanamh idir an bpróiseas aistrithe ón naíonra go dtí an bunscoil.
- Bheadh taighde le tuairimí páistí agus tuismitheoirí spéisiúil le nasc a dhéanamh idir cleachtais scríbhneoireachta sa bhaile agus ar scoil agus na tacaíochtaí a thugann tuismitheoirí don scríbhneoireacht sa bhaile.

# Liosta Tagairtí

Ackerman, S. (2016). Becoming writers in a readers' world: Kindergarten writing journeys. *Language Arts,* 93 (3), 200-212. https://www.jstor.org/stable/24577566

Alexander, P.A. (2005). The path to competence: A lifespan developmental perspective on reading. *Journal of Literacy Research,* 37 (4), 413-436. https://doi.org/10.1207/s15548430jlr3704_1

Agee, J. (2009). Developing qualitative research questions: A reflective process. *International Journal of Qualitative Studies in Education*, 22 (4), 431-447. http://dx.doi.org/10.1080/09518390902736512

Albuquerque, A. agus Alves Martins, M. (2020). Invented spelling activities in kindergarten: The role of instructional scaffolding and collaborative learning. *International Journal of Early Years Education*, 1-18. https://doi.org/10.1080/09669760.2020.1760085

Alderson, P. (2014). The ethics of research with young children, in O. Saracho (ed.), *Handbook of Research Methods in Early Childhood Education: Review of Research Methodologies, Volume II.* https://www.researchgate.net/publication/303751957_Ethics_of_research_with_children

An Chomhairle Náisiúnta um Curaclaim agus Measúnachta. (2009). Aistear: Prionsabail agus téamaí: http://www.ncca.biz/Aistear/pdfs/PrinciplesThemes_ENG/PrinciplesThemes_ENG.pdf

An Chomhairle Náisiúnta um Curaclaim agus Measúnachta. (2019a). *Curaclam Teanga na Bunscoile: Ábhar tacaíochta do mhúinteoirí- Scríbhneoireacht* https://www.curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Primary-Language/Resources/Support-Materials/Writing-PLC-Support-Materials.pdf?ext=.pdf

An Chomhairle Náisiúnta um Curaclaim agus Measúnachta. (2019b). *Curaclam Teanga na Bunscoile: Ábhar tacaíochta do mhúinteoirí- Ábhartha trasna snáitheanna go léir. https://curriculumonline.ie/getmedia/c81ff35c-04d4-4b61-8c1e-e2ce28629577/PLC-Support-Materials_All-Strands-GAE.pdf*

An Chomhairle Náisiúnta um Curaclaim agus Measúnachta. (2019c). *Curaclam Teanga na Bunscoile: Ábhar tacaíochta do mhúinteoirí-Fónaic* https://curriculumonline.ie/getmedia/38ce5f71-b738-4877-8140-f10a84bc786f/Fonac.pdf

Andersson, S., Sandberg, G., agus Garpelin, A. (2019). To teach writing: Teachers' perspectives on how to promote children's writing development in the Swedish preschool class. *Nordic Journal of Literacy Research,* 5 (2), 23-38. http://dx.doi.org/10.23865/njlr.v5.1460

An Phríomh-Oifig Staidrimh. (2017). *Daonáireamh 2016- Próifíl 10 Oideachas, Scileanna agus an Ghaeilge.* https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cp10esil/p10esil/gag/

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2012). *Guidance for developing ethical research projects involving children. https://aran.library.nuigalway.ie/bitstream/handle/10379/6493/OMCYA_Ethics_Guidance.pdf?sequence=1&isAllowed=y*

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999). *Curaclam na bunscoile*. Baile Átha Cliath, Éire. Oifig an tSoláthair

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011). *An straitéis náisiúnta chun litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú i measc leanaí agus daoine óga 2011- 2020.* https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Eolas/Litearthacht-agus-Uimhearthacht/lit_num_strat_ir.pdf

An Roinn Oideachas agus Scileanna (2019). *Curaclam teanga na bunscoile.* Baile Átha Cliath, Éire: Oifig an tSoláthair

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (2015). *An cur chuige cothromaithe i leith na litearthachta i mbunranganna na bunscoile: Treoir SNSO (NEPS) don dea-chleachtas.* https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Seirbh%C3%ADs%C3%AD/An-tSeirbh%C3%ADs-N%C3%A1isi%C3%BAnta-S%C3%ADceola%C3%ADochta-Oideachais-NEPS-/neps_balanced_approach_literacy_resource_ir.pdf

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (2017). *Gluais go maith, gluais go minic: An dalta ag a bhfuil inniúlacht fhisiciúil a fhorbairt ó thaobh scileanna bunghluaiseachta de.* https://www.scoilnet.ie/fileadmin/user_upload/Gluais_go_Maith__Gluais_go_Minic_-_La__n_Gaeilge.pdf

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (n.d.). *Eispéiris foghlama chun tacú le dul chun cinn na Gaeilge sa bhaile.*

https://www.pdst.ie/sites/default/files/Learning%20experiences%20at%20home%20Gaeilge-converted.pdf

Archibald, M. M., Ambagtsheer, R. C., Casey, M. G. agus Lawless, M. (2019). Using zoom videoconferencing for qualitative data collection: Perceptions and experiences of researchers and participants. *International Journal of Qualitative Methods,* 18, 1-8. https://doi.org/10.1177/1609406919874596

Atkins, L. agus Wallace, S. (2015). Insider research. In L. Atkins agus S. Wallace (Eds.), *Qualitative Research in Education* (47-54). https://dx.doi.org/10.4135/9781473957602

Barnes, E. (17 Mí na Samhna, 2021). *Fóineolaíocht agus litearthacht. Straitéisí praiticiúla leis an fheasacht fóineolaíochta agus scileanna litearthachta a fhorbairt sna bunranganna.* https://gaeloideachas.ie/wp-content/uploads/2020/11/20.11.17-An-fheasacht-f%C3%B3ineola%C3%ADochta-agus-scileanna-luathlitearthachta2-1-1.pdf

Bauer, E. B. (2019). Kindergartener's writing in a dual-language classroom. *Language Arts*, 96 (4), 213-223. https://lead.nwp.org/wp-content/uploads/2020/06/LA0964Mar19Kindergartners.pdf

Basit, T.N. (2010). *Conducting research in educational contexts.* Londain: Continuum International Publishing Group.

Bay, N. (2014). The effect of supporting questions on children's emergent writing skills. *Educational Research and Reviews,* 9 (20), 991-1001. https://doi.org/10.5897/ERR2014.1836

Bell, J., & Waters, S. (2014). *Doing your research project: A guide for first-time researchers: Vol. sixth edition*. McGraw-Hill Education.

Bialystok, E. (2009). Bilingualism: The good, the bad, and the indifferent. *Cambridge Journals,* 12 (1), 3-11. https://doi/org/10.1017/S1366728908003477

Bingham, G. E. agus Hall-Kenyon, K.M. (2013). Examining teachers' beliefs about and implementation of a balanced literacy framework. *Journal of Research in Reading,* 36 (1), 14-28. https://doi.org/10.1111/j.1467-9817.2010.01483.x

Bingham, G.E., Quinn, M.F. agus Gerde, H.K. (2017). Examining early childhood teachers' writing practices: Associations between pedagogical supports and children's writing skills. *Early Childhood Research Quarterly,* 39, 35-46. https://doi.org/10.1016/j.ecresq.2017.01.002

Bodrova, E. agus Leong, D.J. (2006). Vygotskian perspectives on teaching and learning early literacy. In D.D. Dickinson & S.B. Neuman (Eds.), *The Handbook of Early Literacy Research* (volume 2. ed., p. 243- 256). Guilford Press.

Braun, V. agus Clarke, V. (2006). Using thematic analysis in psychology. *Qualitative Research in Psychology,* 3, 77-101. https://doi.org/10.1191/1478088706qp063oa

Braun, V. agus Clarke, V. (2012). Thematic Analysis. In H. Cooper (Ed.) *APA Handbook in Research Methods in Psychology* (vol. 2, ed., 57-71). https://doi.org/10.1037/13620-004

Byington, T. A. agus Kim, Y. (2017). Promoting preschooler's emergent writing. *YC Young Children,* 72 (5), 74-82. https://www.jstor.org/stable/10.2307/90015861

Calkins, L. agus Ehrenworth, L. (2016). Growing extraordinary writers: Leadership decisions to raise the level of writing across a school and a district. *The Reading Teacher*, 70 (1), 7-18. https://doi.org/10.1002/trtr.1499

Chen, S. agus Zhou, J. (2010). Creative writing strategies of young children: Evidence from a study of Chinese emergent writing. *Thinking Skills and Creativity*, 5, 138-149. https://doi.org/10.1016/j.tsc.2010.09.002

Clausen, S. B. (2015). Schoolification of early years democracy? A cross-curricular perspective from Denmark and England. *Contemporary Issues in Early Childhood*, 16 (4), 355-373. https://doi.org/10.1177/1463949115616327

Coates, E. agus Coates, A. (2015). The essential role of scribbling in the imaginative and cognitive development of young children. *Journal of Early Childhood Literacy*, 0 (0), 1-24. https://doi.org/10.1177/1468798415577871

Cohen, L. Manion, L. agus Morrison, K. (2011). *Research Methods in Education.* New York: Routledge

Comber, B. (2011). Critical literacy in the early years: Emergence and sustenance in an age of accountability. In J. Larson & J. Marsh (Eds.) *Handbook of Research in Early Childhood Literacy* (pp. 587-601).

Concannon- Gibney, T. (2019). *Teaching essential literacy skills in the early years classroom: A guide for students and teachers.* Abingdon, Oxon: Routledge

Cregan, A. (2013). Tilting the balance: Tensions in literacy teaching. In K. Willoughby, B. Culligan, A. Kelly & G. Mehigan (Eds.). *Literacy research to classroom practice: Insights and inspirations (Proceedings of the 2012 annual*

*conference of the reading association of Ireland),* (pp.14-22). Reading Association of Ireland.

Creswell, J. W. (2013). *Qualitative inquiry and research design: Choosing among five approaches* (3rd ed.). Thousand Oaks, CA: Sage Publications.

Culham, R. (2014). *The writing thief: Using mentor texts to teach the craft of writing.* Stenhouse Publishers.

De Brún, J. (2007). *Leabhair Ghaeilge do pháistí.* An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/leabhair-ghaeilge-do-phaisti.pdf

De Búrca, C. (2008). *Na gaelscoileanna: An chuach sa nead* (Tráchtas neamhfhoilsithe do mháistreacht i gcleachtas dátheangach). https://gaeloideachas.ie/is-taighdeoir-me/cartlann-taighde/?lang=ga

Dennis, L. agus Votteler, N. (2012). Preschool teachers and children's emergent writing: Supporting diverse learners. *Early Childhood Education Journal,* 41, 439–446. https://doi.org/10.1007/s10643-012-0563-4

Denscombe, M. (2014). *The Good Research Guide: For Small-scale Research Projects: Vol. Fifth edition*. McGraw-Hill Education.

Dunne, C. M. (le teacht) Éabhlóid ar chúrsaí grinn i ngreannáin na hóige. In Nic Eoin, M., Markus, R., agus Ó Conchubair, B. (Eagí), *Teideal le deimhniú* (lgh le deimhniú). Cló Iar-Chonnacht.

Dunne, C. (2020a). *Learning and teaching Irish in English-medium schools part 1: 1878-1971.* An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

https://ncca.ie/media/4796/learning-and-teaching-irish-in-english-medium-schools-1878-1971-part-1.pdf

Dunne, C. (2020b). *Learning and teaching Irish in English-medium schools part 2: 1971-present.* An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. https://ncca.ie/media/4797/learning-and-teaching-irish-in-english-medium-schools-1971-present-part-2.pdf

Dunne, C.M. (2021). *Scéalta den scoth: Ag cothú fonn léitheoireachta.* https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/LEAGAN-DEIREANACH-A4-web.pdf

Dunne, C. M. agus Hickey, T. (2017). Roghanna agus cleachtais léitheoireachta an aosa óig. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/cleachtais-agus-roghanna-leitheoireachta-an-aosa-oig.pdf

Dunne, C. M. agus Ní Fhaoláin, C. (2020). Getting parents reading: Supporting Irish reading at home. In Mehigan, G. and M. Wilson (Ed), *Literacy without borders. Engaging literacy learners in diverse settings,* (pp.120-133). Literacy Association of Ireland.

Éigse Éireann (2021). *Writers in residence: Republic of Ireland and Northern Ireland. https://www.poetryireland.ie/education/writers-in-residence/*

Elbow, P. (2004). Writing first! Educational Leadership, 62 (2), 9–13. http://educationalleader.com/subtopicintro/read/ASCD/ASCD_379_1.pdf

Foras na Gaeilge. (2021). *Scríobh leabhar*: https://www.forasnagaeilge.ie/breis-agus-7000-udar-og-pairteach-in-scriobh-leabhar-2018-19-2/

French, G. (2013). Early literacy and numeracy matters. *Journal of Early Childhood Studies, OMEP*. 7, 31-45. https://omepireland.ie/wp-content/uploads/2019/08/An-Leanbh-Og-Vol-7-2013.pdf#page=39

Gaeloideachas. (2019). *Staitisticí*. https://gaeloideachas.ie/is-taighdeoir-me/staitistici/?lang=ga

Genesee, F. (2015). Myths about early childhood bilingualism. *Canadian Psychology/Psychologie Canadienne*, 56(1), 6. https://doi.org/10.1002/9780470757833.ch16

Gerde, H. K., Bingham, G. E. agus Wasik, B. A. (2012). Writing in early childhood classrooms: Guidance for best practices. *Early Childhood Education Journal*, 40, 351-359. https://doi.org/.1007/s10643-012-0531-z

Gerde, H. K., Wright, T. S. agus Bingham, G. E. (2019). Preschool teachers' beliefs about instruction for writing. *Journal of Early Childhood Education*, 40 (4), 326-351. https://doi.org/10.1080/10901027.2019.1593899

Giles, R. M. agus Tunks, K. (2015). Teacher's thoughts on teaching reading: An investigation of early childhood teachers' perceptions of literacy acquisition. *Early Childhood Education Journal*, 45, 523-530. https://doi.org/10.1007/s10643-014-0672-3

Glogowska, M., Young, P. agus Lockyer, L. (2011). Propriety, process and purpose: Considerations of the use of the telephone interview method in an educational setting. *Higher Education*, 62, 17- 26. https://doi.org/10.1007/s10734-010-9362-2

Graham, S. (2018). Handwriting instruction: A commentary on five studies. *Reading and Writing*, 31, 1367-1377. https://doi.org/10.1007/s11145-018-9854-5

Graham, S., Bollinger, A., Booth Olson, C., D'Aoust, C., MacArthur, C., McCutchen, D. agus Olinghouse, N. (2012). *Teaching elementary school students to be effective writers: A practice guide* (NCEE 2012-4058). Washington, DC: National Center for Education Evaluation and Regional Assistance, Institute of Education Sciences, U.S. Department of Education. https://files.eric.ed.gov/fulltext/ED533112.pdf

Gray, L, M., Wong-Wylie, G., Rempel, G. R. agus Cook, K. (2020). Expanding qualitative research interviewing strategies: Zoom video communications. *The Qualitative Report*, 25 (5), 1292-1301. https://doi.org/10.46743/2160-3715/2020.4212

Greaney, V. (1978). Trends in attainment in Irish from 1973 to 1977. *The Irish Journal of Education/Iris Éireannach an Oideachais*, 12 (1), 22-35. https://www.jstor.org/stable/30077264

Greene, M. J. (2014). On the inside looking in: Methodological insights and challenges in conducting qualitative insider research. *The Qualitative Report*, 19 (29), 1-13. http://www.nova.edu/ssss/QR/QR19/greene15.pdf

Håland, A., Hoem, T.F. agus McTigue, E.M. (2018). Writing in first grade: The quantity and quality of practices in Norwegian classrooms. *Early Childhood Education Journal*. https://doi.org/10.1007/s10643-018-0908-8

Hamer, J. (2010). Should critical literacy be a part of early childhood education in New Zealand? *He Kupo: The Word*, 2 (3), 16-27.

https://www.hekupu.ac.nz/article/should-critical-literacy-be-part-early-childhood-education-new-zealand

Harris, J., Golinkoff, R., & Hirsh-Pasek, K. (2011). Lessons from the crib for the classroom: How children really learn vocabulary. In S. B. Neuman, & D. K. Dickinson (Eds.), *The Handbook of Early Literacy Research* (volume 3 ed., pp. 49-65) Guildford Press.

Hayes, N., O'Toole, L., & Halpenny, A. (2017). Introducing Bronfenbrenner: A guide for practitioners and students in early years education. London: Routledge

Hedges, H. agus Cooper, M. (2008). Relational play-based pedagogy: Theorising a core practice in early childhood education. *Teachers and Teaching: Theory and Practice,* 24 (4), 369-383. https://doi.org/10.1080/13540602.2018.1430564

Hickey, T.M. (1991). Leisure reading in a second language: An experiment with audio tapes. *Language, Culture and Curriculum*, 4 (2), 119-132. https://doi.org/10.1080/07908319109525098

